Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council

# Plean Forbartha Contae Lú 2021-2027 Comhdhlúite



## Imleabhar 2

- Bailte Féinchothabhálacha
- Bailte Beaga & Sráidbhailte
- Nóid Tuaithe
- Crois Eacnamaíoch / Gnó Chorr an Charnain

Áirítear sa leagan comhdhlúite seo leasuithe a bhaineann le hAthrú Uimh. 1

PLEAN FORBARTHA CHONTAE LÚ 2021-2027

# CARLINN

## IMLEABHAR 2

BAILTE FÉINCHOTHABHÁLACHA

COMHDHLÚITE

# 1 Cairlinn

## 1.1 Comhthéacs/Carachtar an Bhaile

Is lonnaíocht chósta é Cairlinn atá suite thart ar 28km ó Dhún Dealgan, 6km ó Ó Méith agus 10km ón teorainn le Tuaisceart Éireann.

Is baile meánaoiseach é a bhfuil cáil air mar gheall ar a oidhreacht nádúrtha agus thógtha éagsúil agus shaibhir atá aige. Tagann briocht Chairlinn óna lonnaíocht gheografach atá laistigh den Limistéar Ardscéimhe agus a chóngaracht le Limistéar Sáráilleachta Nádúrtha. Tá sé suite ar chósta Loch Cairlinn agus mar chúlra aige tá Sléibhte Chuaille. Tá leagan amach meánaoiseach Chairlinn lena shainchomhartha tíre mar chuid lárnach dá charachtar. Is é lonnaíocht Chairlinn agus a chuid staire a dhéanann an baile uathúil.

Tá bealach isteach ó thuaidh den bhaile lán le radhairc oscailte de na Beanna Boirche agus Loch Cairlinn san oirthear agus talamh sléibhtiúil garbh le claíocha cloch san iarthar. Éiríonn an bóthar poiblí caol ar an mbealach isteach ar Dhroichead Rí John agus cuireann Caisleán Rí John fáilte thaitneamhach ar fáil. Ar an mbealach isteach anoir dheas tá radhairc áille de Loch Cairlinn agus de na Beanna Boirche.

Tá Cairlinn ag cur siopaí, bialanna, óstáin, agus tithe tábhairne ar fáil atá suite go príomha thart ar an gcearnóg agus ar na sráideanna máguaird.

**Tábla 1.1: Léargas Lonnaíochta**

| Léargas Lonnaíochta | |
|---|---|
| **Suíomh i nGrádlathas Lonnaíochta** | Baile Féinchothabhála |
| **Daonra 2016** | 1,445 |
| **Daonra 2011** | 1,045 |
| **Athrú Céatadáin 2011-2016** | 38.3 % |
| **Stoc Tithíochta 2016** | 840 |
| **Aonaid Chónaithe a bronnadh ó 2015** | 4 |
| **Leithdháileadh Tithíochta 2021-2027** | 50 aonad |
| **Réamh-mheastachán 2027** | 1,645 |
| **Áiseanna Oideachais** | Scoil Náisiúnta Naomh Oliver |
| **Áiseanna Pobail** | Ionad Halla Naomh Mhichíl |
| **Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA)** | ACA Chairlinn |
| **Déanmhas Cosanta** | 54 |
| **Crios Acmhainn Seandálaíochta (ZAP)** | Is ea |
| **Radharcanna agus Ionchais** | Is ea |
| **Cóngaracht do Láithreáin Eorpaigh** | SPA Loch Cairlinn<br>SAC Chósta Chairlinn<br>SAC Shliabh Chairlinn |

| Léargas Lonnaíochta | |
|---|---|
| **Measúnú Riosca Straitéiseach i gCás Tuilte** | Criosanna Tuilte A & B ag áiteanna éagsúla ar feadh na lonnaíochta agus le fad na sruthanna a théann isteach go dtí an lonnaíocht.<br>Riosca tuilte a bhainistiú agus é a fhorbairt de réir Phlean Riosca Bainistíochta i gCás Tuilte Neagh Bann agus i gcomhréir le Cuspóirí Beartais atá leagtha amach in Imleabhar 1 Caibidil 10: Fóntais<br>Tá maoiniú le dáileadh ar LCC chun scéim Faoiseamh ó Thuilte Chairlinn agus an Ghrianfoirt a chur i bhfeidhm agus atá ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí ar é a chríochnú a bheidh i saolré an Phlean seo. |
| **Bonneagar/Acmhainn Seirbhísí Uisce** | Tá Cairlinn suite laistigh de Chrios Acmhainn Uisce Chnoc Cabháin agus Tuaisceart Lú a raibh cainníocht ar fáil ag am scríofa.<br>Bhí cainníocht ar fáil i gCóras Cóireála Fuíolluisce Chairlinn ag am scríofa. |

## 1.2 DEISEANNA

- Forbairt ar an mbaile mar cheann scríbe turasóireachta inbhuanaithe a rachaidh chun tairbhe do chónaitheoirí agus do chuairteoirí araon.
- Neartódh soléiteacht idir an cuan agus an limistéar meánaoiseach lárnach an chuid uirbeach den bhaile.
- Athchóiriú íogair agus athúsáid fhoirgnimh stairiúla agus dúchasacha chun caomhnú na dtréithe a bhaineann leis an mbaile a chinntiú.
- Cur le sráideanna agus spásanna laistigh den bhailedhreach stairiúil le ballaí a nascann leis an gCearnóg Mhargaidh.
- Dul i ngleic le ceist an bhrú tráchta trí phlean bainistíochta tráchta a fhorbairt agus spás páirceála a aithint laistigh d'achar siúlóide ó lár an bhaile.

## 1.3 STRAITÉIS MAIDIR LE HÚSÁID TALÚN

Lorgaíonn an straitéis maidir le húsáid talún do Chairlinn cur le láidreachtaí an bhaile agus ómós áite uathúil a chruthú do chónaitheoirí áitiúla agus do chuairteoirí araon.

Bainfear an méid sin amach trí chóireáil íogair d'fhorbairt inlíonta agus caomhnú na bpríomhfhoirgneamh tábhachtacha go háirithe laistigh den Limistéar Caomhantais Ailtireachta. Tabharfar tacaíocht i gcónaí do dheiseanna chun acmhainn turasóireachta an bhaile a neartú.

## 1.4 LONNAÍOCHT AGUS TITHÍOCHT

Bhí forbairt chónaithe shuntasach i gCairlinn sna 1990idí agus go luath sna 2000idí go príomha thoir theas agus thoir i lár an bhaile.

Le blianta beaga anuas, tá teorainn le forbairt chónaithe, agus an bhéim dírithe ar athfhorbairt agus forbairt inlíonta seachas forbairt úrnua.

Leanfaidh an Plean seo ag cur beartas comhdhlúthaithe chun cinn laistigh de lorg an bhaile.

Léirigh daonáireamh 2016 go raibh 14.1% d'aonaid áitribh folamh ar oíche an daonáirimh. Ba é seo an ráta ab airde d'aon lonnaíocht sa Chontae agus is léargas ar chaighdeán na dtithe atá mar áit chónaithe thánaisteach/saoire laistigh den bhaile.

## 1.5 GEILLEAGAR AGUS FOSTAÍOCHT

Tá Cairlinn aitheanta mar ionad miondíolaíochta ar Leibhéal 4 i nGrádlathas Miondíola an Chontae. Tá aonaid tráchtála, miondíoltóireachta agus seirbhísí miondíoltóireachta suite go príomha i gcóngar Chearnóg Mhargaidh agus áirítear siopaí, tithe tábhairne, bialanna, agus caiféanna, cógaslanna, búistéirí, siopaí ealaíne agus ceardaíochta, agus ionaid mearbhia.

Tá cóimheas Poist: Fórsa Oibre de 0.81 atá ar an gcóimheas is airde de gach Baile Féinchothabhálach agus atá níos airde ná an meán don Chontae (0:71). Is é an earnáil turasóireachta agus fáilteachais ceann de na hearnálacha fostaíochta is bunúsaí ar an mbaile.

Tá sé aitheanta chomh maith go bhfuil gairmeacha ann a mbíonn na fostaithe ag obair ó bhaile.

Maidir le soláthar áiseanna d'obair chomhionaid agus moil dhigiteacha i gCairlinn, chuirfeadh an méid sin socruithe oibre solúbtha ar fáil chun freastail ar riachtanais ghnólachtaí agus ar na fostaithe bonn áitiúil a bheith ar fáil dóibh.

Agus cónaitheoirí agus cuairteoirí a spreagadh airgead a chaitheamh go háitiúil, spreagfaidh an Chomhairle úsáid a bhaint as teicneolaíocht chliste chun tacú le gnólachtaí áitiúla agus iad a chur chun cinn, sampla é an 'Village Pod' atá mar Aip a chuireann íocaíocht leictreonach ar fáil do ghnólachtaí áitiúla.

## 1.6 TURASÓIREACHT

Is ceann scríbe tábhachtach é Cairlinn sa cheantar Thoir Thuaidh agus é lonnaithe go tarraingteach, i leagan amach meánaoiseach le hoidhreacht shaibhir.

Chomh maith leis na sráideanna stairiúla agus na tírdhreacha nádúrtha, tá éileamh ar an mbaile le haghaidh imeachtaí áitiúla, féilte agus gníomhaíochtaí allamuigh. Mar gheall ar na feabhsúcháin ar Bhealach na Tána, Lúb Shliabh Feá agus Bearna Mhaedhbh, tá dul chun cinn déanta ar na deiseanna siúlóide agus fánaíochta sa cheantar máguaird.

Leanfaidh an Plean seo ag tacú le forbairt turasóireachta trí chaipitliú a dhéanamh ar shócmhainní oidhreachta reatha agus na conairí oidhreachta a chur chun cinn.

Go fadtéarmach, tá sé beartaithe go sínfidh Glasbhealach Mór an Oirthir ón Iúr go Dún Dealgan trí Bhaile an Teampaill agus an Grianfort. Tá suíomh an bhaile le fad Chairlinn go hÓ Méith ar an nGlasbhealach mar shócmhainn turasóireachta agus áineasa tábhachtach.

Cuirfidh feabhsúcháin ríocht phoiblí ar an gcalafort éadan le huisce go mór le nascacht idir an Glasbhealach agus lár an bhaile a mheallfaidh níos mó daoine go lár meánaoiseach an bhaile. Is dócha go dtiocfaidh méadú ar líon na gcuairteoirí chuig an mbaile agus beidh ról na turasóireachta ag neartú i bhforbairt gheilleagrach an bhaile tar éis an Glasbhealach a chomhlánú.

Mar gheall ar Bhád Farantóireachta Loch Cairlinn a oibríonn idir an Grianfort agus Caisleán an Ghrianáin tá rochtain níos fearr ag turasóirí ó Thuaisceart Éireann ar Chairlinn.

Laistigh den bhaile, tá réimse leathan lóistín ar fáil do dhaoine aonaracha agus do ghrúpaí lena n-áirítear óstáin, tithe leaba agus bricfeasta, tithe aíochta agus iostas féinfhreastail. Tá sé aitheanta go bhfuil gá le soláthar lóistín turasóireachta a bhainistiú agus ag an am céanna fóntais na gcónaitheoirí reatha a chosaint.

## 1.7 Bonneagar Seirbhísí Uisce

Tá an bonneagar seirbhísí uisce seo a leanas i gCairlinn:

**Uisce**: Faigheann Cairlinn an t-uisce ó Chrios Acmhainn Uisce Chnoc Cabháin agus Thuaisceart Lú, a raibh cainníocht ar fáil ag am scríofa.

**Fuíolluisce**: Déantar uisce bréan a chóireáil i gcóras cóireála fuíolluisce Chairlinn, a raibh cainníocht ar fáil ag am scríofa.

## 1.8 Gluaiseacht

Tá Cairlinn nasctha leis na bailte cósta Ó Méith agus an Grianfort ar an R176 agus an R173. Ó tharla go bhfuil éileamh ar Chairlinn mar cheann scríbe turasóireachta tá níos mó brú ar thrácht agus ceannas carranna, go háirithe le linn buaicamanna turasóireachta.

Tá cuspóir ag an gComhairle le fada Plean Bainistíochta Tráchta a fhorbairt. Meastar freisin go ndéanfadh soláthar carrchlós laistigh de shiúlóid ghearr ó lár an bhaile fadhbanna tráchta a laghdú go suntasach. Tá áit(eanna) fheiliúnach do charrchlós le haithint go fóill.

Cabhróidh na bearta seo le dul i ngleic le dearcadh diúltach féideartha de Chairlinn mar áit a mbíonn dubh le daoine le linn bhuaicshéasúr turasóireachta.

Tá bealaí éagsúla siúlóide agus rothaíochta sa cheantar máguaird den bhaile lena n-áirítear Glasbhealach Mór an Oirthir, Bealach na Tána, Lúb Shliabh Feá agus Bearna Mhaedhbh.

Oibríonn Bus Éireann líon seirbhísí teoranta go Dún Dealgan agus an tIúr ar bhonn laethúil. Cuireann seirbhís Nasc Áitiúil Lú seirbhís dhá uair sa tseachtain ar fáil idir Cairlinn agus Dún Dealgan.

## 1.9 Oidhreacht Nádúrtha

Tá tírdhreach sárálainn agus tarraingteach thart ar Chairlinn. Tá dhá Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta ann: Cladach Chairlinn (2306) agus Sliabh Chairlinn (0453), agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta amháin: Loch Cairlinn (4078) sa cheantar máguaird.

Tá líon radhairc straitéiseacha agus áitiúla laistigh agus thart ar Chairlinn, atá mar fhoinse speisialta thaitneamhachta agus meastar gur fiú iad a chosaint. Tá a gcuid suíomhanna léirithe ar an Léarscáil Ilchodach.

Tá an spás oscailte poiblí in aice leis an oifig thurasóireachta aitheanta chun cur le ríocht phoiblí.

Ina theannta sin, tá líonra de chlampaí crann agus fál sceach i gCairlinn, atá aitheanta mar fhoinse speisialta thaitneamhachta.

## 1.10 OIDHREACHT THÓGTHA

Is baile meánaoiseach é Cairlinn le ballaí mórthimpeall air a tógadh sa 13ú céad. Tá na lánaí agus na sráideanna caola ar leith sainiúil dá leagan amach meánaoiseach a chuireann leis an gcarachtar uirbeach den bhaile sa lá atá inniu ann. Ar cheann de na dúshláin i bhforbairt an bhaile tá na sócmhainní oidhreachta a chaomhnú agus a bhainistiú chun cur ar a chumas a acmhainn turasóireachta a fhíorú. Is léir an tábhacht stairiúil a bhaineann leis an mbaile trí Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA), Crios d'Acmhainn Seandálaíochta (ZAP), 54 Struchtúr atá faoi chosaint, 2 Shéadchomhartha Náisiúnta, agus líon suntasach d'fhoirgnimh dhúchasacha nach bhfuil liostaithe a aithint. Tá liosta de na Struchtúir atá faoi chosaint i gCairlinn i dTábla 1.2.

Cuirtear go mór le féiniúlacht Chairlinn mar gheall ar Chaisleán Taffe, an Mint agus foirgnimh dhaingnithe cosúil leis an Tholsel agus Caisleán Rí John mar aon leis an bpatrún sráide meánaoiseach. Léiríonn Séipéal na Tríonóide Naofa agus fothracha na Mainistreach Doiminiceach an tionchar eaglasta ar an lonnaíocht san am a caitheadh.

Tá oidhreacht iarnróid thábhachtach ag Cairlinn freisin a théann siar go hiarnród Dhún Dealgan, an Iúir agus an Ghrianfoirt.

Maidir le húsáid na talún ó thuaidh de Chaisleán Rí John agus athchóiriú an Mhuilinn agus forbairt ar an bpáirc phoiblí in aice láimhe, cuirfidh sé go mór le spás oscailte breise mar aon le tréscaoilteacht coisithe a fheabhsú.

**Tábla 1.2: Struchtúir atá faoi Chosaint i gCairlinn**

| Uimhir Aitheantais | Ainm an Struchtúir |
|---|---|
| LHS 005-006 | Caisleán Rí John c1210 |
| LHS 005-007 | Caisleán Taafe go deireanach sa 16ú céad |
| LHS 005-008 | IarTheach Ceann Tuí c1770 |
| LHS 005-009 | Teach Tábhairne O'Hare/Anchor c1830 |
| LHS 005-010 | Teach an Mint Tower c16ú |
| LHS 005-011 | Teach Chairlinn, Abbeyview c1800 |
| LHS 005-012 | An Tholsel c1450 |
| LHS 005-014 | Ionad Oidhreachta na Tríonóide Naofa (iar Eaglais na hÉireann) 1821 |
| LHS 005-015 | Teach Ghan C19ú ath-thógáil de theach 1727 |
| LHS 005-016 | Mainistir Doiminiceach (Fothrach) |
| LHS 005-017 | Droichead Iarnróid 1872 |
| LHS 005-018 | Teach, Sráid an Iúir c1870 |
| LHS 005-019 | Stiúideo Gruaige Allure, Sráid an Iúir c1870 |
| LHS 005-020 | Teach Marian, Sráid an Iúir c1920 |
| LHS 005-021 | Teach, Sráid an Iúir c1880 |
| LHS 005-022 | Teach, Sráid an Iúir c1870 |
| LHS 005-023 | Teach, Sráid an Iúir c1870 |
| LHS 005-024 | Teach, Sráid an Iúir c1870 |

| Uimhir Aitheantais | Ainm an Struchtúir |
|---|---|
| LHS 005-026 | Ceol na Mara, Sráid an Iúir - Teach c1920 |
| LHS 005-027 | Tobar, Sráid an Iúir c1860 |
| LHS 005-028 | Teach The Anchorage, Cnoc an Chaisleáin c1860 Sráid an Iúir c1870 |
| LHS 005-029 | Teach, Back Lane c1820 |
| LHS 005-030 | Castle View, Teach, Back Lane c1820 |
| LHS 005-031 | Teach, Back Lane c1860 |
| LHS 005-032 | The Spout, Back Lane Tobar c1830 |
| LHS 005-033 | Ballaí, Lána na hAbhanna c1800 |
| LHS 005-035 | Mountain View - Teach c1860 |
| LHS 005-037 | Kingfisher Bistro, Warehouse, Sráid Dhún Dealgan c1820 |
| LHS 005-039 | Teach, Sráid Dhún Dealgan c1800 |
| LHS 005-040 | Teach, Sráid Dhún Dealgan c1800 |
| LHS 005-041 | Teach, Sráid Dhún Dealgan c1800 |
| LHS 005-042 | Teach, Sráid Dhún Dealgan c1910 |
| LHS 005-043 | Teach, Sráid Dhún Dealgan c1910 |
| LHS 005-044 | Teach Tábhairne The Abbey, Sráid Dhún Dealgan c1890 |
| LHS 005-045 | Mill Race, Sráid Dhún Dealgan c1650 |
| LHS 005-046 | Séipéal Naomh Mhichíl (Caitliceach Rómhánach) 1870 |
| LHS 005-047 | Oifig an Phoist c1880 |
| LHS 005-048 | Teach an tSagairt c1920 |
| LHS 005-049 | An Oifig Thurasóireachta IarStáisiún Iarnróid 1876 |
| LHS 005-050 | Cé/Lamairne c1850 |
| LHS 005-051 | Cé/Lamairne c1840 |
| LHS 005-052 | Teach, Sráid Halla an Bhaile c1760 |
| LHS 005-053 | Teach bád c1870 |
| LHS 005-054 | Teach, Sráid an Iúir c1750 |
| LHS 005-055 | Teach, Sráid an Iúir c1750 |
| LHS 005-056 | Teach na Cúirte/Leabharlann Chairlinn, Sráid an Iúir c1935 |
| LHS 005-057 | Séipéal Preispitéireach Chairlinn, Sráid an Iúir 1869 |
| LHS 005-058 | Halla Naomh Mhichíl, Sráid an Iúir 1925 |
| LHS 005-059 | Stáisiún na nGardaí i gCairlinn, Sráid an Iúír 1848 |
| LHS 005-061 | Teach, Sráid Halla an Bhaile c1780 |
| LHS 005-062 | Siopa Éadaigh McArdles, Sráid an Iúir c1780 |
| LHS 005-063 | Teach na nOibritheoirí c1780 |
| LHS 005-064 | Teach Oibritheoirí an Iarnróid c1870 |
| LHS 005-071 | Teach Oibritheoirí an Iarnróid, Bóthar Ghan c1870 |

## 1.11 Bonneagar Sóisialta

Baineann Cairlinn tairbhe as réimse leathan d'áiseanna an phobail lena n-áirítear Halla Naomh Michíl, an tIonad Foy, Séipéal, scoil náisiúnta, ionad sláinte, leabharlann, oifig an phoist, comhar creidmheasa, stáisiún na nGardaí, club seoltóireachta agus ionad eachtraíochta.

Tá ionad spraoi suite i gcroílár an bhaile, agus an t-uasghrádú a thacaíonn an Plean seo. Tá áiseanna áineasa eile suite lasmuigh de theorainn an bhaile lena n-áirítear Muiríne Chairlinn, Foraois Shliabh Feá agus na Sléibhte Chuaille.

## 1.12 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

Is meicníocht mhaoinithe í an Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile atá deartha chun feabhas a chur ar bhailte agus ar shráidbhailte thuaithe ar fud na hÉireann. Maidir leis na tionscadail atá i dteideal faoin scéim seo áirítear feabhsúcháin timpeallachta agus tionscadail ríocht phoiblí ar nós uasghrádú ar spásanna cathartha agus infheistíocht i dtroscán sráide, cosáin, agus bealaí rothaíochta. Tacóidh an Plean seo le hiarratais mhaoinithe faoin scéim seo nó scéimeanna comhchosúla a chuirfidh le ríocht phoiblí, timpeallacht thógtha, agus caighdeán timpeallachta Chairlinn.

Tá Cuan Éadan le hUisce agus an spás poiblí gaolmhar ar phríomhphointí castála/sroichte i gCairlinn.

Cuirfidh feabhsúcháin ar Éadan le hUisce agus spásanna sa chuan, an chúirt leadóige, faiche an bhaile, páirceáil agus achair súgartha spásanna iontrála inléite ar fáil do lár stairiúil an bhaile agus nascacht feabhsaithe idir na spásanna seo ar mhaithe le leas na gcónaitheoirí agus na gcuairteoirí araon.

Maidir le forbairt ar scéim bhainistíochta tráchta i gcomhar le ríocht phoiblí feabhsaithe tabharfar tosaíocht níos fearr do choisithe agus beocht ar na sráideanna.

Tá sé aitheanta go bhfuil gá le comharthaíocht comhghreamaitheacha agus plean tionscnaimh d'oidhreacht, do thurasóireacht agus do rochtain ar ghlasbhealach agus chun plean a fhorbairt do lóistín agus do thrádálaithe ócáideacha i mbaile meánaoiseach Chairlinn.

## 1.13 Cuspóirí Beartais

Tá na Cuspóirí Beartais atá leagtha amach ar an taobh eile den leathanach in éineacht leo siúd sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar 1 den Phlean.

Chun athdhéanamh a sheachaint tá na Cuspóirí Beartais athluaite san áit a bhfuil ábhartacht ar leith ann don lonnaíocht agus sin amháin.

Ba chóir, mar sin, iad a léamh i gcomhréir le Cuspóirí Beartais agus Caighdeáin Forbartha agus Treoir atá leagtha amach in Imleabhar 1 den Phlean.

### 1.13.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 1** | Chun tacú le ról Chairlinn mar ionad seirbhíse áitiúil agus ceann scríbe turasóireachta trí fhorbairt a áisiú a chuirfidh le carachtar agus struchtúr an bhaile, agus le caighdeán timpeallachta tarraingteach tógtha agus nádúrtha an bhaile. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 2** | Chun croístraitéis an Phlean a chur i bhfeidhm, sa mhéid agus is féidir, trína chinntiú nach sáraítear leithdháileadh tithíochta do Chairlinn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 3** | Chun tacú le forbairt chónaithe agus é a spreagadh ar thalamh nach bhfuil in úsáid mórán agus/nó tailte folmha lena n-áirítear láithreáin 'inlíonta' agus láithreáin 'athfhorbraíochta', faoi réir ag caighdeán ard deartha agus leagan amach a bhaintear amach. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 4** | Chun a chinntiú go bhfuil gach áis ó na cónaitheoirí reatha measta agus cosanta, go háirithe i ndearadh, i gcumraíocht agus in oibríocht aon fhorbairt a bhaineann le turasóireacht. |

### 1.13.2 Geilleagar agus Fostaíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 5** | Chun a chinntiú go bhfuil lár an bhaile ar an bpríomhlonnaíocht d'fhorbairtí tráchtála, miondíoltóireachta agus ilchineálacha nua chun deiseanna a chruthú maireachtáil, cónaí agus siopadóireacht a dhéanamh laistigh den bhaile agus an riachtanas a laghdú taisteal i gcarr príobháideach. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 6** | Chun daoine a spreagadh foirgnimh fholmha a athúsáid mar áiteanna a chuirfidh le scála agus carachtar an bhaile atá ann faoi láthair. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 7** | Chun tacú le háiseanna comhoibrithe agus moil dhigiteacha a sholáthar. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 8** | Chun tacú le forbairt ar aip 'Village Pod'. |

### 1.13.3 Turasóireacht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 9** | Chun tacú le Cairlinn agus é a fhorbairt mar mhol turasóireachta inbhuanaithe. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 10** | Chun obair i gcomhar le húdaráis thadhlacha lena n-áirítear Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúrn agus an Dúin chun bealaí siúlóide agus rothaíochta nua a leathnú agus a dhearadh, cosúil le Glasbhealach Mór an Oirthir agus a chinntiú go bhfuil breithmheas ar thionchair thimpeallachta in éineacht le gach moladh agus go dtabharfar san áireamh cuntas iomlán den acmhainn ar thionchair dhiúltacha ar Shuíomhanna Eorpaigh tríd an bPróiseas Scagadh le haghaidh Measúnú sa Treoir maidir le Gnáthóga. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 11** | Chun tacú le conairí oidhreachta a sholáthar agus a chur chun cinn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 12** | Chun tacú le himeachtaí agus le féilte éagsúla agus iad a chur chun cinn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 13** | Plean a fhorbairt do lóistín agus trádálaithe ócáideacha a bhainistiú i mbaile meánaoiseach Chairlinn. |

### 1.13.4 Bonneagar

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 14** | Áit fheiliúnach nó áiteanna feiliúnacha a aithint do pháirceáil carranna. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 15** | Chun comhthadhaill le hUisce Éireann agus tacú leo seirbhísí uisce imleora a chur ar fáil chun freastail ar riachtanais fhorbartha Chairlinn laistigh den tréimhse Pleanála. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 16** | Chun tacú le háiseanna poiblí, pobail agus spóirt atá ann faoi láthair agus áiseanna eile a sholáthar. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 17** | Chun tacú le tionscadail phobail agus shóisialta a chur chun cinn agus a chur ar fáil agus an pháirc spraoi a uasghrádú, faoi réir ag an maoiniú atá ar fáil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 18** | Maidir le húsáidí talaimh nó forbairt a aithnítear mar 'fhorbairt an-shomhillte' a sheachaint i dTábla 3.1 de 'Treoirlínte maidir leis an gCóras Pleanála agus Bainistíocht ar Riosca Tuillte (2009)' ar thailte a bhfuil riosca ag baint leo agus san áit nach féidir éaló ó fhorbairt ar thuilemhánna, cur chuige seicheamhach a ghlacadh maidir le bainistíocht ar riosca tuilte bunaithe ar sheachaint laghdú agus oiriúnú don riosca. |

### 1.13.5 Gluaiseacht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 19** | Chun plódú tráchta a fhuascailt agus soláthar do choisithe a fheabhsú trí phlean bainistíochta tráchta comhaontaithe a chur i bhfeidhm do Chairlinn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 20** | Chun bealaigh rothaíochta agus siúlóide a chur chun cinn agus a áisiú in áiteanna oiriúnacha i gCairlinn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 21** | Chun na bealaigh siúlóide agus rothaíochta atá agus a bheidh ann a chosaint maidir le sláine agus sáráillteacht. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 22** | Chun cosáin, trasrian coisithe agus bearta um mhoilliú tráchta a fhorbairt agus a chur chun cinn agus a áisiú a chuirfidh coisithe mar phríomhthosaíocht agus a fheabhsóidh sábháilteacht ar bhóithre. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 23** | Chun soláthróirí seirbhísí a áisiú, leathadh ar sheirbhísí iompair phoiblí reatha lena n-áirítear soláthar bonneagar bus laistigh den bhaile. |

### 1.13.6 Oidhreacht Nádúrtha agus Thógtha

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 24** | Chun Limistéar Sáráilleachta Nádúrtha agus Limistéar Ardscéimhe Chairlinn a chosaint. |

| Cuspóir | |
|---|---|
| **CAR 25** | Tréithe agus suíomh uathúla Chairlinn a aithint, a chosaint agus a chur leis lena n-áirítear a ghnéithe seandálaíochta, Crios Acmhainn Seandálaíochta (ZAP), Limistéar Caomhantais Ailtireachta, agus timpeallacht thógtha agus oidhreacht nádúrtha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 26** | Tréithe marthanacha den bhaile meánaoiseach fálaithe a chosaint agus a chaomhnú, lena n-áirítear cosaintí, patrún sráide, línte tógála agus ceapacha burgáiste. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 27** | Léargais a chaomhnú a aithníodh ar an Léarscáil Ilchodach ó fhorbairt, a mbeadh drochthionchar ar an gcarachtar agus áis fhísiúil den tírdhreach. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 28** | Chun caomhnú chrainn agus fálta suntasacha a chur chun cinn lena n-áirítear iad siúd a aithnítear ar an Léarscáil Ilchodach agus na crainn seo a bhainistiú ar aon dul le dea-chleachtas crannadóireachta. |

## 1.13.7 Dearadh Uirbeach & Ríocht Phoiblí

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 29** | Maoiniú atá ar fáil a úsáid agus a chur chun cinn agus tacú leo agus aon tionscadal nó scéim a chur i bhfeidhm a bhfuil maoiniú faighte a fheabhsódh Cairlinn agus é a athbheochan. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 30** | Chun carachtar an bhaile agus a shuíomh a chaomhnú tríd an dearadh, an scála agus an chumraíocht d'aon fhorbairt mholta maidir leis an stair, oidhreacht agus tábhacht ailtireachta den bhaile. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 31** | Chun feabhas a chur ar an príomhionad fáilte i gCairlinn, Calafort Éadan le hUisce agus na spásanna poiblí. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 32** | Chun feabhas a chur ar na sráideanna agus na spáis laistigh de Chairlinn go háirithe laistigh de na ballaí meánaoiseacha trí ríocht phoiblí a fheabhsú, faoi réir ag an maoiniú atá ar fáil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 33** | Plean Comharthaíochta & Treoshuímh comhghreamaitheach a fhorbairt d'oidhreacht, do thurasóireacht agus do na Glasbhealaí. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 34** | An Muileann agus an linn mhuilinn a athchóiriú agus cur leis na naisc choisíochta agus iad a fhorbairt tuilleadh sa cheantar seo. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAR 35** | Chun úsáid na dtailte a áisiú ó thuaidh de Chaisleán Rí John le haghaidh caitheamh aimsire sámh atá oiriúnach don suíomh agus chun taitneamh a bhaint as an bhfoirgneamh stairiúil íocónach seo. |

PLEAN FORBARTHA CHONTAE LÚ 2021-2027

# BAILE AN GHEARLÁNAIGH / CILL SÁRÁN

## IMLEABHAR 2

BAILTE FÉINCHOTHABHÁLACHA

COMHDHLÚITE

# 2 Baile an Ghearlánaigh/Cill Sáráin

## 2.1 Comhthéacs/Carachtar an Bhaile

Tá Baile an Ghearlánaigh/Cill Sáráin suite c.14km ó dheas de Dhún Dealgan agus c.24km ó thuaidh de Dhroichead Átha ar an R132, seanbhóthar Bhaile Átha Cliath go Béal Feirste. Cé gur dhá lonnaíocht ar leith iad, tá siad comhcheangailte faoi aon teorainn amháin i bPlean Forbartha an Chontae 2015-2021, mar gheall ar a gcóngaracht dá chéile. Chun comhtháthú a sheachaint, tá spás oscailte aitheanta idir an dá lonnaíocht. Cuirfidh an méid sin ar a chumas a charachtar ar leith féin a choimeád.

Tá stair Bhaile an Ghearlánaigh nasctha leis an teaghlach Bellingham agus an tionscail grúdaireachta. Tá oidhreacht shaibhir ag an mbaile lena n-áirítear Caisleán Bellingham agus an grúpa álainn de Theachíní na mBaintreach.

I lár an bhaile tá meascán d'aonaid chónaithe dhá stór agus aonaid tráchtála measartha. Is eisceacht é an t-iartheach braiche, foirgneamh bríce trí stór is díol suntais atá athraithe agus in úsáid mar aonad tráchtála ar urlár na talún le forbairt chónaithe taobh thuas.

Tá Cill Sáráin suite 400 méadar ó dheas de Bhaile an Ghearlánaigh. Tá cruth líneach ag baint leis agus tá eastáit thithíochta agus thionscail nua-aimseartha ar fáil ann. Tá Diméin Bellingham agus an Casán suite go lárnach laistigh de lonnaíocht Bhaile an Ghearlánaigh/Chill Sáráin agus cuireann siad go mór leis an tírdhreach agus carachtar na háite. Cuireann na crainn aibí sna lonnaíochtaí le carachtar agus le hómós na háite.

**Tábla 2.1: Forléargas Lonnaíochta**

| Forléargas Lonnaíochta | |
|---|---|
| **Suíomh i nGrádlathas Lonnaíochta** | Baile Féinchothabhála |
| **Daonra 2016** | 1,126 |
| **Daonra 2011** | 1,035 |
| **Athrú Céatadáin 2011-2016** | 8.8% |
| **Stoc Tithíochta 2016** | 510 |
| **Aonaid Chónaithe a bronnadh ó 2015** | 59 aonad (8 n-aonad críochnaithe) |
| **Leithdháileadh Tithíochta 2021-2027** | 65 aonad |
| **Réamh-mheastachán Daonra 2027** | 1,236 |
| **Áiseanna Oideachasúla** | Scoil Mhuire gan Smál |
| **Áiseanna Pobail** | Séipéal, stáisiún na nGardaí, ionad altranais agus creis, clós súgartha agus páirc CLG. |

| Forléargas Lonnaíochta | |
|---|---|
| **Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA)** | Is ea |
| **Déanmhais Chosanta** | 20 |
| **Crios Acmhainn Seandálaíochta (ZAP)** | Níl |
| **Radhairc agus Ionchais** | Níl |
| **In aice le Suíomhanna Eorpacha** | Níl |
| **Measúnú Straitéiseach Riosca i gCás Tuilte** | Criosanna Tuilte A & B ar thalamh suite le taobh an Chasáin. Tuilte báistiúla in áit eile ar thailte laistigh den teorainn forbartha. Riosca tuilte agus forbairt a bhainistiú faoi réir ag Cuspóirí Beartais atá leagtha amach in Imleabhar 1 Caibidil 10: Bonneagar agus Fóntais Phoiblí. |
| **Bonneagar/Cainníocht Sheirbhísí Uisce** | Tá Baile an Ghearlánaigh/Cill Sáráin suite laistigh de Chrios Acmhainn Uisce Chnoc Cabháin agus Thuaisceart Lú, a raibh cainníocht ar fáil ag am scríofa.<br>Bhí cainníocht teoranta ar fáil i gCóras Cóireála Fuíolluisce Bhaile an Ghearlánaigh ag am scríofa. |

## 2.2 Deiseanna

- Forbairt ar thailte 'Fostaíocht Ghinearálta' atá suite go straitéiseach.
- Athchóiriú íogair agus athúsáid na bhfoirgneamh stairiúla agus dúchasacha.
- Feabhas a chur ar phointí nódacha maidir le taitneamhacht amhairc.
- Forbairt de Bhaile an Ghearlánaigh/Cill Sáráin a áisiú mar cheann scríbe turasóireachta.
- Siúlbhealach/slí rothar a sholáthar le fad an Chasáin.

## 2.3 Lonnaíocht agus Tithíocht

Bhí fás cónaitheach suntasach i mBaile an Ghearlánaigh/Cill Sáráin sna 1990idí agus go luath sna 2000idí ina raibh forbairt chónaithe cuimsithe sa lár agus ribíní de le fad na mbóithre artaireacha. Go dtí le gairid, bhí éileamh teoranta ar fhorbairt chónaithe.

Maidir leis an straitéis fhorbartha don bhaile, déanfar fás incriminteach a áisiú dírithe ar shíneadh starrach de cheadanna ar marthain agus comhdhlúthú den chroí uirbeach. Beidh forbairt a ghineann fostaíocht dírithe ar na tailte atá ó thuaidh thiar de lár an bhaile. Leanfar ag tacú le deiseanna chun cumas turasóireachta an bhaile a neartú.

## 2.4 GEILLEAGAR AGUS FOSTAÍOCHT

Tá Baile an Ghearlánaigh/Cill Sáráin aitheanta mar ionad miondíola Leibhéal 4 ar Ghrádlathas Miondíola an Chontae. Ar na haonaid tráchtála, miondíola agus seirbhísí miondíola tá; tithe tábhairne, bialanna agus caiféanna, cógaslanna, búistéirí agus siopaí mearbhia chomh maith le siopa áitiúil a bhaineann leis an stáisiún peitril ó thuaidh.

Tá Cóimheas Poist: Fórsa Oibre 0.65 i mBaile an Ghearlánaigh/Cill Sáráin atá mar an dara chóimheas Poist: Fórsa Oibre is airde de gach Baile Féinchothabhála. Is machnamh é an cóimheas seo ar bhonn tionsclaíochta an bhaile atá bunaithe go maith lena n-áirítear Laundry Machines Ireland, Standar Brands, PMC Bonding agus Logistics Teo agus Kilsaran Concrete.

Mar gheall ar an mbonn fostaíochta bunaithe ar an mbaile agus cóngaracht don mhótarbhealach M1, tá cúig dháileacht talún atá beartaithe mar Fhostaíocht Ghinearálta. Tá ceithre shuíomh a chuimsíonn úsáidí fostaíochta agus a ligeann do shíneadh den sórt sin. Tá suíomh breise atá seirbhísithe ach nach bhfuil forbartha le spás 22 heicteár suite ó thuaidh den R166.

Cé go bhfuil sé aitheanta gurbh fhearr le fostaithe ar scála mór a bheith suite i nDroichead Átha nó i nDún Dealgan, baineann deiseanna fiontair bheaga agus mheánmhéide a mhealladh a bheadh in ann fórsa oibre oilte a úsáid, roinnt acu a bheadh ag taisteal lasmuigh den lonnaíocht le haghaidh fostaíochta.

Tháinig méadú ar líon na gcuairteoirí ar an mbaile mar gheall ar athchóiriú Chaisleán Bellingham.

Tá acmhainn ann forbairt bhreise a dhéanamh ar an earnáil turasóireachta áitiúil trí dhaoine a thagann le haghaidh imeachtaí a spreagadh fanacht níos faide.

Tá oidhreacht shaibhir ag an mbaile laistigh de lonnaíocht pictiúrtha an Chasáin agus cuireann sé timpeallacht tharraingteach stairiúil ar fáil. Ina theannta sin, d'fhéadfaí é a úsáid mar bhonn chun na suíomhanna turasóireachta mórthimpeall a thaiscéaladh, ó tharla go bhfuil suíomh straitéiseach an bhaile gar don M1. Más rud é go dtagann méadú ar líon na dturasóirí agus fad fanachta, beidh níos mó deiseanna fostaíochta ar fáil san earnáil turasóireachta agus fáilteachais.

## 2.5 BONNEAGAR SEIRBHÍSÍ UISCE

Tá an bonneagar seirbhísí uisce seo a leanas i mBaile an Ghearlánaigh/ Cill Sáráin:

Uisce: Faigheann Baile an Ghearlánaigh an t-uisce ó Chrios Acmhainn Uisce Chnoc Cabháin agus Thuaisceart Lú, a raibh cainníocht ar fáil ag am scríofa.

Fuíolluisce: Bhí cainníocht teoranta ar fáil i gCóras Cóireála Fuíolluisce Bhaile an Ghearlánaigh ag am scríofa.

## 2.6 GLUAISEACHT

Tá Baile an Ghearlánaigh/Cill Sáráin suite ar an R132 (an seanbhóthar idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste) agus tá rochtain air ón Mótarbhealach M1 leis an R166.

Tá seirbhís iompair phoiblí rialta ann, lena n-áirítear seirbhísí bus gach uair a chloig a nascann an tIúr le Dún Dealgan, Droichead Átha agus Baile Átha Cliath. Tá seirbhísí eile curtha leis le seirbhís Bhus Éireann teoranta go hÁth na gCasán trí Bhaile an Ghearlánaigh.

## 2.7 Oidhreacht Nádúrtha

Tá Diméin Bellingham, atá suite in iarthar na lonnaíochta, san áireamh i bhFardal Náisiúnta na nGairdíní Oidhreachta agus Tírdhreacha Deartha.

Is díol suntais é an Casán a dhéanann an turas trasna lár na lonnaíochta. I go leor áiteanna, tá an talamh in aice na habhann neamhfhorbartha agus tá soláthar de phaiste bruachánach 10m ar gach aon taobh de bhruach na habhann, rud a chuirfidh le deis an fhéidearthacht a mheas rochtain phoiblí a fhorbairt, a chuirfeadh go mór le háis phoiblí na hAbhann.

Tá crainn agus coillte ar fud an cheantair Phleanála, a chuireann go mór le timpeallacht nádúrtha agus áiseanna an bhaile.

Tá crainn agus coillte, atá aitheanta mar luach áise speisialta, léirithe ar Léarscáil Ilchodach Bhaile an Ghearlánaigh/Chill Sáráin.

## 2.8 Oidhreacht Thógtha

Tá ailtireacht ar díol spéise é ar an mbaile agus mar sin tá cuid dó ainmnithe mar Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA), agus tá a phatrún agus a charachtar sráide stairiúil á chaomhnú.

Tá 20 Déanmhais Chosanta laistigh de theorainn an bhaile mar a léirítear i dTábla 2.2 thíos.

**Tábla 2.2: Déanmhais Chosanta i mBaile an Ghearlánaigh/i gCill Sáráin**

| Uimhir Aitheantais | Ainm an Déanmhais |
|---|---|
| LHS 015-006 | Uimh. 3 Tithe na mBaintreach c1830 |
| LHS 015-007 | Uimh. 4 Tithe na mBaintreach c1830 |
| LHS 015-008 | Uimh. 5 Teach na mBaintreach c1830 |
| LHS 015-009 | Teach Geata Chaisleán Bellingham c1820 |
| LHS 015-010 | Tithe na mBaintreach - Teachín Sraithe 1 tógtha c.1826 |
| LHS 015-011 | Tithe na mBaintreach - Teachín Sraithe 2 tógtha c.1826 |
| LHS 015-012 | Teach Brící Stríocach tógtha c.1900 |
| LHS 015-014 | Seomraí Tae Foleys tógtha c.1820 |
| LHS 015-017 | Séipéal Paróiste Chill Sáráin tógtha 1852 |
| LHS 015-018 | An Sean Mhuileann |
| LHS 015-019 | Muileann Arbhair 1866 |
| LHS 015-022 | Teach trí Stór c.1800 |
| LHS 015-023 | Teach ceithre chuan tógtha c.1850 |

| Uimhir Aitheantais | Ainm an Déanmhais |
|---|---|
| LHS 015-031 | Droichead Bóthair tógtha c.1850 |
| LHS 015-032 | Teach tógtha c. 1850 |
| LHS 015-033 | Cros Chéasta Alpach - crochta c.1930 |
| LHS 015-034 | Caidéal Uisce - crochta c.1880 |
| LHS 015-035 | Teach Tábhairne P.J. Byrne tógtha c.1860 |
| LHS 015-036 | Owen Breen Victualler, Teach & siopa c.1880 |
| LHS 015-056 | Cuimhneachán ón gCéad Chogadh Domhanda ag Faiche an bhaile 1919 |

## 2.9 Bonneagar Sóisialta

Tá áiseanna agus seirbhísí pobail an-fhorbartha ag Baile an Ghearlánaigh/Cill Sáráin. I measc nithe eile tá siopaí áitiúla, tithe tábhairne, caiféanna, cógaslanna, búistéirí, gruagairí, geallghlacadóirí, óstán agus ionaid mearbhia. Ina theannta sin tá Séipéal, scoil, clós súgartha, comhar creidmheasa agus Stáisiún na nGardaí.

## 2.10 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

Is meicníocht mhaoinithe í an Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile atá deartha chun bailte agus sráidbhailte tuaithe a athbheochan ar fud na hÉireann. Ar na tionscadail atá cáilithe faoin scéim seo tá feabhsúcháin timpeallachta agus tionscadail ríocht phoiblí, cosúil le huasghrádú ar spásanna cathartha agus infheistíocht ar throscán sráide, cosáin, agus rotharbhealaí. Tacóidh an Plean seo le haon iarratas maoinithe faoin Scéim seo nó scéimeanna comhchosúla a chuirfeadh leis an ríocht phoiblí, timpeallacht thógtha, agus caighdeán timpeallachta Bhaile an Ghearlánaigh/Chill Sáráin.

Bhain Baile an Ghearlánaigh/Cill Sáráin tairbhe as an mótarbhealach M1 a fuair réidh le trácht throm idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste ar an lonnaíocht, chun timpeallacht níos taitneamhaí a chruthú do chónaitheoirí agus do chuairteoirí.

Tá infheistíocht shuntasach déanta ar an ríocht phoiblí lena n-áirítear tírdhreachú, soilsiú, pábháil agus troscán sráide a sholáthar.

Tá acomhal R166/ na Príomhshráide mar nód iontrála tábhachtach ó thuaidh den bhaile.

Tá an deis ann taitneamhacht amhairc a neartú agus a fheabhsú den nód iontrála trí fhorbairt íogair a dhéanamh ar láithreáin úrnua agus láithreáin athfhorbraíochta.

Tá an léarscáil ilchodach don lonnaíocht aitheanta mar cheantar a bhfuil ríocht phoiblí a bhfuil acmhainn feabhsúcháin i gceist. Féach Tábla 7 in Aguisín 8 - Straitéis Bonneagar Glas (Imleabhar 3).

## 2.11 Cuspóirí Beartais

Tá na cuspóirí beartais atá leagtha amach thíos i dteannta iad siúd atá san áireamh sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar 1 de Phlean Forbartha an Chontae. Chun athdhéanamh a sheachaint tá na Cuspóirí Beartais athluaite nuair a bhíonn ábharthacht ar leith ag baint leis an lonnaíocht.

Ba chóir, mar sin, iad a léamh i gcomhar leis na Cuspóirí Beartais agus na Caighdeáin agus Treoirlínte Forbartha atá leagtha amach in Imleabhar 1 de Phlean Forbartha an Chontae.

### 2.11.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 1** | Lár an bhaile tráchtála agus cónaithe i mBaile an Ghearlánaigh/i gCill Sáráin a chomhdhlúthú agus a neartú agus chun forbairt a spreagadh, a chuirfidh le carachtar, a dhéanfaidh caighdeán a thimpeallacht a chaomhnú agus a fheabhsú, agus ag freastail do riachtanais gach roinn den phobal áitiúil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 2** | Chun tacú le ról Bhaile an Ghearlánaigh/Chill Sáráin mar sheirbhís áitiúil agus ceann scríbe fostaíochta trí fhorbairt a áisiú a chuirfidh lena gheilleagar agus le tarraingteacht nádúrtha an bhaile agus a oidhreacht nádúrtha agus thógtha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 3** | Chun Croístraitéis an Phlean a chur i bhfeidhm, sa mhéid agus is féidir, trína chinntiú nach sáraítear leithdháileadh tithíochta do Bhaile an Ghearlánaigh/Chill Sáráin. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 4** | Chun tacú le forbairt chónaithe agus í a spreagadh ar thailte nach bhfuil in úsáid agus/nó atá fágtha lena n-áirítear láithreáin 'inlíonta' agus láithreáin 'athfhorbraíochta', faoi réir chaighdeán ard deartha agus leagan amach. |

### 2.11.2 Geilleagar agus Fostaíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 5** | Chun a chinntiú go bhfuil lár an bhaile mar phríomhthosaíocht d'fhorbairtí tráchtála, miondíola agus úsáid mheasctha nua agus deiseanna a chruthú chun cónaí, obair agus siopadóireacht laistigh den bhaile chun riachtanas a laghdú taisteal i gcarr príobháideach. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 6** | Chun deiseanna fostaíochta a áisiú agus a leathnú ar an mbaile. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 7** | Soláthar réimse fostaíochta agus aonaid fiontair a chur chun cinn agus a áisiú ar thailte atá beartaithe d'Fhostaíocht Ghinearálta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 8** | Chun tacú le Baile an Ghearlánaigh/Cill Sáráin agus é a fhorbairt mar cheann scríbe turasóireachta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 9** | Chun spreagadh a mhúscailt foirgnimh atá fágtha i lár an bhaile a úsáid a chuireann le scála agus carachtar an bhaile. |

### 2.11.3 Bonneagar

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 10** | Chun teagmháil le hUisce Éireann agus tacú leo seirbhísí uisce imleora a chur ar fáil chun dul i ngleic le riachtanais fhorbartha Bhaile an Ghearlánaigh/Chill Sáráin laistigh den tréimhse Phleanála. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 11** | Chun úsáidí talún agus forbairt a sheachaint atá aitheanta mar 'fhorbairt ardleochaileach' i dTábla 3.1 de *'An Córas Pleanála agus Treoirlínte Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte' (2009)* ar thailte nach féidir riosca i gcás tuilte agus forbairt ar thuilemhánna a sheachaint, cur chuige seicheamhach a ghlacadh maidir le bainistíocht riosca i gcás tuilte bunaithe ar an riosca a sheachaint, a laghdú agus a chur in oiriúint. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 12** | Chun tacú le háiseanna poiblí, pobail agus spóirt agus áiseanna breise a sholáthar. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 13** | Chun tacú le tionscadail pobail agus sóisialta agus iad a chur chun cinn agus a chur ar fáil. |

### 2.11.4 Gluaiseacht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 14** | Chun forbairt ar chosáin, trasrian coisithe agus bearta moillithe tráchta a chur chun cinn agus a áisiú a ardaíonn tosaíocht coisithe agus a chuireann feabhas ar shábháilteacht ar bhóithre. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 15** | Chun an fhorbairt ar shiúlbhealaí agus rotharbhealaí a iniúchadh in áiteanna feiliúnacha ar fud Bhaile an Ghearlánaigh/Chill Sáráin lena n-áirítear cóngaracht don Chasán. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 16** | Chun iomláine agus caighdeán scéimhe na siúlbhealaí agus na rotharbhealaí agus a shuíomh a chosaint. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 17** | Chun a chinntiú nach bhfuil aon fhorbairt, lena n-áirítear ábhair a ghlanadh agus a stóráil, ar siúl ag fad 10m tomhaiste ó gach bruach den abhainn, sruthán nó cúrsa uisce. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 18** | Chun soláthraithe seirbhíse a áisiú, le leathnú ar na seirbhísí iompair phoiblí reatha lena n-áirítear bonneagar bus a sholáthar laistigh den bhaile. |

## 2.11.5 Oidhreacht Nádúrtha agus Thógtha

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 19** | Chun tréithe agus suíomh uathúil Bhaile an Ghearlánaigh/Chill Sáráin a chosaint agus a chur leo lena n-áirítear a thréithe ailtireachta, Limistéar Caomhantais Ailtireachta agus gnéithe oidhreacht nádúrtha agus thógtha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 20** | Chun a chinntiú nach gcuireann forbairt nua isteach ar an láithreán, suíomh, nó radhairc ó Dhiméin Bellingham agus ón gceantar máguaird. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 21** | Chun crainn agus fálta sceach suntasacha a chur chun cinn agus a chaomhnú lena n-áirítear iad sin a aithníodh ar an léarscáil ilchodach agus na crainn a bhainistiú i gcomhar le dea-chleachtas crannadóireachta. |

## 2.11.6 Dearadh Uirbeach & Ríocht Phoiblí

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 22** | Chun tacú le maoiniú atá ar fáil agus é a chur chun cinn agus aon tionscadal nó scéim a chur i bhfeidhm a bhfuil maoiniú faighte a chuirfeadh feabhas ar Bhaile an Ghearlánaigh/Chill Sáráin agus é a athbheochan. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 23** | Chun carachtar an bhaile a chosaint agus cur leis trína chinntiú go bhfuil airde, scála, dearadh agus ábhair aon fhorbairt mholta ar aon dul le hoidhreacht ailtireachta an bhaile agus nach laghdaíonn sé a ómós áite ar leith. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 24** | Chun cur le sráideanna agus spásanna laistigh de Bhaile an Ghearlánaigh/Chill Sáráin trí fheabhsúcháin ríocht phoiblí. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CAS 25** | Chun nód iontrála tarraingteach a chur ar fáil ar an mbaile. |

PLEAN FORBARTHA CHONTAE LÚ 2021-2027

# CEANN CHLOCHAIR

## IMLEABHAR 2

BAILTE FÉINCHOTHABHÁLACHA

COMHDHLÚITE

# 3 CEANN CHLOCHAIR

## 3.1 COMHTHÉACS/CARACHTAR AN BHAILE

Tá Ceann Chlochair suite 12km ó thuaidh de Dhroichead Átha agus 30km ó dheas de Dhún Dealgan. Is baile cois trá tharraingteach é le suíomh pictiúrtha. Tá an ceantar ceann tíre in oirthear an bhaile ainmnithe mar Limistéar Sáráilleachta Nádúrtha (AONB). Cé go raibh Ceann Chlochair ag brath ar iascaireacht agus níos lú ar thurasóireacht maidir le fostaíocht, le blianta beaga anuas tá sé forbartha mar lonnaíocht comaitéara.

Tá croílár an bhaile bhunaidh lena shráid-dreach cuartha ag coimeád go leor dá charachtar stairiúil ina bhfuil teachíní iascaireachta aon stór agus foirgnimh dhúchasacha dhá stór, agus go leor acu suite ar phlotaí fada caola.

Tá aonaid chónaithe lonnaithe ar an bpríomhshráid den chuid is mó agus áiseanna tráchtála spréite anseo agus ansiúd.

**Tábla 3.1: Léargas Ginearálta Lonnaíochta**

| Léargas Ginearálta Lonnaíochta | |
|---|---|
| **Suíomh i nGrádlathas Lonnaíochta** | Baile Féinchothabhála |
| **Daonra 2016** | 2,145 |
| **Daonra 2011** | 1,993 |
| **Athrú Céatadáin 2011-2016** | 7.6% |
| **Stoc Tithíochta 2016** | 896 |
| **Aonaid Chónaithe a Bronnadh ó 2015** | 12 aonad (0 críochnaithe) |
| **Leithdháileadh Tithíochta 2021-2027** | 75 aonad |
| **Réamh-mheastachán Daonra 2027** | 2,445 |
| **Áiseanna Oideachasúla** | Scoil Náisiúnta Bhaile na gCailleach |
| **Áiseanna Pobail** | Club CLG Dreadnots, clós súgartha, dhá chreis, Séipéal Naomh Michíl, halla pobail, ionad cúram sláinte, stáisiún na nGardaí, scoil náisiúnta agus páirc pheile uile aimseartha tuilsoilsithe. |
| **Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA)** | Níl |
| **Déanmhais Chosanta** | 6 |
| **Crios Acmhainn Seandálaíochta (ZAP)** | Níl |
| **Radhairc agus Ionchais** | Is ea |
| **In aice Láithreáin Eorpacha** | SAC Cheann Chlochair |

| Léargas Ginearálta Lonnaíochta | |
|---|---|
| **Measúnú straitéiseach maidir le Riosca i gcás Tuilte** | Criosanna Tuilte A agus B ar thailte in oirthear na lonnaíochta in aice leis an gCósta (lasmuigh de theorainn lonnaíochta). Tuilte báistiúla in áit eile ar thailte laistigh den teorainn forbartha. Riosca i gcás tuilte a bhainistiú agus forbairt ar aon dul le Cuspóirí Beartais atá leagtha amach in Imleabhar 1 Caibidil 10: Bonneagar agus Fóntais Phoiblí |
| **Bonneagar/Cainníocht Seirbhísí Uisce** | Tá Ceann Chlochair suite i gCrios Acmhainn Uisce Dheisceart agus Oirthear na Mí. Bhí cainníocht teoranta ag am scríofa.<br>Bhí cainníocht teoranta i gCóras Cóireála Fuíolluisce Cheann Chlochair ag am scríofa. |

## 3.2 DEISEANNA

- Forbairt ar an mbaile mar cheann scríbe turasóireachta agus maireachtála inbhuanaithe.
- Tailte a fhorbairt atá beartaithe mar Fhostaíocht Ghinearálta.
- Áiseanna siúlóide agus rothaíochta a sholáthar lena n-áirítear siúlóid lúibe go Port Oirialla.
- Soláthar de lóistín turasóireachta breise lena n-áirítear áiseanna veain champála.
- Feabhsúcháin ar ríocht phoiblí ar an bPríomhshráid.

## 3.3 LONNAÍOCHT AGUS TITHÍOCHT

Tháinig fás cónaithe suntasach ar Cheann Chlochair sna 1990idí agus go luath sna 2000idí, agus an baile ag leathnú i dtreo an iarthair. Tá an brú forbartha laghdaithe le blianta beaga anuas atá soiléir mar gheall ar an leibhéal teoranta ar thógáil chónaithe sa tréimhse phleanála roimhe sin.

Díreoidh forbairt chónaithe sa todhchaí ar lonnaíocht an bhaile a chosaint agus lorg coise reatha a chomhdhlúthú trí láithreáin athfhorbraíochta agus inlíonta a úsáid.

Beidh forbairt a ghineann fostaíocht dírithe ar thailte thiar theas den lonnaíocht. Leanfar le deiseanna chun acmhainn turasóireachta an bhaile a neartú agus tacú leis.

## 3.4 GEILLEAGAR AGUS FOSTAÍOCHT

Tá Ceann Chlochair aitheanta mar ionad miondíola Leibhéal 4 i nGrádlathas Miondíola an Chontae.

Tháinig forbairt air i dtosach mar shráidbhaile beag iascaireachta agus inniu tá Port Oirialla fós ag feidhmiú mar chaladh iascaireachta go príomha.

Rinneadh uasghrádú ar an gceantar calafoirt le deireanaí a chuireann áiseanna ar fáil do chabhlaigh iascaireachta móra agus do shlatiascairí mara. Leanfaidh an Chomhairle ag tacú le feidhm agus oibriú an chalafoirt agus aon úsáidí a bhaineann leis an áis.

D'ainneoin thábhacht an bhaile mar chalafort iascaireachta, tá teorainn ar dheiseanna fostaíochta. Tá an méid sin soiléir sa chóimheas Post: Fórsa oibre, a bhí 0:17 i 2016, an cóimheas is lú sa Chontae.

Is léiriú é an cóimheas íseal Post: Fórsa Oibre ar bhonn fostaíochta lag agus go bhfuil an lonnaíocht ag brath ar thimaistriú lasmuigh le haghaidh fostaíocht.

Tá deiseanna ann an Cóimheas Poist a fheabhsú trí chur leis na láidreachtaí den lonnaíocht lena n-áirítear a shuíomh, trá brait ghoirm agus naisc chuig an tionscail iascaireachta, a chabhródh leis an mbaile a bheith níos féinchothabhála.

Mar aitheantas ar acmhainn turasóireachta an bhaile, tacaíonn an Chomhairle le huasghrádú ar chosán cósta ó Cheann Chlochair go Port Oirialla agus ar fhorbairt ar lúb ar ais chuig an mbaile.

Maidir le feabhsúcháin ar lóistín turasóireachta lena n-áirítear áiseanna veain champála, uasghrádú ar pháirceanna carbhán agus foirgnimh dhúchasacha a thiontú go lóistín saoire, beidh Ceann Chlochair níos tarraingtí do chuairteoirí agus mar sin tabharfar tacaíocht dhó.

Tabharfar tacaíocht d'fhéilte áitiúla freisin cosúil le 'Carraigeacha Bia Mara' a mheallann líon suntasach cuairteoirí chuig an mbaile.

Leanfaidh an Plean ag tacú le forbairt turasóireachta trí chaipitliú ar shócmhainní oidhreachta atá ann faoi láthair trí rianta oidhreachta a chur chun cinn.

I dteannta turasóireacht agus iascaireacht, tá 7 heicteár de thalamh aitheanta mar úsáid d'Fhostaíocht Ghinearálta in iarthar lár an bhaile a bhfuil sé de chumas fiontair áitiúla a áisiú nó forbairt a ghineann fostaíocht.

## 3.5 BONNEAGAR SEIRBHÍSÍ UISCE

Tá an bonneagar seirbhísí uisce seo a leanas i gCeann Chlochair:

**Uisce**: Tá Ceann Chlochair suite i gCrios Acmhainn Uisce Dheisceart agus Oirthear na Mí. Bhí cainníocht teoranta ag am scríofa.

**Fuíolluisce**: Bhí cainníocht teoranta i gCóras Cóireála Fuíolluisce Cheann Chlochair ag am scríofa.

## 3.6 GLUAISEACHT

Nascann an R166 Ceann Chlochair le Droichead Átha agus Dún Léire. Tá seirbhís bus phoiblí ag an mbaile idir Droichead Átha agus Gráinseach an Dísirt (Seirbhís 189). Cuirtear leis an méid sin leis an Tionscnamh Iompar Tuaithe, a chuireann seirbhís phoiblí ar fáil idir Ceann Chlochair agus Droichead Átha.

D'fhéadfaí nascacht agus sábháilteacht ar an mbaile a fheabhsú trí chosán breise a chur idir an Phríomhshráid agus na ceantair chónaithe atá suite in iarthar an bhaile agus tosaíocht choisithe a mhéadú ag acomhal Bhóthar na Trá/na Príomhshráide.

Mar gheall ar sholáthar Ghlasbhealach an Chósta i gceantar Cheann Chlochair, nascfar Glasbhealach Mór an Oirthir ó thuaidh le Glasbhealach na Bóinne ó dheas agus bheadh sé mar shócmhainn áineasa agus turasóireachta luachmhar don cheantar.

## 3.7 OIDHREACHT NÁDÚRTHA

Cuimsíonn teorainn an phlean lonnaíochta Ceann Chlochair agus Port Oirialla. Tá an ceann tíre tadhlach ainmnithe mar Limistéar Sáráilleachta Nádúrtha (AONB).

Tá imeallbhord in oirthear an bhaile ainmnithe mar Láithreán Eorpach, is é sin Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Cheann Chlochair (Cód Suímh:001459).

## 3.8 OIDHREACHT THÓGTHA

Tá sé dhéanmhas cosanta laistigh de theorainn an bhaile mar a léirítear i dTábla 3.2 thíos.

Tá seacht ngné sheandálaíochta laistigh den bhaile, atá liostaithe mar Shéadchomhartha Taifeadta agus atá faoi chosaint ag Achtanna na Séadchomhartha Náisiúnta.

**Tábla 3.2: Déanmhais Chosanta i gCeann Chlochair**

| Uimhir Aitheantas | Ainm an Déanmhais |
|---|---|
| LHS 022-014 | Teach ceann tuí c.1800 |
| LHS 022-015 | Teach ceann tuí |
| LHS 022-016 | Teach Tábhairne The Sail Inn c.1850 |
| LHS 022-017 | Teach Ceann Tuí Slip c.1800 |
| LHS 022-018 | Teach Ceann Tuí Slip c.1800 |
| LHS 022-019 | Ionad Clós Feirme c.1810 |

## 3.9 BONNEAGAR SÓISIALTA

Tá trá brait ghoirm i gCeann Chlochair, a chuireann go leor deiseanna caithimh aimsire ar fáil do dhaoine áitiúla agus do chuairteoirí araon. Tá stáisiún bhád tarrthála INRBT ar an mbaile, atá mar acmhainn luachmhar do ghníomhaíochtaí mara lena n-áirítear iascaireacht agus seoltóireacht i gCeann Chlochair agus sa cheantar níos leithne máguaird.

Laistigh den bhaile, tá áiseanna agus seirbhísí chun freastail ar a dhaonra, ar thurasóirí lae agus ar dhaoine ar saoire.

Tá áiseanna agus seirbhísí pobail an-fhorbartha i gCeann Chlochair.

I measc nithe eile tá; scoil, siopa áise, ionad sláinte, cógaslann, siopa áitiúil, tithe tábhairne agus ionad mearbhia, Séipéal Naomh Michíl agus páirceanna imeartha CLG Dreadnots atá suite ar imeall an bhaile.

Tá Halla an Phobail, a bhí mar iarscoil náisiúnta, athfhorbartha agus bíonn gníomhaíochtaí sóisialta éagsúla ar bun ann.

Tacóidh an Plean seo leis an infheistíocht leanúnach i mbonneagar pobail agus sóisialta ar an mbaile.

## 3.10 DEARADH UIRBEACH AGUS RÍOCHT PHOIBLÍ

Is meicníocht mhaoinithe í an Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile atá deartha chun bailte agus sráidbhailte thuaithe a athbheochan ar fud na hÉireann. Ar na tionscadail atá incháilithe faoin scéim seo tá feabhsúcháin timpeallachta agus tionscadail ríocht phoiblí, cosúil le huasghrádú ar spásanna cathartha agus infheistíocht i dtroscán sráide, cosáin, agus rotharbhealaí.

Tacóidh an Plean seo aon iarratas maoinithe faoin Scéim seo nó scéimeanna comhchosúla a chuirfidh leis an ríocht phoiblí, an timpeallacht thógtha, agus caighdeán timpeallachta Cheann Chlochair.

Cé gur choimeád Príomhshráid Cheann Chlochair a charachtar agus a scála dúchasach uathúil, is dúshlán leanúnach iad na háiteanna fágtha. Maidir le straitéis ríocht phoiblí chomhghreamaitheach a sholáthar, tá an acmhainn ann athghiniúint a chur chun cinn agus an baile a dhéanamh níos tarraingtí le maireachtáil agus obair ann, agus cuairt a thabhairt air.

Maidir le haon straitéis ríocht phoiblí ba chóir an bhéim ag a bheith ar fheabhsúcháin timpeallachta lena n-áirítear cáblú faoin talamh, troscán sráide comhordaithe, nóid iontrála tarraingteacha, tosaíocht choisithe feabhsaithe i gcomharsanacht Bhóthar na Trá/na Príomhshráide agus soléiteacht níos fearr idir an Phríomhshráid agus an trá mar aon le rotharbhealaí/siúlbhealaí nua agus atá ann cheana féin a chomhtháthú.

## 3.11 CUSPÓIRÍ BEARTAIS

Tá na Cuspóirí Beartais atá leagtha amach anseo thíos in éineacht leo siúd sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar 1 de Phlean Forbartha an Chontae. Chun athrá a sheachaint, níl na Cuspóirí Beartais athluaite ach amháin má bhíonn ábharthacht ar leith acu leis an lonnaíocht.

Ba chóir, mar sin, iad a léamh i gcomhar leis na Cuspóirí Beartais agus na Caighdeáin agus na Treoirlínte Forbartha atá leagtha amach in Imleabhar 1 de Phlean Forbartha an Chontae.

### 3.11.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CLOG 1** | Chun lár bhaile tráchtála agus cónaithe Cheann Chlochair a chomhdhlúthú agus a neartú agus chun forbairt a spreagadh a chuirfidh lena charachtar, a chaomhnóidh agus a chuirfidh le caighdeán a thimpeallacht thógtha agus nádúrtha tarraingteach, agus ag freastail do riachtanais gach ranna den phobal áitiúil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CLOG 2** | Chun tacú le ról Cheann Chlochair mar cheann scríbe um sheirbhís áitiúil agus fostaíochta trí fhorbairt a áisiú a chuirfidh le geilleagar an bhaile agus le hoidhreacht nádúrtha agus thógtha tarraingteach an bhaile. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CLOG 3** | Chun Croístraitéis an Phlean a chur i bhfeidhm a shlánú, sa mhéid agus is féidir, trína chinntiú nach sáraítear leithdháileadh tithíochta do Cheann Chlochair. |
| **Cuspóir Beartais** | |
| **CLOG 4** | Chun tacú le forbairt chónaithe agus í a spreagadh ar thailte nach bhfuil úsáidte agus/nó atá fágtha lena n-áirítear láithreáin ‘inlíonta’ agus ‘athfhorbraíochta’, faoi réir ag caighdeán ard deartha agus leagan amach a bhaint amach. |

### 3.11.2 Geilleagar agus Fostaíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CLOG 5** | Chun a chinntiú go bhfuil lár an bhaile mar phríomhthosaíocht d’fhorbairtí nua tráchtála agus miondíola agus ilchineálacha a chruthaíonn deiseanna chun maireachtáil, obair agus siopadóireacht a dhéanamh laistigh den bhaile agus an riachtanas a laghdú taisteal i gcarr príobháideach. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CLOG 6** | Chun tacú le forbairt turasóireachta inbhuanaithe agus é a chur chun cinn i gCeann Chlochair. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CLOG 7** | Chun forbairt ar shiúlbhealaí agus rotharbhealaí a chur chun cinn agus a áisiú i suíomhanna oiriúnacha ar fud Cheann Chlochair lena n-áirítear timbhealach go Port Oirialla. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CLOG 8** | Chun siúlbhealaí agus rotharbhealaí agus a shuíomh a chosaint maidir lena shláine agus a chaighdeán scéimhe. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CLOG 9** | Chun feabhsúcháin a áisiú ar lóistín turasóireachta breise atá ann cheana féin agus lóistín a chur ar fáil lena n-áirítear áiseanna veain champála. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CLOG 10** | Chun soláthar réimse aonaid fostaíochta agus fiontair a chur chun cinn agus a áisiú ar thailte atá beartaithe le haghaidh Fostaíocht Ghinearálta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CLOG 11** | Chun tacú le feabhsúcháin nó leathnú ar Phort Oirialla faoi réir Mháistirphlean a ullmhú agus go ngéilltear do na critéir phleanála agus thimpeallachta ábhartha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CLOG 12** | Chun tacú le himeachtaí agus féilte éagsúla agus iad a chur chun cinn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CLOG 13** | Chun tacú le rianta oidhreachta a chur ar fáil agus a chur chun cinn. |

### 3.11.3 Bonneagar

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CLOG 14** | Chun dul i dteagmháil le hUisce Éireann agus tacú leo chun seirbhísí uisce imleora a chur ar fáil chun freastail ar riachtanais fhorbartha Cheann Chlochair laistigh den tréimhse Phleanála. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CLOG 15** | Chun talamhúsáidí nó forbairt atá aitheanta mar 'fhorbairt an-leochaileach' a sheachaint i dTábla 3.1 de '*An Córas Pleanála agus Treoirlínte Bhainistíocht Riosca i gcás Tuilte (2009)*' ar thailte i gcás riosca tuilte agus nach féidir forbairt i dtuillemhánna a sheachaint, cur chuige seicheamhach a ghlacadh maidir le bainistíocht riosca i gcás tuilte bunaithe ar sheachaint, laghdú agus oiriúnú don riosca. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CLOG 16** | Chun tacú le háiseanna poiblí, pobail agus spóirt agus aon áis eile a sholáthar. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CLOG 17** | Chun tacú le tionscadail sóisialta agus pobail a chur chun cinn agus a chur ar fáil. |

### 3.11.4 Gluaiseacht

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **CLOG 18** | Chun an fhorbairt agus feabhsú ar chosáin, trasrianta coisithe agus bearta moillithe tráchta a chur chun cinn agus a áisiú, a chuirfidh le tosaíocht choisithe agus a chuirfidh feabhas ar shábháilteacht bhóithre. |

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **CLOG 19** | Chun forbairt ar Ghlasbhealach an Chósta a chur chun cinn agus a áisiú i gcomharsanacht Cheann Chlochair. |

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **CLOG 20** | Chun síneadh ar sheirbhísí iompair phoiblí atá ann faoi láthair a áisiú lena n-áirítear soláthar bonneagar bus laistigh den bhaile. |

### 3.11.5 Oidhreacht Nádúrtha agus Thógtha

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **CLOG 21** | Chun tréithe agus suíomh uathúil Cheann Chlochair a chosaint agus a chur leis lena n-áirítear a thréithe seandálaíochta agus a oidhreacht thógtha agus nádúrtha. |

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **CLOG 22** | Chun suíomh tírdhreacha Limistéar Sáráilleachta Nádúrtha Cheann Chlochair a chosaint. |

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **CLOG 23** | Chun radhairc a aithníodh ar an léarscáil ilchodach a chaomhnú ó fhorbairt, a chuirfeadh isteach ar charachtar agus taitneamhacht amhairc an tírdhreacha a chaomhnú. |

| **Cuspóir Beartais** | |
|---|---|
| **CLOG 24** | Chun crainn agus fálta sceach a chaomhnú agus a chur chun cinn lena n-áirítear iad siúd ar an léarscáil ilchodach agus na crainn sin a bhainistiú ar aon dul le dea-chleachtas crannadóireachta. |

### 3.11.6 Dearadh Uirbeach & Ríocht Phoiblí

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CLOG 25** | Chun úsáid maoiniú atá ar fáil a chur chun cinn agus tacú leis agus aon tionscadal nó scéim a bhfuil maoiniú faighte a chuirfeadh feabhas ar Cheann Chlochair agus é a athbheochan. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CLOG 26** | Chun carachtar an bhaile a chosaint agus a chur leis trína chinntiú go bhfuil aon fhorbairt mholta maidir le hairde, scála, dearadh agus ábhair ar aon dul le hoidhreacht ailtireachta an bhaile agus nach laghdaíonn sé ómós na háite ar leith. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **CLOG 27** | Chun cur leis na sráideanna agus na spásanna laistigh de Cheann Chlochair trí fheabhsúcháin ríocht phoiblí. |

PLEAN FORBARTHA CHONTAE LÚ 2021-2027

# TEARMANN FEICHÍN

IMLEABHAR 2

BAILTE FÉINCHOTHABHÁLACHA

COMHDHLÚITE

# 4 TEARMANN FEICHÍN

## 4.1 BAILE COMHTHÉACS/CARACHTAR

Tá Tearmann Feichín suite i ndeisceart Lú thart ar 7km ar an taobh thoir thuaidh de Dhroichead Átha. Tá lár an bhaile thart ar 2km ón gcósta áit a bhfuil rochtain ar thrá.

Tá stair shaibhir ag Tearmann Feichín. Sa chuid stairiúil den bhaile tá neart crann, fálta sceach agus ballaí cloiche le fáil, a chruthaíonn, i dteannta le hAbhainn Bhaile Uaitéir, a shníonn tríd an mbaile i dtreo na farraige i dtreo an oirthir, mórtas ceantair láidir.

Is séadchomharthaí tábhachtacha iad an dá shéipéal, Séipéal Naomh Feichín agus Séipéal Mhuire gan Smál, atá is é an beár agus an bhialann, atá suite ar bhruacha Abhainn Bhaile Uaitéir, croílár an bhaile agus glactar leo mar chroílár bunaidh an bhaile. Le blianta beaga anuas, tá croílár an bhaile athraithe i dtreo thoir thuaidh chomh fada le *Big Street* áit a bhfuil níos mó seirbhísí le fáil, lena n-áirítear siopa áitiúil agus comhar creidmheasa.

**Tábla 4.1: Forléargas ar an Lonnaíocht**

| Forléargas ar an Lonnaíocht | |
|---|---|
| **Ionad san Ordlathas Lonnaíochta** | Baile Féinchothaithe |
| **Daonra 2016** | 1,579 |
| **Daonra 2011** | 1,443 |
| **Athrú Céatadáin 2011-2016** | 9.4% |
| **Stoc Tithíochta 2016** | 584 |
| **Aonaid Chónaithe ceadaithe ó 2015** | 96 aonad (40 aonad críochnaithe) |
| **Leithdháileadh Tithíochta 2021-2027** | 70 aonad |
| **Réamh-mheastachán Daonra 2027** | 1,829 |
| **Áiseanna Oideachais** | Scoil Náisiúnta Naomh Feichín |
| **Áiseanna Pobail** | Séipéal, teach altranais, crèche agus páirc CLG. Galfchúrsa dhá mhaide agus páirceanna carbhán/tithe soghluaiste in aice láimhe. |
| **Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA)** | Níl |
| **Déanmhais Chosanta** | 11 |
| **Crios Poitéinseal Seandálaíochta (ZAP)** | Tá |
| **Amhairc agus Radhairc** | Níl |

| Forléargas ar an Lonnaíocht | |
|---|---|
| **Cóngarach do / Naisc chuig Láithreáin Eorpacha** | SAC Chósta agus Inbhear na Bóinne. |
| **Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte** | Criosanna Tuilte A agus B suite ar thalamh feadh Abhainn Bhaile Uaitéir.<br>Riosca agus forbairt i gcás tuilte a bhainistiú de réir Phlean Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte Loch nEathach-na Banna agus de réir na gCuspóirí Beartais atá sonraithe in Imleabhar 1, Caibidil 10: Bonneagar agus Fóntais Phoiblí |
| **Bonneagar/Acmhainn Seirbhísí Uisce** | Tá uisce le haghaidh Thearmann Feichín á sholáthar ó Chrios Acmhainní Uisce Lú Theas agus Oirthear na Mí. Bhí an acmhainn teoranta tráth scríofa an doiciméid seo.<br>Cóireáilte Uisce Bréan i dTearmann Feichín in Ionad Cóireála Fuíolluisce Dhroichead Átha, agus bhí acmhainn ar fáil san Ionad tráth scríofa an doiciméid seo. |

## 4.2 Deiseanna

- Lántairbhe a bhaint as sócmhainní timpeallachta agus turasóireachta an bhaile lena n-áirítear a shuíomh feadh Abhainn Bhaile Uaitéir agus a chóngaraí is atá an baile don trá.
- Tá neart seirbhísí pobail ag freastal ar an mbaile, ach bheadh feabhsuithe ar an ríocht phoiblí lena n-áirítear áiseanna siúil agus rothaíochta mar bhonn le naisc níos inbhuanaithe a chruthú chuig na háiseanna seo.

## 4.3 Lonnaíocht agus Tithíocht

Tháinig fás cónaithe tapa ar Thearmann Feichín sna 1900idí agus ag tús na 2000idí agus rinneadh an chuid is mó den fhorbairt ar thailte ó thuaidh de lár an bhaile. Ciallaíonn cóngaracht an bhaile do Dhroichead Átha mar aon lena shuíomh gur áit mhealltach le maireachtáil ann é Droichead Átha.

Beidh forbairt i dTearmann Feichín amach anseo, i rith thréimhse an Phlean seo, dírithe ar chomhdhlúthú agus ar thógáil a bhaineann le ceadanna atá fós ar marthain, agus beidh deiseanna le haghaidh forbairt inlíonta agus láithreán athfhorbraíochta gar do lár an bhaile.

## 4.4 Geilleagar agus Fostaíocht

Tá Tearmann Feichín sainaitheanta mar ionad miondíola Leibhéal 4 in Ordlathas Miondíola an Chontae. Tá an cóimheas idir Post:Lucht Oibre i dTearmann Feichín cothrom le 0.32, fianaise go bhfuil an bonn fostaíochta lag agus go bhfuil an lonnaíocht ag brath ar chomaitéireacht amach.

Tá deiseanna fostaíochta á soláthar sna hearnálacha seirbhíse agus oideachais den chuid is mó lena n-áirítear An Grianán (ionad oideachais), an teach altranais, scoil, crèche agus seirbhísí miondíola. Beidh deiseanna fostaíochta a bheidh ar fáil sa bhaile amach anseo dírithe ar na hearnálacha seo.

Ainneoin go bhféadfadh na deiseanna fostaíochta sa bhaile a bheith teoranta, glactar leis go bhfuil earnálacha fostaíochta ann inar féidir le daoine a bheith ag obair ó chian. Tacóidh an Plean seo le háiseanna oibre comhionaid agus le moil dhigiteacha a sholáthar laistigh de Thearmann Feichín agus ar an tslí sin comhlíonfar riachtanais gnóthaí agus cuirfear ar chumas fostaithe bonn áitiúil a bheith acu, rud a laghdóidh an gá atá le comaitéireacht**.**

Tá poitéinseal ann chun geilleagar turasóireachta Thearmann Feichín a fhorbairt. Is deis é a chóngaraí is atá sé don chósta, Gleann na Bóinne, agus galfchúrsaí áitiúla, don bhaile lántairbhe a bhaint as an éileamh atá ar shosanna gearra.

Leanfaidh an Plean seo ag tacú le forbairt turasóireachta agus ba cheart dó tairbhe a bhaint as sócmhainní oidhreachta reatha trí thacú le conairí oidhreachta. Áirítear i measc na n-áiseanna atá le fáil sa bhaile cheana féin óstán agus bialanna.

Ar mhaithe le cónaitheoirí agus le cuairteoirí a spreagadh chun airgead a chaitheamh sa cheantar áitiúil, spreagfaidh an Chomhairle úsáid a bhaint as teicneolaíocht chliste chun gnóthaí áitiúla a chur chun cinn agus tacú leo, agus sampla amháin den chur chuige seo é an '*Village Pod*', aip a éascaíonn íocaíocht leictreonach le gnóthaí áitiúla.

## 4.5 Bonneagar Seirbhísí Uisce

Tá an bonneagar seirbhísí uisce seo a leanas ag freastal ar Thearmann Feichín:

**Uisce:** Tá uisce le haghaidh Thearmann Feichín á sholáthar ó Chrios Acmhainní Uisce Lú Theas agus Oirthear na Mí. Bhí an acmhainn teoranta tráth scríofa an doiciméid seo.

**Fuíolluisce:** Cóireáiltear Uisce Bréan i dTearmann Feichín in Ionad Cóireála Fuíolluisce Dhroichead Átha, agus bhí acmhainn ar fáil san Ionad tráth scríofa an doiciméid seo.

## 4.6 Gluaiseacht

Tá Tearmann Feichín suite feadh an R166, a nascann an baile le Droichead Átha ar an taobh thiar theas agus le Ceann Chlochair ó thuaidh.

Tá seirbhís bus phoiblí Dhroichead Átha go Gráinseach an Dísirt (seirbhís 189) ag freastal ar an mbaile. Idir an Luan agus an Aoine, tá cúig sheirbhís laethúla á gcur ar fáil. Tá an Tionscnamh Iompair Tuaithe ag tacú leis sin, a reáchtálann seirbhís sheachtainiúil chomh fada le Droichead Átha.

Is cuspóir de chuid na Comhairle é tacú le forbairt líne bóthair ó dheas den lonnaíocht idir Bóithre Dhroichead Átha agus Bhaile Trá, atá le cur i gcrích taobh le forbairt na dtailte cónaithe.

Bhí suiteáil soilse tráchta agus soláthar siúlbhealach do choisithe gar don droichead i lár an bhaile mar bhonn le nascacht agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú laistigh den lonnaíocht. Leanfaidh an Chomhairle ag tacú le bearta, a fheabhsaíonn tréscaoilteacht agus rochtain lena n-áirítear cosán a sholáthar ó lár an tsráidbhaile i dtreo Rinn na Mara.

Tá cuma mhealltach ar Abhainn Bhaile Uaitéir agus deis a bheidh sa stráice bruachánach 10m ar an dá thaobh den bhruach abhann, an abhainn a oscailt agus siúlbhealach a sholáthar taobh leis mar aon leis na háiseanna caitheamh aimsire laistigh den lonnaíocht a fheabhsú.

D'fhéadfadh an Glasbhealach Cósta cóngarach do Thearmann Feichín nasc a chruthú idir Glasbhealach an Oirthir ó thuaidh agus Glasbhealach na Bóinne ó dheas. Sócmhainn thábhachtach caitheamh aimsire agus turasóireachta a bheadh sa ghlasbhealach seo.

## 4.7 Oidhreacht Nádúrtha

Tá croílár Thearmann Feichín suite laistigh de ghleann, a sholáthraíonn braistint timpeallaithe agus foscaidh i gcomparáid le ceantair an chósta nocht in aice láimhe. Laistigh den bhaile, soláthraíonn Abhainn Bhaile Uaitéir agus an fásra nasc láidir leis an tírdhreach.

Tá go leor de na sráideanna i lár an bhaile cúng, timpeallaithe agus tá neart plandaí curtha iontu, rud a chuireann le carachtar agus le tarraingteacht Thearmann Feichín.

## 4.8 Oidhreacht Thógtha

Tá croílár Thearmann Feichín ainmnithe mar Chrios Poitéinseal Seandálaíochta (ZAP) atá á chosaint faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta.

Tá roinnt gnéithe seandálaíocha laistigh den bhaile, atá liostaithe sa Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna.

Tá 11 Dhéanmhas Cosanta laistigh de theorainn na lonnaíochta mar atá sonraithe i dTábla 4.2. Is den tábhacht é go gcinntítear nach mbainfidh forbairt a dhéanfar amach anseo an bonn d'oidhreacht thógtha agus sheandálaíoch an bhaile.

**Tábla 4.2: Déanmhais Chosanta i dTearmann Feichín**

| Uimhir Aitheantais | Ainm an Struchtúir |
|---|---|
| **LHS 022-005** | **Séipéal Mhuire gan Smál** |
| **LHS 022-006** | **Droichead** |
| **LHS 022-007** | **Teach Ceann Tuí Thearmann Feichín** |
| **LHS 022-008** | **Séipéal & Ardchros Naomh Feichín** |
| **LHS 022-009** | **Caisleán Thearmann Feichín** |
| **LHS 022-010** | **Teach an Bhaile Nua/ An Grianán** |
| **LHS 022-020** | **Teach Pharóiste Thearmann Feichín** |
| **LHS 022-022** | **Teach** |
| **LHS 022-023** | **Teach, An Phríomhshráid C.1920 síneadh nua-aimseartha** |
| **LHS 022-024** | **Teach an Ghoirt Aird** |
| **LHS 022-025** | **Teach an tSéiplínigh** |

## 4.9 BONNEAGAR SÓISIALTA

Tá raon leathan seirbhísí ar fáil i dTearmann Feichín, lena n-áirítear *inter alia*; siopaí, tithe tábhairne, bialann agus caiféanna, óstán, stáisiún peitril, gruagaire/bearbóir, UMB, mar aon le séipéil, scoil náisiúnta, páirceanna imeartha, crèche, oifig poist, teach altranais agus comhar creidmheasa. Freastalaíonn an siopa áise ar riachtanais laethúla an phobail. Is i nDroichead Átha, atá suite in aice láimhe, áfach, atá raon leathan seirbhísí ar fáil.

Is i dTearmann Feichín atá An Grianán suite, a thairgeann raon leathan cúrsaí do dhaoine fásta.

Gar don bhaile, tá dhá ghalfchúrsa dumhcha idirnáisiúnta, Galfchlub Chontae Lú agus Galfchlub Rinn na Mara. Tá Trá Thearmann Feichín suite in aice láimhe freisin. Tá Páirc Sacair Thearmann Feichín suite laistigh de theorainn an bhaile agus tá tailte na gcluichí Gaelacha suite píosa uaidh sin i mBéilinn. Chomh maith leis sin, tá galfchúrsa dhá mhaide agus páirceanna carbhán/tithe soghluaiste in aice láimhe.

Leanfaidh an Plean seo ag tacú le deiseanna chun áiseanna agus seirbhísí feabhsaithe agus nua a sholáthar a chuireann leis na háiseanna agus leis na seirbhísí atá ar fáil sa bhaile cheana féin. Bunaithe ar dhaonra Thearmann Feichín, rachadh áit súgartha chun tairbhe na ndaoine atá ina gcónaí sa bhaile agus i gcúlchríoch an bhaile.

## 4.10 DEARADH UIRBEACH AGUS RÍOCHT PHOIBLÍ

Is sásra maoinithe é an Scéim um Athnuachan Baile agus Sráidbhaile atá deartha chun bailte agus sráidbhailte tuaithe ar fud na hÉireann a athnuachan. Cuimsítear i measc na dtionscadal atá incháilithe faoin scéim seo tionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo an timpeallacht agus an ríocht phoiblí a fheabhsú, cosúil le huasghráduithe ar spásanna cathartha agus infheistíocht i dtroscán sráide, cosáin agus rotharbhealaí. Tacóidh an Plean seo le haon iarratais ar mhaoiniú faoin Scéim seo nó scéimeanna cosúla a bheadh mar bhonn leis an ríocht phoiblí, an timpeallacht thógtha agus caighdeán timpeallachta Thearmann Feichín a fheabhsú.

Tá go leor plandaí curtha i lár bhaile Thearmann Feichín agus tá go leor de na ballaí cloiche agus díoga fós ann, gnéithe a chuireann le carachtar uathúil coillteach an cheantair. Beidh meas ag aon fhorbairt nua ar charachtar na háite agus bainfear tairbhe as tarraingteacht na háite. Is séadchomharthaí suntasacha iad spuaiceanna Shéipéal Naomh Feichín agus Shéipéal Mhuire gan Smál agus níor cheart cur isteach ar an radharc atá orthu. Ba cheart d'aon fhorbairtí cónaithe nua feadh na mbealaí artaireacha imeall láidir a chruthú agus cabhrú leis an lonnaíocht a shainiú.

## 4.11 Cuspóir Beartais

Tá na Cuspóirí Beartais atá sonraithe thíos le húsáid le cois na gCuspóirí Beartais atá san áireamh sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar 1 den Phlean Forbartha Contae. Ar mhaithe le hathrá a sheachaint, níl Cuspóirí Beartais athluaite ach amháin sa chás go bhfuil siad ábhartha don lonnaíocht.

Dá réir sin, ba cheart iad a léamh i dteannta leis na Cuspóirí Beartais agus Caighdeáin agus Treoir Forbartha atá sonraithe in Imleabhar 1 den Phlean Forbartha Contae.

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 1** | Lár baile tráchtála agus cónaithe Thearmann Feichín a chomhdhlúthú agus a threisiú agus forbairt a spreagadh, a chuirfidh lena charachtar, a chaomhnóidh agus a fheabhsóidh caighdeán na timpeallachta tógtha agus nádúrtha, agus a fhreastalóidh ar riachtanas gan rannóg den phobal áitiúil. |

### 4.11.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 2** | Tacú le ról Thearmann Feichín mar cheann scríbe áitiúil seirbhíse agus fostaíochta trí fhorbairt a éascú a chuirfidh le geilleagar an bhaile agus a chuireann le agus a fheabhsaíonn oidhreacht nádúrtha agus thógtha mhealltach an bhaile. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 3** | Cur chun feidhme Chroístraitéis an Phlean a chinntiú, a mhéid agus is féidir, trína chinntiú nach sáraítear an leithdháileadh tithíochta do Thearmann Feichín. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 4** | Tacú le forbairt chónaithe agus a leithéid a spreagadh ar thailte tearcúsáidte agus/nó folmha lena n-áirítear láithreáin 'inlíonta' agus 'athfhorbraíochta', faoi réir ardchaighdeán dearaidh agus leagan amach a chomhlíonadh. |

### 4.11.2 Geilleagar agus Fostaíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 5** | A chinntiú gurb é lár an bhaile an suíomh tosaíochta le haghaidh forbairtí nua tráchtála agus úsáid mheasctha agus ar an tslí sin deiseanna a chruthú do dhaoine cónaí sa bhaile, obair a dhéanamh ann agus siopadóireacht a dhéanamh ann agus an gá atá le bheith ag taisteal i gcarr príobháideach a laghdú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 6** | Tacú le soláthar áiseanna oibre comhionaid agus mol digiteach. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 7** | Tacú le agus forbairt turasóireacht inbhuanaithe a chur chun cinn i dTearmann Feichín. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 8** | Tacú le soláthar conairí oidhreachta agus a bhforbairt a spreagadh. |

### 4.11.3 Infreastruchtúr

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 9** | Idirchaidreamh a dhéanamh le agus tacú le Uisce Éireann seirbhísí uisce oiriúnacha a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais forbartha Thearmann Feichín laistigh de thréimhse an Phlean. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 10** | Tacú le háiseanna poiblí, pobail agus spóirt atá ar fáil cheana féin agus le soláthar aon áiseanna breise, lena n-áirítear páirc súgartha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 11** | Tacú le forbairt agus soláthar tionscadal sóisialta agus pobail. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 12** | Talamhúsáidí nó forbairtí atá sainaitheanta mar ‘fhorbairt an-leochaileach’ i dTábla 3.1 de *‘An Córas Pleanála agus Treoirlínte Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte (2009)’* a sheachaint ar thailte atá i mbaol tuilte agus sa chás nach féidir forbairt ar thuilemhánna a sheachaint, cur chuige seicheamhach a ghlacadh i ndáil le bainistíocht riosca i gcás tuilte bunaithe ar sheachaint, laghdú agus oiriúnú don riosca. |

### 4.11.4 Gluaiseacht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 13** | Tacú le agus forbairt siúlbhealaí agus rotharbhealaí a éascú ag suíomhanna oiriúnacha ar fud Thearmann Feichín lena n-áirítear feadh Abhainn Bhaile Uaitéir. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 14** | Sláinte agus caighdeán radhairc siúlbhealaí agus rotharbhealaí reatha agus todhchaíocha agus a suíomhanna a chosaint. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 15** | A chinntiú nach dtarlaíonn aon fhorbairt lena n-áirítear glanadh nó stóráil ábhar laistigh d'íosfhad 10m arna thomhas ó gach bruach d'aon abhann, sruth nó sruthchúrsa. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 16** | Tacú le forbairt agus feabhsú cosán, trasrianta coisithe agus beart moillithe tráchta a thugann tús áite do choisithe agus a fheabhsaíonn sábháilteacht ar bhóithre agus a leithéid a éascú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 17** | Forbairt an Ghlasbhealaigh Chósta i gcomharsanacht Thearmann Feichín a chur chun cinn agus a éascú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 18** | Oibriú le soláthraithe seirbhíse chun tacú le forbairt na seirbhísí reatha iompair phoiblí lena n-áirítear bonneagar bus a sholáthar laistigh den bhaile. |

## 4.11.5 Oidhreacht Nádúrtha agus Thógtha

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 19** | Saintréithe agus suíomh uathúil Thearmann Feichín a chosaint agus a fheabhsú lena n-áirítear a shaintréithe seandálaíocha, Crios Poitéinseal Seandálaíochta agus gnéithe den oidhreacht thógtha agus nádúrtha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 20** | Tacú le caomhnú crann agus fálta sceach suntasach atá sainaitheanta ar an mapa ilchodach agus na crainn sin a bhainistiú de réir dea-chleachtais crannadóireachta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 21** | Radhairc ar Shéipéal Naomh Feichín agus ar Shéipéal Mhuire gan Smál a chaomhnú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 22** | Iarracht a dhéanamh ballaí cloiche atá tógtha cheana féin a chosaint agus áireamh in aon fhorbairtí nua. |

### 4.11.6 Dearadh Uirbeach & Ríocht Phoiblí

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 23** | Carachtar an bhaile a chosaint agus a fheabhsú trína cheangal go léiríonn airde, scála, dearadh agus ábhar aon fhorbairt bheartaithe meas ar oidhreacht ailtireachta an bhaile agus nach mbaineann sé an bonn de mhórtas ceantair uathúil na háite. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 24** | Iarracht a dhéanamh na sráideanna agus spásanna laistigh de Thearmann Feichín a fheabhsú tríd an ríocht phoiblí a fheabhsú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TER 25** | Tacú le húsáid a bhaint as an maoiniú atá ar fáil agus as cur chun feidhme aon tionscadal nó scéimeanna a bhfuil maoiniú faighte lena n-aghaidh a bheadh mar bhonn le Tearmann Feichín a fheabhsú agus a athbheochan. |

PLEAN FORBARTHA CHONTAE LÚ 2021-2027

# TULAIGH ÁLAINN

IMLEABHAR 2

BAILTE FÉINCHOTHABHÁLACHA

COMHDHLÚITE

# 5 TULAIGH ÁLAINN

## 5.1 BAILE COMHTHÉACS/CARACHTAR

Tá Tulaigh Álainn suite thart ar 6 km ar an taobh thiar thuaidh de Dhroichead Átha agus 35km ó dheas de Dhún Dealgan. Is suíomh an-mhealltach é laistigh de cheantar Ghleann na Bóinne agus Ghleann Rí Liam, ceantar atá ainmnithe mar Limistéar Ardscéimhe (AHSQ).

D'fhorbair an lonnaíocht mórthimpeall ar theach paróiste, séipéal agus teach tábhairne ar dtús agus tá líon beag tithe scoite le fáil ar phlotaí scaipthe le cois Ardán Mhaolmhaodhóg atá ag breathnú anuas ar spás oscailte glas. Cuireadh srian ar an bhforbairt ó dheas mar gheall ar Ghleann Stairiúil na Bóinne, Gleann Rí Liam ar an taobh thiar agus an R168 ar an taobh thoir. Dá réir sin, is ag tuaisceart na lonnaíochta den chuid is mó a tharla an fhorbairt chónaithe.

**Tábla 5.1: Forléargas ar an Lonnaíocht**

| Forléargas ar an Lonnaíocht - Tulaigh Álainn | |
|---|---|
| **Ionad san Ordlathas Lonnaíochta** | Baile Féinchothaithe |
| **Daonra 2016** | 1,547 |
| **Daonra 2011** | 1,348 |
| **Athrú Céatadáin 2011-2016** | 13.9% |
| **Stoc Tithíochta 2016** | 500 |
| **Aonaid Chónaithe ceadaithe ó 2015** | 21 aonad. Ní raibh tús curtha leis an bhforbairt tráth scríofa an doiciméid seo. |
| **Leithdháileadh Tithíochta 2021-2027** | 65 aonad |
| **Réamh-mheastachán Daonra 2027** | 1,767 |
| **Áiseanna Oideachais** | Scoil Náisiúnta Thulaigh Álainn |
| **Áiseanna Pobail** | Séipéal, halla pobail, tailte CLG agus clós súgartha |
| **Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA)** | Níl |
| **Déanmhais Chosanta** | 2 |
| **Crios Poitéinseal Seandálaíochta (ZAP)** | Níl |
| **Amhairc agus Radhairc** | Tá |
| **Cóngarach do Láithreáin Eorpacha** | SAC na Bóinne agus na Dubhabhann. |

| Forléargas ar an Lonnaíocht - Tulaigh Álainn | |
|---|---|
| **Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte** | Crios Tuilte A ar thalamh feadh na hAbhann.<br>Bainistigh riosca i gcás tuilte agus forbairt de réir na gCuspóirí Beartais atá sonraithe in Iml. 1 Caibidil 10: Bonneagar agus Fóntais Phoiblí |
| **Bonneagar/Acmhainn Seirbhísí Uisce** | Tá Tulaigh Álainn suite laistigh de Chrios Acmhainní Uisce Bhaile Átha Fhirdhia, Chollann agus *Drybridge*, a raibh acmhainn ar fáil ann tráth scríofa an doiciméid seo, ach nuair a chuirtear buaicam agus spás cloiginn san áireamh, tá easnamh le tabhairt faoi deara.<br>Bhí acmhainn ar fáil i WWTP Thulaigh Álainn tráth scríofa an doiciméid seo. |

## 5.2 Deiseanna

- Tacú le forbairt tailte breise áineasa agus caitheamh aimsire.
- Tacú le forbairt láithreán athfhorbraíochta agus inlíonta, agus meas a léiriú ar charachtar Thulaigh Álainn.
- Tacú le soláthar áiseanna pobail breise agus na háiseanna sin a fhorbairt.
- Cur leis na deiseanna fostaíochta atá ar fáil laistigh den lonnaíocht trí mhol sráidbhaile a sholáthar.

## 5.3 Lonnaíocht agus Tithíocht

Cosnóidh an straitéis talamhúsáide don lonnaíocht suíomh tábhachtach tírdhreachaithe Thulaigh Álainn laistigh de Ghleann na Bóinne.

Tugadh brú suntasach forbartha faoi deara i dTulaigh Álainn sna 1990idí agus ag tús 2000 mar gheall ar a shuíomh straitéiseach gar don M1 agus a chóngaraí is atá sé do Bhaile Átha Cliath agus do Dhroichead Átha. Tá moill shuntasach tagtha ar ráta an ardaithe daonra i dTulaigh Álainn le blianta beaga anuas, agus is fianaise ar an bpointe sin an laghdú atá tagtha ar an leibhéal d'fhás cónaithe sa bhaile.

Ó tharla nach bhfuil ach deiseanna fostaíochta teoranta le fáil laistigh den lonnaíocht, díreofar sa Phlean ar thógáil a bhaineann le ceadanna atá fós ar marthain agus déanfar iarracht forbairt a threorú i dtreo lár an bhaile, áit a bhfuil deiseanna forbartha ar thailte inlíonta agus athfhorbraíochta.

Tá an ceantar atá taobh le Gleann Rí Liam sainaitheanta mar Spás Oscailte chun áiseanna caitheamh aimsire feabhsaithe a chur ar fáil do chónaitheoirí an bhaile.

## 5.4 GEILLEAGAR AGUS FOSTAÍOCHT

Tá Tulaigh Álainn sainaitheanta mar ionad miondíola Leibhéal 4 in Ordlathas Miondíola an Chontae.

Tá an cóimheas idir Post:Lucht Oibre i dTulaigh Álainn cothrom le 0.20, an dara cóimheas is lú atá luaite le gach lonnaíocht laistigh den Chontae.

Is fianaise é an cóimheas íseal idir Post:Lucht Oibre ar bhonn fostaíochta lag agus fianaise go bhfuil an lonnaíocht ag brath ar chomaitéireacht amach le haghaidh fostaíochta.

Tá na deiseanna fostaíochta teoranta sa bhaile á gcur ar fáil go príomha ag an earnáil phobail, oideachais agus mhiondíola.

Ó tharla go bhfuil na bailte lonnaithe gar do Dhroichead Átha agus do Bhaile Átha Cliath, ní mheastar go bhfuil sé stuama ná riachtanach tailte a chriosú le haghaidh úsáidí fostaíochta.

Glactar leis, áfach, go n-oireann slite beatha áirithe do chianobair.

Dá réir sin, tacóidh an Chomhairle le háiseanna oibre comhionaid agus le moil dhigiteacha a sholáthar laistigh de Thulaigh Álainn agus ar an tslí sin comhlíonfar riachtanais gnóthaí agus cuirfear ar chumas fostaithe bonn áitiúil a bheith acu, rud a laghdóidh an gá atá le comaitéireacht agus a fheabhsóidh caighdeán saoil daoine. Bheadh deiseanna fostaíochta feabhsaithe laistigh de Thulaigh Álainn riachtanach chun an cóimheas idir Post:Lucht Oibre a fheabhsú, rud a bheadh mar bhonn le lonnaíocht níos inbhuanaithe a chruthú agus na rátaí de chomaitéireacht amach a iompú droim ar ais.

Reáchtáiltear roinnt imeachtaí poiblí sa bhaile i rith na bliana. Áirítear sa Phlean seo an tábhacht a bhaineann lena leithéid sin d'imeachtaí chun cuairteoirí a mhealladh chuig an gceantar, agus chun an pobal a fhorbairt agus a threisiú.

## 5.5 BONNEAGAR SEIRBHÍSÍ UISCE

Tá an bonneagar seirbhísí uisce seo a leanas ag freastal ar Thulaigh Álainn:

**Uisce:** Tá Tulaigh Álainn suite laistigh de Chrios Acmhainní Uisce Bhaile Átha Fhirdhia, Chollann agus *Drybridge*, a raibh acmhainn ar fáil ann tráth scríofa an doiciméid seo, ach nuair a chuirtear buaicam agus spás cloiginn san áireamh, tá easnamh le tabhairt faoi deara.

**Fuíolluisce:** Bhí acmhainn ar fáil i WWTP Thulaigh Álainn tráth scríofa an doiciméid seo.

## 5.6 GLUAISEACHT

Tá Tulaigh Álainn nasctha ar bhealach éifeachtach leis an ngréasán bóithre náisiúnta tríd an R168, a nascann an baile leis an M1, agus le Bóthar Halla an Toinlígh, a nascann an baile leis an N2 ar an taobh thiar. Tá an baile lonnaithe feadh bhealach bus Dhroichead Átha agus Mhuineacháin agus tá seirbhís bus ar fáil gach uair an chloig, sa dá threo, Luan go hAoine, agus tá ceithre sheirbhís ar fáil gach lá ag an deireadh seachtaine.

Chuaigh an scéim feabhsúcháin timpeallachta ón R168 go dtí Gleann Rí Liam chun tairbhe an bhaile, feabhsaíodh agus tugadh tús áite d'inrochtaineacht coisithe agus feabhsaíodh taitneamhacht amhairc lár an bhaile.

## 5.7 Oidhreacht Nádúrtha

Ceann de na sócmhainní is fearr atá ag Tulaigh Álainn a shuíomh glas, tuaithe. Tá sé suite laistigh de cheantar Ghleann na Bóinne agus Gleann Rí Liam, ceantar atá ainmnithe mar Limistéar Ardscéimhe. Tá Gleann Rí Liam san áireamh in SAC na Bóinne agus na Dubhabhann agus is Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta (pNHA) é.

Tá stráice talún taobh leis an nGleann sainaitheanta mar Spás Oscailte. Beidh forbairt amach anseo na dtailte seo mar bhonn leis an meas a bheidh ag daoine ar an nGleann agus ar an gcoillearnach a fheabhsú, ceantair a nglactar leis tábhacht náisiúnta a bheith leo.

Tá crainn lánfhásta, fálta sceach agus teorainneacha cloiche le fáil i gcroílár an bhaile agus cuireann siad go mór le mealltacht, carachtar agus taitneamhacht amhairc.

Ba cheart na gnéithe nádúrtha seo a chomhtháthú laistigh den fhorbairt nua.

## 5.8 Oidhreacht Thógtha

Go stairiúil, bhain suntas ar leith le Tulaigh Álainn mar gheall ar an ról a bhí aige i gCath na Bóinne sa bhliain 1690. Tá Séipéal Pharóiste na Mainistreach Móire agus teach an pharóiste suite i láithreáin thábhachtacha laistigh den bhaile. Tá neart gnéithe seandálaíocha le fáil i dTulaigh Álainn atá a gcosaint faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta.

Is den tábhacht é go gcinntítear nach mbainfidh forbairt a dhéanfar amach anseo an bonn de charachtar seandálaíoch an bhaile. Tá dhá dhéanmhas cosanta i dTulaigh Álainn atá sainaitheanta i dTábla 5.2 thíos.

**Tábla 5.2: Déanmhais Chosanta i dTulaigh Álainn**

| Uimhir Aitheantais | Ainm an Struchtúir |
|---|---|
| LHS 024-013 | Teach an Pharóiste |
| LHS 024-014 | Séipéal Pharóiste na Mainistreach Móire |

## 5.9 Bonneagar Sóisialta

Tá seirbhísí agus áiseanna pobail le fáil i suíomh lárnach rud a chuireann le creatlach fhisiciúil chroílár an bhaile. Áirítear ina measc *inter alia*; siopa áise, siopa éadaí, cógaslann, búistéir, tithe tábhairne, asraon mearbhia mar aon le séipéal, scoil náisiúnta, páirceanna imeartha agus crèche.

Cuireann seirbhísí agus áiseanna pobail le mealltacht an bhaile agus cabhraíonn siad leis an mbaile a chothabháil freisin. Chomh maith leis sin, is féidir le cónaitheoirí tairbhe a bhaint as raon leathan seirbhísí i nDroichead Átha.

Tá an reilig i dTulaigh Álainn beagnach lán agus dá réir sin, tacófar sa Phlean seo le háis bhreise a sholáthar i suíomh oiriúnach a thugann aird ar shuíomh uathúil an bhaile laistigh de Ghleann na Bóinne.

Leanfaidh an Plean seo ag tacú le deiseanna chun áiseanna agus seirbhísí feabhsaithe agus nua a sholáthar a chuireann leis na háiseanna agus leis na seirbhísí atá ar fáil i dTulaigh Álainn cheana féin.

## 5.10 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

Is sásra maoinithe é an Scéim um Athnuachan Baile agus Sráidbhaile atá deartha chun bailte agus sráidbhailte tuaithe ar fud na hÉireann a athnuachan. Cuimsítear i measc na dtionscadal atá incháilithe faoin scéim seo tionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo an timpeallacht agus an ríocht phoiblí a fheabhsú, cosúil le huasghráduithe ar spásanna cathartha agus infheistíocht i dtroscán sráide, cosáin agus rotharbhealaí. Tacóidh an Plean seo le haon iarratais ar mhaoiniú faoin Scéim seo nó scéimeanna cosúla a bheadh mar bhonn leis an ríocht phoiblí, an timpeallacht thógtha agus caighdeán timpeallachta Thulaigh Álainn a fheabhsú.
Tá go leor plandaí curtha i nGleann Rí Liam ar an taobh thiar den lonnaíocht agus is suíomh mealltach atá ann. Tá tailte in aice láimhe criosaithe mar spás oscailte agus tá deis ann an ceantar seo a fhorbairt chun críocha taitneamhacht éighníomhach.
Ní mór d'aon fhorbairt den chineál sin aird a thabhairt ar an nGleann agus ar an láithreán Eorpach in aice láimhe.

De bhrí nach bhfuil na nóid isteach sa bhaile ón R168 sainithe go soiléir, tá deis ann nascacht a fheabhsú tríd an ríocht phoiblí a fheabhsú.
Chomh maith leis sin, sainaithnítear sa Phlean dhá limistéar feabhais ar an ríocht phoiblí taobh le Gleann Rí Liam agus trasna ó chlub CLG Glen Emmets.

## 5.11 Cuspóir Beartais

Tá na Cuspóirí Beartais atá sonraithe thíos le húsáid le cois na gCuspóirí Beartais atá san áireamh sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar 1 den Phlean Forbartha Contae. Ar mhaithe le hathrá a sheachaint, níl Cuspóirí Beartais athluaite ach amháin sa chás go bhfuil siad ábhartha don lonnaíocht.
Dá réir sin, ba cheart iad a léamh leis na Cuspóirí Beartais agus Caighdeáin agus Treoir Forbartha atá sonraithe in Imleabhar 1 den Phlean Forbartha Contae**.**

### 5.11.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 1** | Lár baile tráchtála agus cónaithe Thulaigh Álainn a chomhdhlúthú agus a threisiú agus forbairt a spreagadh, a chuirfidh lena charachtar, a chaomhnóidh agus a fheabhsóidh caighdeán na timpeallachta tógtha agus nádúrtha, agus a fhreastalóidh ar riachtanais gan rannóg den phobal áitiúil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 2** | Tacú le ról Thulaigh Álainn mar cheann scríbe áitiúil seirbhíse agus fostaíochta trí fhorbairt a éascú a chuirfidh le geilleagar an bhaile agus a chuireann le agus a fheabhsaíonn oidhreacht nádúrtha agus thógtha mhealltach an bhaile. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 3** | Cur chun feidhme Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a chinntiú, a mhéid agus is féidir, trína chinntiú nach sáraítear an leithdháileadh tithíochta do Thulaigh Álainn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 4** | Tacú le forbairt chónaithe agus a leithéid a spreagadh ar thailte tearcúsáidte agus/nó folmha lena n-áirítear láithreáin 'inlíonta' agus 'athfhorbraíochta', faoi réir ardchaighdeán dearaidh agus leagan amach a chomhlíonadh. |

### 5.11.2 Geilleagar agus Fostaíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 5** | A chinntiú gurb é lár an bhaile an suíomh tosaíochta le haghaidh forbairtí nua tráchtála, miondíola agus úsáid mheasctha agus ar an tslí sin deiseanna a chruthú do dhaoine cónaí sa bhaile, obair a dhéanamh ann agus siopadóireacht a dhéanamh ann agus an gá atá le bheith ag taisteal i gcarr príobháideach a laghdú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 6** | Tacú le soláthar áiseanna oibre comhionaid agus mol digiteach. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 7** | Tacú le himeachtaí agus le féilte éagsúla agus iad a chur chun cinn. |

### 5.11.3 Infreastruchtúr

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 8** | Idirchaidreamh a dhéanamh le agus tacú le Uisce Éireann seirbhísí uisce oiriúnacha a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais forbartha Thulaigh Álainn laistigh de thréimhse an Phlean. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 9** | Tacú le háiseanna poiblí, pobail agus spóirt atá ar fáil cheana féin agus le soláthar aon áiseanna breise. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 10** | Tacú le forbairt agus soláthar tionscadal sóisialta agus pobail. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 11** | Oibriú i gcomhpháirt le comhlachtaí ábhartha chun iarracht a dhéanamh suíomh oiriúnach a sholáthar le haghaidh reilig ag féachaint do shuíomh uathúil Thulaigh Álainn laistigh de Ghleann na Bóinne. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 12** | Talamhúsáidí nó forbairtí atá sainaitheanta mar 'fhorbairt an-leochaileach' i dTábla 3.1 de *'An Córas Pleanála agus Treoirlínte Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte (2009)'* a sheachaint ar thailte atá i mbaol tuilte agus sa chás nach féidir forbairt ar thuilemhánna a sheachaint, cur chuige seicheamhach a ghlacadh i ndáil le bainistíocht riosca i gcás tuilte bunaithe ar sheachaint, laghdú agus oiriúnú don riosca. |

## 5.11.4 Gluaiseacht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 13** | Tacú le forbairt agus feabhsú cosán, trasrianta coisithe agus beart moillithe tráchta a thugann tús áite do choisithe agus a fheabhsaíonn sábháilteacht ar bhóithre agus a leithéid a éascú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 14** | Oibriú le soláthraithe seirbhíse chun tacú le forbairt na seirbhísí reatha iompair phoiblí lena n-áirítear bonneagar bus a sholáthar laistigh den bhaile. |

## 5.11.5 Oidhreacht Nádúrtha agus Thógtha

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 15** | Saintréithe agus suíomh uathúil Thulaigh Álainn a chosaint agus a fheabhsú lena n-áirítear a Cheantar Ardscéimhe, saintréithe seandálaíocha agus gnéithe den oidhreacht thógtha agus nádúrtha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 16** | Tírdhreach nádúrtha Thulaigh Álainn a chosaint agus a chinntiú go bhfuil forbairt bheartaithe airdeallach ar an tírdhreach go ginearálta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 17** | Iarracht a dhéanamh na hamhairc atá sainaitheanta ar an Mapa Ilchodach a chaomhnú ó fhorbairt a mbeadh tionchar díobhálach aici ar charachtar agus ar thaitneamhacht amhairc an tírdhreacha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 18** | Tacú le caomhnú crann agus fálta sceach suntasach atá sainaitheanta ar an mapa ilchodach agus na crainn sin a bhainistiú de réir dea-chleachtais crannadóireachta. |

## 5.11.6 Dearadh Uirbeach & Ríocht Phoiblí

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 19** | Tacú le húsáid a bhaint as na maoiniú atá ar fáil agus as cur chun feidhme aon tionscadal nó scéimeanna a bhfuil maoiniú faighte lena n-aghaidh a bheadh mar bhonn le Tulaigh Álainn a fheabhsú agus a athbheochan. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 20** | Carachtar an bhaile a chosaint agus a fheabhsú trína cheangal go léiríonn airde, scála, dearadh agus ábhar aon fhorbairt bheartaithe meas ar oidhreacht ailtireachta an bhaile agus nach mbaineann sé an bonn de mhórtas ceantair uathúil na háite. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 21** | Iarracht a dhéanamh na sráideanna agus spásanna laistigh de Thulaigh Álainn a fheabhsú tríd an ríocht phoiblí a fheabhsú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 22** | Spás le haghaidh taitneamhacht éighníomhach a sholáthar gar do Ghleann Rí Liam. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **TUL 23** | Iarracht a dhéanamh nóid mhealltacha isteach sa bhaile a sholáthar, go háirithe ag an taobh thoir den lonnaíocht. |

PLEAN FORBARTHA CHONTAE LÚ 2021-2027

# Áth Na gCasán

IMLEABHAR 2

BAILTE BEAGA AGUS SRÁIDBHAILTE

# 6 Áth na gCasán

## 6.1 Comhthéacs/Carachtar

Is sráidbhaile beag cois cósta é Áth na gCasán atá suite feadh an R166 thart ar 15km ó dheas de Dhún Dealgan agus 13km ó thuaidh de Dhroichead Átha. Tá oidhreacht shaibhir atá nasctha leis na Lochlannaigh ag an sráidbhaile. Thart ar an mbliain 850 AD thóg na Lochlannaigh daingean ag Áth na gCasán ar stráice talún idir an fharraige agus An Casán. Ba é an daingean seo ceann dá 'longphort' is túisce agus an ceann is mó sa tír. Go ginearálta, creidtear gur tógadh an sráidbhaile nua-aimseartha ar struchtúr a gcreideann seandálaithe arb ionann é agus poldar de dhéantús an duine, tógtha síos an abhainn chun foscadh a sholáthar don fhiord. Inniu tá patrún lonnaíochta líneach le tabhairt faoi deara in Áth na gCasán.

Tá suíomh mealltach ag an lonnaíocht, tá sí suite áit a mbuaileann An Casán agus An Níth le chéile sula sníonn siad amach i dtreo Mhuir Éireann. Nuair a bhítear ag taisteal feadh an R166 ó Bhaile an Ghearlánaigh roimh dhul isteach sa sráidbhaile, cúngaíonn an bóthar ag trasnú droichid phictiúrtha. Nuair a bhítear ag dul isteach sa sráidbhaile, is cuma ó cén treo, tá radhairc phictiúrtha de Chuaille agus de na Beanna Boirche le feiceáil.

Tábla 6.1: Forléargas ar an Lonnaíocht

| Forléargas ar an Lonnaíocht - Áth na gCasán | |
|---|---|
| **Ionad san Ordlathas Lonnaíochta** | Sráidbhaile |
| **Daonra 2016** | 201 |
| **Stoc Tithíochta 2016** | 122 |
| **Aonaid Chónaithe ceadaithe ó 2015** | 0 |
| **Áiseanna Oideachais** | Níl |
| **Áiseanna Pobail** | Páirceanna imeartha CLG lasmuigh de theorainn lonnaíochta |
| **Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA)** | Níl |
| **Déanmhais Chosanta** | 3 |
| **Crios Poitéinseal Seandálaíochta (ZAP)** | Níl |
| **Amhairc agus Radhairc** | Níl |
| **Cóngarach do Láithreán Eorpach** | SPA Chuan Dhún Dealgan<br>SAC Chuan Dhún Dealgan |
| **Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte** | Crios Tuilte A feadh an chósta, aibhneacha ag sní isteach sa lonnaíocht, ar thailte i dtreo an tuaiscirt. Criosanna Tuilte A agus B ag suíomhanna éagsúla ar fud na lonnaíochta. |

| Forléargas ar an Lonnaíocht - Áth na gCasán | |
|---|---|
| | Riosca agus forbairt i gcás tuilte a bhainistiú de réir Phlean Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte Loch nEathach-na Banna agus de réir na gCuspóirí Beartais atá sonraithe in Imleabhar 1, Caibidil 10: Bonneagar agus Fóntais Phoiblí. |
| **Bonneagar/Acmhainn Seirbhísí Uisce** | Tá Áth na gCasán suite laistigh de Chrios Acmhainní Uisce Chnoc an Chabháin agus Lú Thuaidh, ceantar a raibh acmhainn ar fáil ann tráth scríofa an doiciméid seo.<br>Bhí acmhainn ar fáil in Ionad Cóireála Fuíolluisce Áth na gCasán tráth scríofa an doiciméid seo. |

## 6.2 Deiseanna

- Naisc idir an Sráidbhaile agus a oidhreacht Lochlannach a chur chun cinn agus a fhorbairt.
- An sráid-dreach a shaibhriú trí fheabhsuithe ar an ríocht phoiblí.
- Conairí siúil reatha a fheabhsú.

## 6.3 Lonnaíocht agus Tithíocht

Is é Áth na gCasán an dara sráidbhaile is lú as measc na sráidbhailte ar fad agus bhí daonra 201 duine ann in 2016. Ní dhearnadh aon iarratais ar fhorbairt chónaithe nua thar shaolré an phlean roimhe seo. Leanfaidh an Plean ag tacú le beartas comhdhlúthaithe a bheidh dírithe ar fhás áitiúil.

Tá sé mar aidhm leis an straitéis lonnaíochta le haghaidh Áth na gCasán a shuíomh a chothabháil agus cur le timpeallacht thógtha an tsráidbhaile trí chóireáil íogair na forbartha inlíonta.

## 6.4 Geilleagar agus Fostaíocht

Tá Áth na gCasán sainaitheanta mar ionad miondíola Leibhéal 4 in Ordlathas Miondíola an Chontae.

Cosúil le go leor ceantar cois cósta, tráth dá raibh ba é iascaireacht an fhoinse fostaíochta ba thábhachtaí agus mol gníomhaíochta ba ea Áth na gCasán. Sa lá inniu ann, tá an cuan in úsáid le haghaidh caitheamh aimsire cosúil le hiascaireacht agus báid bheaga caitheamh aimsire. Leanfaidh an Plean seo ag tacú le forbairt turasóireachta agus ba cheart dó tairbhe a bhaint as sócmhainní oidhreachta reatha trí thacú le conairí oidhreachta.

Is é O'Neill's, bácús seanbhunaithe, an fostóir is mó sa sráidbhaile. I measc na bhfostóirí eile tá tithe tábhairne agus bialann sa sráidbhaile. Chun an pobal seo a chothabháil, is den tábhacht é go gcosnaítear deiseanna fostaíochta reatha agus go dtacaítear le tuilleadh post áitiúil.

Reáchtáiltear an fhéile 'Blas an Tóchair' i mí Mheán Fómhair, féile a mheallann custaiméirí chuig tithe tábhairne, bialann agus B&B sa sráidbhaile, agus a thacaíonn le turasóireacht sa cheantar. Cuirtear san áireamh sa Phlean an tábhacht a bhaineann lena leithéid sin d'fhéilte agus d'imeachtaí i ndáil le gníomhaíocht gheilleagrach agus rannpháirtíocht an phobail a spreagadh.

## 6.5 Bonneagar Seirbhísí Uisce

Tá an bonneagar seirbhísí uisce seo a leanas ag freastal ar Áth na gCasán:

Uisce: Tá Áth na gCasán suite laistigh de Chrios Acmhainní Uisce Chnoc an Chabháin agus Lú Thuaidh, ceantar a raibh acmhainn ar fáil ann tráth scríofa an doiciméid seo.
Fuíolluisce: Bhí acmhainn ar fáil in Ionad Cóireála Fuíolluisce Áth na gCasán tráth scríofa an doiciméid seo.

## 6.6 Gluaiseacht

Tá Áth na gCasán suite feadh an R166, a nascann an sráidbhaile le Baile an Ghearlánaigh ó thuaidh agus le Ceann Chlochair agus Droichead Átha ó dheas. Tá seirbhís bus laethúil teoranta á soláthar ag Bus Éireann chomh fada le Dún Dealgan agus An tIúr agus soláthraíonn *Local Link Lú* seirbhís dhésheachtainiúil idir Cairlinn agus Dún Dealgan. Bhainfeadh an sráidbhailte tairbhe as bonneagar bus feabhsaithe lena n-áirítear scáthlán bus agus suíocháin.
Mar thoradh ar phatrún lonnaíochta líneach an tsráidbhaile agus suíomh feadh stráice leathan den R166 tá coinbhleacht idir gluaiseachtaí feithiclí agus coisithe. Bheadh feabhsuithe ar an ríocht phoiblí i dteannta le bearta moillithe tráchta mar bhonn le taitneamhacht amhairc an cheantair a fheabhsú agus tús áite a thabhairt do ghluaiseachtaí sábháilte coisithe.
D'éascódh forbairt nasc coisithe agus soilsiú poiblí idir an sráidbhaile agus páirceanna imeartha Naomh Fionnbarra GFC níos mó gníomhaíochta coisithe agus laghdódh sé an gá a bheadh le haistir sa charr. Lena chois sin, chruthódh cóireáil níos cuimsithí dromchlaí, soilsiú sráide agus troscán sráide timpeallacht a bhfuil cuma níos deise uirthi.
Tá cosán neamhfhoirmiúil chomh fada le Droim Chora a bhíonn in úsáid ag iascairí agus ag daoine de bhunadh na háite. Bheadh feabhsú an chosáin seo mar bhonn le nascacht sa cheantar a fheabhsú. Os a choinne sin, rachadh breis nascachta idir an calafort/ceantar an trá agus lár an tsráidbhaile chun tairbhe phobal na háite agus spreagfadh sé cuairteoirí tamall a chaitheamh sa sráidbhaile.
D'fhéadfadh an Glasbhealach Cósta cóngarach d'Áth na gCasán nasc a chruthú idir Glasbhealach an Oirthir ó thuaidh agus Glasbhealach na Bóinne ó dheas. Sócmhainn thábhachtach caitheamh aimsire agus turasóireachta a bheadh sa ghlasbhealach seo.

## 6.7 Oidhreacht Nádúrtha agus Thógtha

Is lonnaíocht mhealltach cois cósta é Áth na gCasán atá suite laistigh de, i bpáirt, agus taobh le Limistéar faoi Chosaint Speisialta Chuan Dhún Dealgan (SPA) agus Limistéar faoi Chaomhantas Speisialta Chuan Dhún Dealgan (SAC).
Tá trí réimse de spás oscailte taobh leis an bpríomhbhealach, a úsáidtear le haghaidh taitneamhacht neamhfhoirmiúil.
Is ionann an stráice bruachánach 10m atá le fáil ar an dá thaobh den bhruach abhann, áit a bhfuil radhairc phictiúrtha de Chuaille agus de na Beanna Boirche, agus deis an abhainn a oscailt agus freastal ar ról caitheamh aimsire feabhsaithe.
Is eol anois go mbíodh campaí agus longphort ag na Lochlannaigh in Áth na gCasán. Tá cúlra seandálaíoch saibhir ag an sráidbhaile agus a phurláin, agus is fianaise ar an méid seo an líon gnéithe seandálaíochta atá le fáil sa cheantar.
Tá 3 Dhéanmhas Cosanta laistigh de theorainn an tsráidbhaile mar atá sonraithe i dTábla 6.2 agus ar Mhapa Ilchodach Átha na gCasán. Is gné mhealltach é an balla cloiche atá le fáil ag an taobh ó thuaidh den phríomhbhealach sa lonnaíocht, gné ba cheart a choimeád.

Tábla 6.2: Déanmhais Chosanta in Áth na gCasán

| Uimhir Aitheantais | Ainm |
|---|---|
| **LHS 015 - 028** | Droichead Áth na gCasán c. 1800 |
| **LHS 015 - 052** | Muileann agus Scoil Lása Áth na gCasán |
| **LHS 015 - 057** | Áith Aoil, Cuan Áth na gCasán |

## 6.8 Bonneagar Sóisialta

Tá dóthain bonneagair in Áth na gCasán chun freastal ar riachtanais laethúla a phobail bhig. Tá páirc imeartha Naomh Fionnbarra GFC suite lasmuigh de theorainn na lonnaíochta, ag cúl *Seaview*. Tá an séipéal is gaire, an t-ionad adhlactha agus bunscoil Naomh Fionáin suite i mBaile an Díolúnaigh.

Chun tacú le patrúin taistil níos inbhuanaithe, ba cheart go mbeadh aon tograí le haghaidh saoráidí pobail breise lonnaithe laistigh de theorainn na lonnaíochta.

## 6.9 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

Is sásra maoinithe é an Scéim um Athnuachan Baile agus Sráidbhaile atá deartha chun bailte agus sráidbhailte tuaithe ar fud na hÉireann a athnuachan. Cuimsítear i measc na dtionscadal atá incháilithe faoin scéim seo tionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo an timpeallacht agus an ríocht phoiblí a fheabhsú, cosúil le huasghráduithe ar spásanna cathartha agus infheistíocht i dtroscán sráide, cosáin agus rotharbhealaí. Tacóidh an Plean seo le haon iarratais ar mhaoiniú faoin Scéim seo nó scéimeanna cosúla a bheadh mar bhonn leis an ríocht phoiblí, an timpeallacht thógtha agus caighdeán timpeallachta Áth na gCasán a fheabhsú.

Tá an R166 agus *Farm Road* sainaitheanta sa phlean lonnaíochta mar cheantair a bhféadfaí an ríocht phoiblí iontu a fheabhsú. Dá laghdófar suntas an bhóthair Réigiúnaigh, sholáthrófaí timpeallacht níos mealltaí agus níos sábháilte do choisithe.

D'fhéadfadh feabhsú ar ríocht phoiblí tailte ar an taobh thiar den lonnaíocht deis feabhsaithe a sholáthar le haghaidh caitheamh aimsire éighníomhach mar aon le nasc agus nascacht níos fearr idir an calafort agus lár an tsráidbhaile.

## 6.10 Cuspóir Beartais

Tá na Cuspóirí Beartais atá sonraithe thíos le húsáid le cois na gCuspóirí Beartais atá san áireamh sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar 1 den Phlean Forbartha Contae. Ar mhaithe le hathrá a sheachaint, níl Cuspóirí Beartais athluaite ach amháin sa chás go bhfuil siad ábhartha don lonnaíocht. Dá réir sin, ba cheart iad a léamh leis na Cuspóirí Beartais agus Caighdeáin agus Treoirlínte Forbartha atá sonraithe in Imleabhar 1 den Phlean Forbartha Contae.

### 6.10.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 1** | Tacú le ról Áth na gCasán trí fhorbairt a éascú a chuirfidh le carachtar an tsráidbhaile, agus a fheabhsóidh caighdeán thimpeallacht thógtha agus nádúrtha mhealltach an tsráidbhaile**.** |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 2** | Cur chun feidhme Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a chinntiú, a mhéid agus is féidir, trína chinntiú nach sáraítear an leithdháileadh tithíochta d'Áth na gCasán. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 3** | Tacú le forbairt chónaithe agus a leithéid a spreagadh ar thailte tearcúsáidte agus/nó folmha lena n-áirítear láithreáin 'inlíonta' agus 'athfhorbraíochta', faoi réir ardchaighdeán dearaidh agus leagan amach a chomhlíonadh. |

### 6.10.2 Geilleagar agus Fostaíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 4** | Athúsáid foirgneamh folamh sa lonnaíocht le haghaidh úsáidí a chuireann le scála agus carachtar reatha an tsráidbhaile a spreagadh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 5** | Tacú le agus forbairt turasóireacht inbhuanaithe a chur chun cinn in Áth na gCasán. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 6** | Tacú le soláthar conairí oidhreachta agus a bhforbairt a spreagadh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 7** | Tacú le himeachtaí agus le féilte éagsúla agus iad a chur chun cinn. |

### 6.10.3 Infreastruchtúr

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 8** | Idirchaidreamh a dhéanamh le agus tacú le Uisce Éireann seirbhísí uisce oiriúnacha a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais forbartha Áth na gCasán laistigh de thréimhse an Phlean. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 9** | Tacú le háiseanna poiblí, pobail agus spóirt atá ar fáil cheana féin agus le soláthar aon áiseanna breise. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 10** | Tacú le forbairt agus soláthar tionscadal sóisialta agus pobail. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 11** | Talamhúsáidí nó forbairtí atá sainaitheanta mar 'fhorbairt an-leochaileach' i dTábla 3.1 de *'An Córas Pleanála agus Treoirlínte Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte (2009)'* a sheachaint ar thailte atá i mbaol tuilte agus sa chás nach féidir forbairt ar thuilemhánna a sheachaint, cur chuige seicheamhach a ghlacadh i ndáil le bainistíocht riosca i gcás tuilte bunaithe ar sheachaint, laghdú agus oiriúnú don riosca. |

## 6.10.4 Gluaiseacht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 12** | Tacú le agus forbairt siúlbhealaí agus rotharbhealaí a éascú ag suíomhanna oiriúnacha ar fud Áth na gCasán. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 13** | Sláinte agus caighdeán radhairc siúlbhealaí agus rotharbhealaí reatha agus todhchaíocha agus a suíomhanna a chosaint. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 14** | A chinntiú nach dtarlaíonn aon fhorbairt lena n-áirítear glanadh nó stóráil ábhar laistigh d'íosfhad 10m arna thomhas ó gach bruach d'aon abhann, sruth nó sruthchúrsa. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 15** | Forbairt an Ghlasbhealaigh Chósta i gcomharsanacht Áth na gCasán a chur chun cinn agus a éascú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 16** | Tacú le forbairt agus feabhsú cosán, trasrianta coisithe agus beart moillithe tráchta a thugann tús áite do choisithe agus a fheabhsaíonn sábháilteacht ar bhóithre agus a leithéid a éascú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 17** | Cabhrú le soláthraithe seirbhíse le bonneagar breise bus a sholáthar laistigh den sráidbhaile. |

## 6.10.5 Oidhreacht Thógtha agus Nádúrtha

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 18** | Saintréithe agus suíomh uathúil Áth na gCasán a chosaint agus a fheabhsú lena n-áirítear a shaintréithe seandálaíocha agus gnéithe den oidhreacht thógtha agus nádúrtha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 19** | Tacú le caomhnú crann agus fálta sceach suntasach atá sainaitheanta ar an Mapa Ilchodach agus na crainn sin a bhainistiú de réir dea-chleachtais crannadóireachta. |

### 6.10.6 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 20** | Tacú le húsáid a bhaint as na maoiniú atá ar fáil agus as cur chun feidhme aon tionscadal nó scéimeanna a bhfuil maoiniú faighte lena n-aghaidh a bheadh mar bhonn le hÁth na gCasán a fheabhsú agus a athbheochan. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 21** | Carachtar an tsráidbhaile a chaomhnú trína cheangal go léiríonn airde, scála, dearadh agus ábhar aon fhorbairt bheartaithe meas ar charachtar an tsráidbhaile agus nach mbaineann sé an bonn de mhórtas ceantair uathúil na háite. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **ANN 22** | Iarracht a dhéanamh na sráideanna agus spásanna laistigh d'Áth na gCasán a fheabhsú tríd an ríocht phoiblí a fheabhsú. |

PLEAN FORBARTHA CHONTAE LÚ 2021-2027

# Baile Trá

IMLEABHAR 2

BAILTE BEAGA AGUS SRÁIDBHAILTE

# 7. BAILE TRÁ

## 7.1 Comhthéacs/ Carachtar

Is lonnaíocht cois cósta é Baile Trá atá suite ar Inbhear na Bóinne thart ar 1km ó dheas de Thearmann Feichín agus 7km ó thuaidh de Dhroichead Átha. Nuair a bhíonn daoine ag triall ar an sráidbhaile ón tuaisceart, is féidir galláin Bhaile Trá a fheiceáil, grúpa de mheigilití. Tá radhairc lánléargais trasna Inbhear na Bóinne le feiceáil nuair a bhíonn daoine ag taisteal ó Dhroichead Átha. Is féidir an sráidbhaile a rochtain ón treo seo trí dhroichead cloiche ársa thar bhéal na Bóinne.

Tá foirm líneach le tabhairt faoi deara sa sráidbhaile, is i bhfoirm slabhra leanúnach mírialta atá na foirgnimh atá ag breathnú amach ar an gcósta. Tá foirm na lonnaíochta slán agus tá an cháilíocht bhunúsach fós le tabhairt faoi deara. Foirgnimh aon stóir den chuid is mó atá le fáil sa sráidbhaile traidisiúnta agus tá cúpla foirgneamh dhá stór le fáil ina measc. Tithe ceann tuí ba ea go leor de na foirgnimh a bhí le fáil i lár an tsráidbhaile.

**Tábla 7.1: Forléargas ar an Lonnaíocht**

| Forléargas ar an Lonnaíocht - Baile Trá | |
|---|---|
| **Ionad san Ordlathas Lonnaíochta** | Sráidbhaile |
| **Daonra 2016** | 132 |
| **Daonra 2011** | 103 |
| **Athrú Céatadáin 2011-2016** | 28% |
| **Stoc Tithíochta 2016** | 71 |
| **Aonaid Chónaithe ceadaithe ó 2015** | 25 aonad (7 n-aonad críochnaithe tráth scríofa an doiciméid) |
| **Áiseanna Oideachais** | Dada |
| **Áiseanna Pobail** | Dada |
| **Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA)** | Dada |
| **Déanmhais Chosanta** | 6 |
| **Crios Poitéinseal Seandálaíochta (ZAP)** | Níl |
| **Amhairc agus Radhairc** | Níl |
| **Cóngarach do Láithreán Eorpach** | SPA Inbhear na Bóinne (4080)<br>SAC Inbhear na Bóinne agus an Chósta (1957) |
| **Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte** | Crios Tuilte A feadh an chósta, aibhneacha ag sní isteach sa lonnaíocht, ar thailte i dtreo an oirthir agus, le cois phócaí Chrios Tuilte B, ag suíomhanna éagsúla ar fud na lonnaíochta. |

| Forléargas ar an Lonnaíocht - Baile Trá | |
|---|---|
| | Riosca agus forbairt i gcás tuilte a bhainistiú de réir Phlean Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte an Oirthir agus de réir na gCuspóirí Beartais atá sonraithe in Imleabhar 1. Caibidil 10: Bonneagar agus Fóntais Phoiblí. Tá maoiniú leithdháilte ar Chomhairle Contae Lú chun scéim Faoisimh Tuilte Dhroichead Átha agus Bhaile Trá a chur chun feidhme agus tá obair á déanamh le hOifig na nOibreacha Poiblí chun dlús a chur faoin tionscadal seo. |
| **Bonneagar/Acmhainní Seirbhísí Uisce** | Tá uisce le haghaidh Bhaile Trá á sholáthar ó Chrios Acmhainní Uisce Lú Theas agus Oirthear na Mí. Bhí an acmhainn theoranta tráth scríofa an doiciméid seo.<br>Cóireáiltear uisce bréan ó Bhaile Trá in Ionad Cóireála Fuíolluisce Dhroichead Átha, agus bhí acmhainn ar fáil san Ionad tráth scríofa an doiciméid seo. |

## 7.2 Deiseanna

- Leanúint le suíomh traidisiúnta Bhaile Trá a chur chun cinn agus a fheabhsú agus a mhórtas ceantair a fheabhsú.
- Tacú le forbairt láithreán athfhorbraíochta agus inlíonta, agus meas a léiriú ar charachtar Bhaile Trá.
- An ríocht phoiblí a fheabhsú ar bhealach a rachaidh chun tairbhe na ndaoine atá ina gcónaí sa sráidbhaile agus na ndaoine a thugann cuairt ar an sráidbhaile.

## 7.3 Lonnaíocht agus Tithíocht

Tá sé mar aidhm leis an straitéis talamhúsáide do Bhaile Trá suíomh cósta an tsráidbhaile a chosaint agus a chinntiú go seachnaítear comhtháthú le Tearmann Feichín. De réir dhaonáireamh 2016, bhí daonra de 132 duine i mBaile Trá, agus dá réir sin, is é Béal Trá an sráidbhaile is lú i gCo. Lú. I gcomhréir le méid Bhaile Trá, tá éileamh suntasach ar fhorbairt chónaithe tugtha faoi deara sa sráidbhaile thar thréimhse an phlean a bhí i bhfeidhm roimhe seo, fianaise ar a chóngaraí is atá an sráidbhailte do Dhroichead Átha agus ar shuíomh mealltach an tsráidbhaile.

Ag féachaint d'fhoirm thraidisiúnta an tsráidbhaile atá fós slán tríd is tríd, agus don líon teoranta seirbhísí atá ar fáil, glactar leis gurb é an fhoirm is oiriúnaí forbartha i rith shaolré an Phlean seo tógáil a dhéanamh de réir ceadanna atá ar marthain agus comhdhlúthú an loirg choise uirbigh reatha.

Tá an teach tábhairne atá ann faoi láthair criosaithe mar lár sráidbhaile, mar aon le ceantar beag ar an taobh thiar den sráidbhaile a bhféadfaí siopa áitiúil a lonnú ann. Feabhsaíonn agus cosnaíonn na hainmniúcháin Spás Oscailte suíomh Bhaile Trá agus soláthraíonn siad deis le haghaidh caitheamh aimsire éighníomhach agus gníomhach freisin.

## 7.4 Geilleagar agus Fostaíocht

Tá Baile Trá sainaitheanta mar ionad miondíola Leibhéal 4 in Ordlathas Miondíola an Chontae. Tá cead fós ar marthain le haghaidh siopa beag ar an taobh thiar den sráidbhaile.

Go traidisiúnta, is iascairí agus feirmeoirí a bhíodh ag cur fúthu sa sráidbhaile. Sa lá inniu ann, níl deiseanna fostaíochta le fáil ach i mbeár (*The 19th*) agus i 'gClub Gailf Chontae Lú' taobh leis.

Reáchtáladh roinnt craobhchomórtas ar an nGalfchúrsa Dumhcha lena n-áirítear Craobhchomórtas Oscailte Gailf na hÉireann in 2004 agus in 2009, comórtais a mheall idir chuairteoirí náisiúnta agus chuairteoirí idirnáisiúnta.

Is foinse thábhachtach ioncaim do Bhaile Trá iad turasóirí lae chuig an gceantar a bhaineann úsáid as an gclub gailf.

Is fianaise iad na deiseanna fostaíochta teoranta go bhfuil Baile Trá forbartha mar shráidbhaile comaitéireachta, agus tá formhór na gcónaitheoirí ag brath ar dheiseanna fostaíochta a fháil in áiteanna eile.

Ba cheart go leanfadh an Plean seo ag tacú le forbairt turasóireachta agus ba cheart dó tairbhe a bhaint as sócmhainní oidhreachta reatha trí thacú le conairí oidhreachta.

## 7.5 Bonneagar Seirbhísí Uisce

Tá an bonneagar seirbhísí uisce seo a leanas ag freastal ar Bhaile Trá:

**Uisce**: Tá uisce le haghaidh Bhaile Trá á sholáthar ó Chrios Acmhainní Uisce Lú Theas agus Oirthear na Mí. Bhí an acmhainn teoranta tráth scríofa an doiciméid seo.

**Fuíolluisce**: Cóireáiltear uisce bréan ó Bhaile Trá in Ionad Cóireála Fuíolluisce Dhroichead Átha, agus bhí acmhainn ar fáil san Ionad tráth scríofa an doiciméid seo.

## 7.6 Gluaiseacht

Tá Baile Trá suite feadh an R167, a nascann an sráidbhaile le Droichead Átha agus Tearmann Feichín. Tá seirbhís bus phoiblí Dhroichead Átha go Gráinseach an Dísirt (Seirbhís 189) ag freastal ar an sráidbhaile, agus tá cúig sheirbhís laethúla ar fáil, Luan go hAoine. Bhainfeadh Baile Trá tairbhe as bonneagar bus feabhsaithe lena n-áirítear scáthlán agus suíocháin.

Tá lána tuaithe ag rith ón sráidbhaile chomh fada le Tearmann Feichín trí áis oideachais An Grianán agus tá rochtain ar an trá trí chosán neamhfhoirmiúil freisin.

Sholáthródh feabhsú na gcosán seo tuilleadh deiseanna caitheamh aimsire do na daoine atá ina gcónaí sa sráidbhaile agus ag tabhairt cuairte ar an sráidbhaile mar aon le nascacht a fheabhsú agus an méid úsáide atá á baint as an gcarr príobháideach a laghdú.

Soláthraíonn an Glasbhealach Cósta idir Baile Trá agus Droichead Átha i gcomhar le tionscadal cosanta Chósta Lú deis chun Glasbhealach an Oirthir (a bheadh ag rith i dtreo an tuaiscirt) a nascadh le Glasbhealach na Bóinne (a bheadh ag rith i dtreo an deiscirt). Sócmhainn thábhachtach caitheamh aimsire agus turasóireachta a bheadh anseo.

## 7.7 Oidhreacht Nádúrtha agus Thógtha

Suite ar chladach thuaidh Inbhear na Bóinne, tá oidhreacht nádúrtha an chósta á cosaint faoi reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach. Tá sé lonnaithe laistigh de Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA).

Tá sé Dhéanmhas Cosanta laistigh de theorainn an tsráidbhaile mar atá sonraithe i dTábla 7.2. Tá eolas maidir le suíomhanna na nDéanmhas Cosanta seo le fáil ar Mhapa Ilchodach Bhaile Trá.

Tá roinnt gnéithe seandálaíocha laistigh den sráidbhaile, atá liostaithe sa Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna. Tá a suíomhanna le feiceáil ar an Mapa Ilchodach. Chomh maith leis sin, tá gréasán de chlampaí crann agus fálta sceach le fáil i mBaile Trá, atá sainaitheanta mar ghnéithe lena mbaineann luach speisialta caitheamh aimsire, agus tá sonraí le feiceáil ar an Mapa Ilchodach.

**Tábla 7.2: Déanmhais Chosanta i mBaile Trá**

| Uimhir Aitheantais | Ainm |
|---|---|
| Lhs 025-004 | Droichead Bhragáin |
| Lhs 025-005 | Teach Ceann Tuí Bhaile an Bhainc c.1830 |
| Lhs 025-015 | Cró / Bothán Arbhair c.1860 |
| LHS 025-006 | Teach Ceann Tuí Bhaile Trá |
| LHS 025-007 | Teach Ceann Tuí San Anna |
| LHS 025-008 | Teach Ceann Tuí Bhaile Trá |

## 7.8 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

Is sásra maoinithe é an Scéim um Athnuachan Baile agus Sráidbhaile atá deartha chun bailte agus sráidbhailte tuaithe ar fud na hÉireann a athnuachan. Cuimsítear i measc na dtionscadal atá incháilithe faoin scéim seo tionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo an timpeallacht agus an ríocht phoiblí a fheabhsú, cosúil le huasghráduithe ar spásanna cathartha agus infheistíocht i dtroscán sráide, cosáin agus rotharbhealaí. Tacóidh an Plean seo le haon iarratais ar mhaoiniú faoin scéim seo nó scéimeanna cosúla a bheadh mar bhonn leis an ríocht phoiblí, an timpeallacht thógtha agus caighdeán timpeallachta Bhaile Trá a fheabhsú.

Ba cheart d'aon fhorbairt nua sa sráidbhailte aitheantas a thabhairt do agus meas a léiriú ar an bhfoirm agus ar an gcarachtar tógtha traidisiúnta. Tá dhá cheantar sainaitheanta le haghaidh feabhsuithe ar an ríocht phoiblí agus tá siad seo suite ar an taobh thiar den sráidbhaile agus díreach trasna ón teach tábhairne.

Is nóid iontrála tábhachtacha iad na ceantair seo, chuig an sráidbhaile féin agus chuig an ngalfchúrsa. D'fhéadfadh feabhsú na ríochta poiblí trasna ón teach tábhairne cabhrú le háiseanna a chur ar fáil le haghaidh caitheamh aimsire éighníomhach, rud a rachadh chun tairbhe turasóirí lae agus daoine áitiúla araon.

## 7.9 Cuspóir Beartais

Tá na Cuspóirí Beartais atá sonraithe thíos le húsáid le cois na gCuspóirí Beartais atá san áireamh sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar 1 den Phlean Forbartha Contae. Ar mhaithe le hathrá a sheachaint, níl Cuspóirí Beartais athluaite ach amháin sa chás go bhfuil siad ábhartha don lonnaíocht. Dá réir sin, ba cheart iad a léamh leis na Cuspóirí Beartais agus Caighdeáin agus Treoir Forbartha atá sonraithe in Imleabhar 1 den Phlean Forbartha Contae.

### 7.9.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 1** | Tacú le ról Bhaile Trá trí fhorbairt a éascú a chuirfidh le carachtar agus struchtúr an tsráidbhaile, agus a fheabhsóidh caighdeán thimpeallacht thógtha agus nádúrtha mhealltach an tsráidbhaile. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 2** | Cur chun feidhme Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a chinntiú, a mhéid agus is féidir, trína chinntiú nach sáraítear an leithdháileadh tithíochta do Bhaile Trá. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 3** | Tacú le forbairt chónaithe agus a leithéid a spreagadh ar thailte tearcúsáidte agus/nó folmha lena n-áirítear láithreáin 'inlíonta' agus 'athfhorbraíochta', faoi réir ardchaighdeán dearaidh agus leagan amach a chomhlíonadh. |

### 7.9.2 Geilleagar agus Fostaíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 4** | Athúsáid foirgneamh folamh sa lonnaíocht le haghaidh úsáidí a chuireann le scála agus carachtar reatha an tsráidbhaile a spreagadh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 5** | Tacú le agus forbairt turasóireacht inbhuanaithe a chur chun cinn i mBaile Trá. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 6** | Tacú le soláthar conairí oidhreachta agus a bhforbairt a spreagadh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 7** | Forbairt áis mhiondíola a spreagadh a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaoine atá ina gcónaí sa sráidbhaile agus ag tabhairt cuairte ar an sráidbhaile mar aon leo siúd a bhfuil cónaí orthu sa chúlchríoch tuaithe. |

### 7.9.3 Infreastruchtúr

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 8** | Idirchaidreamh a dhéanamh le agus tacú le Uisce Éireann seirbhísí uisce oiriúnacha a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais forbartha Bhaile Trá laistigh de thréimhse an Phlean. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 9** | Tacú le háiseanna poiblí, pobail agus spóirt atá ar fáil cheana féin agus le soláthar aon áiseanna breise. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 10** | Tacú le forbairt agus soláthar tionscadal sóisialta agus pobail. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 11** | Talamhúsáidí nó forbairtí atá sainaitheanta mar 'fhorbairt an-leochaileach' i dTábla 3.1 de *'An Córas Pleanála agus Treoirlínte Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte (2009)'* a sheachaint ar thailte atá i mbaol tuilte agus sa chás nach féidir forbairt ar thuilemhánna a sheachaint, cur chuige seicheamhach a ghlacadh i ndáil le bainistíocht riosca i gcás tuilte bunaithe ar sheachaint, laghdú agus oiriúnú don riosca. |

### 7.9.4 Gluaiseacht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 12** | Tacú le agus forbairt siúlbhealaí agus rotharbhealaí a éascú ag suíomhanna oiriúnacha ar fud Bhaile Trá lena n-áirítear an Glasbhealach Cósta chomh fada le Droichead Átha a sholáthar. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 13** | Sláinte agus caighdeán radhairc siúlbhealaí agus rotharbhealaí reatha agus todhchaíocha agus a suíomhanna a chosaint. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 14** | Tacú le forbairt agus feabhsú cosán, trasrianta coisithe agus beart moillithe tráchta a thugann tús áite do choisithe agus a fheabhsaíonn sábháilteacht ar bhóithre agus a leithéid a éascú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 15** | Cabhrú le soláthraithe seirbhíse le bonneagar breise bus a sholáthar laistigh den sráidbhaile. |

### 7.9.5 Oidhreacht Thógtha agus Nádúrtha

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 16** | Saintréithe agus suíomh uathúil Bhaile Trá a chosaint agus a fheabhsú lena n-áirítear a shaintréithe seandálaíocha agus gnéithe den oidhreacht thógtha agus nádúrtha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 17** | Tacú le caomhnú crann agus fálta sceach suntasach atá sainaitheanta ar an Mapa Ilchodach agus na crainn sin a bhainistiú de réir dea-chleachtais crannadóireachta. |

### 7.9.6 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 18** | Tacú le húsáid a bhaint as am maoiniú atá ar fáil agus as cur chun feidhme aon tionscadal nó scéimeanna a bhfuil maoiniú faighte lena n-aghaidh a bheadh mar bhonn le Baile Trá a fheabhsú agus a athbheochan. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 19** | Carachtar an tsráidbhaile agus a shuímh a chosaint trína cheangal go léiríonn airde, scála, dearadh agus ábhar aon fhorbairt bheartaithe meas ar charachtar an tsráidbhaile agus nach mbaineann sé an bonn de mhórtas ceantair uathúil na háite. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **BAL 20** | Iarracht a dhéanamh na sráideanna agus spásanna laistigh de Bhaile Trá a fheabhsú tríd an ríocht phoiblí a fheabhsú. |

PLEAN FORBARTHA CHONTAE LÚ 2021-2027

# Collann

IMLEABHAR 2

BAILTE BEAGA AGUS SRÁIDBHAILTE

# 8. Collann

## 8.1 Comhthéacs/Carachtar

Tá Collann suite ar chrosaire ar an N2, an bealach náisiúnta a nascann Doire agus Baile Átha Cliath le chéile, thart ar 12 chiliméadar siar ó thuaidh ó Dhroichead Átha agus 11 chiliméadar ó dheas ó Bhaile Átha Fhirdhia. Tá an sráidbhaile suite i dtírdhreach nádúrtha ardscéimhe a ainmníodh mar Limistéar Ardscéimhe (nó AHSQ). Foinse cumhachta uisce ab ea an Mháiteog, ó dheas ó lár an tsráidbhaile, agus d'fhorbair Collann mar eiseamláir de shráidbhaile tionsclaíoch pleanáilte dá bharr seo.

Tá na foirgnimh is sine suite ar an taobh theas den sráidbhaile, i dtreo an ghleanna, ach cruthaíodh an eiseamláir de shráidbhaile ag an gcrosaire. Tá faiche an tsráidbhaile, a dearadh le haghaidh margadh faoin aer, suite siar ón bpríomhshráid.

Is sa treo soir ón N2 atá formhór an fháis, feadh na mbealaí go dtí Droichead Átha agus Tigh an Iúir. Tá na forbairtí is deireanaí, lena n-áirítear Clabhstraí, Arda Oiriall, Cúirt na Mainistreach Móire agus Doire Beag, suite gar do lár an tsráidbhaile.

**Tábla 8.1: Forléargas ar an Ionnaíocht**

| Forléargas ar an Ionnaíocht - Collann | |
|---|---|
| **Suíomh sa Chéimiúlacht Lonnaíochta** | **Sráidbhaile** |
| **Daonra in 2016** | 846 |
| **Daonra in 2011** | 814 |
| **Athrú Céatadáin 2011-2016** | 10.1% |
| **Soláthar Tithe 2016** | 354 |
| **Aonaid Chónaithe a ceadaíodh ó 2015** | 1 uimh. aonad cónaithe |
| **Saoráidí Oideachais** | Scoil Náisiúnta Chollann |
| **Saoráidí Pobail** | Halla pobail, Stáisiún na nGardaí, Club CLG, galf dhá mhaide |
| **Limistéar Caomhantais Ailtireachta (nó ACA)** | Limistéar Caomhantais Ailtireachta Chollann |
| **Struchtúir atá faoi chosaint** | 21 |
| **Crios Acmhainneachta Seandálaíochta (nó ZAP)** | Tá |
| **Radhairc** | Níl |
| **Cóngarach do Láithreán Eorpach** | Níl |

| Forléargas ar an Ionnaíocht - Collann | |
|---|---|
| **Measúnacht Straitéiseach Priacail ar Thuilte** | Criosanna Tuile A agus B ar thalamh suite feadh na Máiteoige. Tuile bháistiúil in áiteanna eile ar thailte laistigh de theorainn na forbartha.<br>Baol tuilte agus forbairt a bhainistiú ar aon dul le Cuspóirí Beartais mar a leagtar amach in Iml. 1, Caibidil 10: Bonneagar agus Fóntais Phoiblí. |
| **Bonneagar Seirbhísí Uisce/Toilleadh** | Tá Collann suite laistigh de Chrios Acmhainne Uisce Bhaile Átha Fhirdhia, Chollann agus Drybridge, a raibh toilleadh ann, ach nuair a chuirtear buaic-am agus airde san áireamh, tá easnamh ann. Tá roghanna á meas chun an tsaincheist seo a réiteach.<br>Bhí toilleadh teoranta i gCóras Cóireála Fuíolluisce Chollann agus é seo á scríobh. |

## 8.2 Deiseanna

- Leanúint ag tacú le forbairt lena léirítear meas ar shuíomh Chollann agus lena neartaítear an t-ómós áite.
- Ceannasacht an N2, a mbíonn trácht trom air, a laghdú trí leanúint le tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí sa ríocht phoiblí.
- Cur le saoráidí reatha pobail agus iad a fheabhsú, lena n-áirítear suíomh oiriúnach a aimsiú le haghaidh áit súgartha.

## 8.3 Lonnaíocht agus Tithíocht

Bhí an-bhrú forbartha ar Chollann sna 1990idí agus sna chéad chúig bliana de na 2000idí. Le tamall anuas, tá forbairt cónaithe tar éis a bheith teoranta. Leis an straitéis úsáide talún do Chollann, déantar iarracht foirm an tsráidbhaile reatha a dhaingniú trí thailte inlíonta agus athfhorbraíochta a fhorbairt.

Ainmníodh tailte siar agus ó dheas ón lonnaíocht mar Spás Oscailte lena gcuimsítear na crainn fhásta agus an Mháiteog, atá mar theorainneacha don lonnaíocht. Cuimsítear leis an Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA) agus an Crios Acmhainneachta Seandálaíochta (ZAP) na tailte arna gcriosú mar lár an tsráidbhaile, rud a léirítear i dtraidisiún stairiúil Chollann.

## 8.4 Geilleagar agus Fostaíocht

Sainaithnítear Collann mar ionad miondíola Leibhéal 4 sa Chéimiúlacht Miondíola Contae. Tá aonaid tráchtála, miondíola agus seirbhíse miondíola suite laistigh den sráidbhaile den chuid is mór agus áirítear leo tithe tábhairne, bialanna, caiféanna, búistéirí, ionaid mhearbhia, stad freastail agus siopa troscáin.

Is sna hearnálacha pobail, oideachais, agus miondíola/seirbhíse den chuid is mó, lena n-áirítear an Mhainistir Mhór, Scoil Náisiúnta Chollann, agus na hionaid díola agus fáilteachais, atá deiseanna fostaíochta. Tá deiseanna fostaíochta ar fáil i bPáirc Ghnó Chollann freisin.

Is é an cóimheas Poist:Lucht Saothair i gCollann ná 0.31. Is léir ón gcóimheas íseal seo go bhfuil bonn fostaíochta lag ann agus go mbraitear sa lonnaíocht ar chomaitéireacht amach le haghaidh fostaíochta.

Chun forbairt deiseanna fostaíochta a éascú agus, b'fhéidir, leas a bhaint as an bhfórsa oibre oilte a bhíonn ag comaitéireacht chuig áiteanna éagsúla lasmuigh de Chollann, sainaithníodh dhá láithreán le haghaidh úsáid Fostaíochta Ginearálta siar agus ó dheas ón sráidbhaile. Forbraíodh cuid de na tailte ó dheas ón sráidbhaile.

Ós rud é gur sráidbhaile stairiúil é Collann atá suite i dtírdhreach ardscéimhe gar do Cnoc Oiriall, do Bhrú na Bóinne agus don Mhainistir Mhór, tá deiseanna ann a shuíomh a chur chun cinn, rud a mheallfadh níos mó cuairteoirí. Leis an bPlean seo, leanfar le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt turasóireachta trí leas a bhaint as buntáistí reatha oidhreachta trí na conairí oidhreachta a chur chun cinn.

## 8.5 Bonneagar Seirbhísí Uisce

Cuirtear an bonneagar seirbhísí uisce seo a leanas ar fáil do Chollann:

Uisce: Tá Collann suite laistigh de Chrios Acmhainne Uisce Bhaile Átha Fhirdhia, Chollann agus Drybridge, a raibh toilleadh ann, ach nuair a chuirtear buaic-am agus airde san áireamh, tá easnamh ann. Tá roghanna á meas chun an tsaincheist seo a réiteach.

Fuíolluisce: Bhí toilleadh teoranta i gCóras Cóireála Fuíolluisce Chollann agus é seo á scríobh.

## 8.6 Gluaiseacht

Toisc go bhfuil Collann suite ar chrosaire idir an N2 agus an R168, tá naisc mhaithe idir an lonnaíocht agus na bailte agus na sráidbhailte sa cheantar máguaird.

Tá iompar poiblí maith ar fáil sa sráidbhaile go ginearálta, lena n-áirítear na bealaí bus ó Dhroichead Átha go Baile Átha Fhirdhia agus ó Dhroichead Átha go Muineachán.

Tá seirbhísí breise bus i bhfeidhm idir an sráidbhaile agus Baile Átha Cliath. Cuireann an tseirbhís Nasc Áitiúil Lú seirbhís sheachtainiúil ar fáil idir Collann agus Droichead Átha freisin. Bheadh bonneagar feabhsaithe bus, lena n-áirítear foscadáin agus suíocháin, ina bhuntáiste ag an sráidbhaile.

Tá coimhlint ann idir feithiclí agus coisithe mar gheall ar an méid mór tráchta ag dul tríd an sráidbhaile, agus feithiclí earraí troma is ea cuid mhaith de seo.

Tógadh ardáin mhoillithe, ráillí cosanta agus mullaird tráchta ar Lána na Scoile agus ar Bhóthar Dhroichead Átha, agus feabhsaíodh cosáin. Chun leas sóisialta agus eacnamaíoch an tsráidbhaile a chur chun cinn, ba cheart tosaíocht a thabhairt níos mó do choisithe agus do rothaithe seachas d'fheithiclí.

## 8.7 Oidhreacht Nádúrtha agus Thógtha

Tá Collann suite laistigh de Limistéar Ardscéimhe (AHSQ). Laistigh den sráidbhaile, tá ceangal láidir leis an tírdhreach. Ar an taobh thuaidh, tá sraitheanna crann eastáit ceannasach ach ar an taobh theas, tá radhairc ghlana ar an tuath. Tá na sráideanna leathan agus oscailte agus is féidir an tuath a fheiceáil go soiléir ó laistigh den sráidbhaile. Ní mór go saineofar foirm an tsráidbhaile le go gcoimeádfaidh an lonnaíocht seo a cuid saintréithe féin agus ionas nach gcuirfear isteach ar na radhairc ón sráidbhaile ar an tuath.

Téann craobh-abhainn den Mháiteog trasna an taoibh thiar den sráidbhaile. Tá plandú suntasach fásta ag imill na craobh-abhann seo agus na Máiteoige níos faide ó dheas. Tá na tailte in aice láimhe neamhfhorbartha den chuid is mó agus beidh deis ann an abhainn a úsáid le haghaidh fóillíochta feabhsaithe mar gheall ar an stráice bruachánach 10m ar gach taobh de bhruach na habhann.

Tá codanna beaga talún laistigh de theorainn shráidbhaile Chollann suite laistigh den Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta (nó pNHA) de Choill Nua na Mainistreach Móire.

Ní mór diúltú d'aon fhorbairtí a d'fhágfadh go mbeadh meath suntasach ar ghnáthóga nó go gcuirfí isteach ar speicis sa Limistéar Oidhreachta Nádúrtha molta (pNHA).

Léirítear tábhacht stairiúil an tsráidbhaile leis an sainaitheantas a thugtar don Limistéar Caomhantais Ailtireachta (ACA) agus don Chrios Acmhainneachta Seandálaíochta (ZAP), mar a léirítear ar Léarscáil Lonnaíocht Chollann atá in éineacht leis seo.

Tá 21 Struchtúr faoi Chosaint laistigh de theorainn an tsráidbhaile mar a shonraítear i dTábla 8.2 thíos. Léirítear a suíomhanna ar Léarscáil Chumaisc Chollann.

**Tábla 8.2: Struchtúir faoi Chosaint i gCollann**

| Uimhir Aitheantais | Ainm |
|---|---|
| LHS 020-001 | Teach Round c1820 |
| LHS 020-002 | Iarscoil Erasmus Smith & Teach in aice láimhe c1870 |
| LHS 020-003 | Teach Tábhairne Donegan c1850 |
| LHS 020-004 | 3 theach idirnasctha ar shráid Chearnóg an Mhargaidh c1850 |
| LHS 020-005 | Foirgneamh an Túir Cloig c1820 |
| LHS 020-006 | Teach c.1870 |
| LHS 020-007 | Teach c.1850 |
| LHS 020-008 | Teach c.1830 |
| LHS 020-009 | Teach Chollann c.1740 |
| LHS 020-010 | Teach Six Bay c.1780 |
| LHS 020-011 | Eaglais na hÉireann 1813 |
| LHS 020-012 | Caidéal Uisce Ochtagánach 1822 |
| LHS 020-013 | The Bleach House c.1750 – 1830 |
| LHS 020-014 | Eaglais Mhuire gan Smál 1860 – 1877 |
| LHS 020-015 | Teach Paróiste Chollann 1896 |
| LHS 020-016 | Teach 1880 |
| LHS 020-017 | Green Lawns (Teach) c.1880 |
| LHS 020-019 | Teach c.1880 |
| LHS 020-020 | Teach c.1870 |
| LHS 020-021 | Teach c.1900 |
| LHS 020-023 | Simléar c.1860 |

## 8.8 Bonneagar Sóisialta

Cuirtear réimse leathan seirbhísí agus saoráidí pobail ar fáil i gCollann, lena n-áirítear ollmhargadh agus siopaí, bialann agus caiféanna, tithe tábhairne, ionaid mhearbhia, cógaslann, stáisiún peitril, geallghlacadóir agus sciamheolaithe; mar aon le heaglais, scoil náisiúnta, ionad pobail, oifig poist, comhar creidmheasa, stáisiún Gardaí agus páirceanna imeartha.

Tá seanreilig ag an gcrosaire ag an taobh theas de shráidbhaile Chollann agus tá sí fós in úsáid. Tá an reilig nua suite siar ó theorainn an tsráidbhaile.

Tá Club Galf Dhá Mhaide Chollon suite díreach ó dheas ón sráidbhaile amach ón N2.

Bheadh áit súgartha ina buntáiste ag an sráidbhaile mar chuirfí leis an éagsúlacht saoráidí fóillíochta ar fáil don phobal áitiúil.

## 8.9 Dearadh uirbeach agus Ríocht Phoiblí

Meicníocht mhaoinithe is ea Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte a dearadh chun bailte agus sráidbhailte tuaithe ar fud na hÉireann a athnuachan. Áirítear leis na tionscadail incháilithe faoin scéim seo feabhsúcháin chomhshaoil agus tionscadail ríochta poiblí: spásanna cathartha a uasghrádú, infheistíocht i dtroscán sráide, cosáin agus bealaí rothaíochta, mar shampla.

Leis an bPlean seo tacófar le haon iarratais ar mhaoiniú faoin Scéim seo nó faoi scéimeanna cosúla a chuirfeadh le ríocht phoiblí, timpeallacht thógtha agus cáilíocht chomhshaoil Chollann.

Tá suíomh Chollann lárnach agus é thart ar acomhal an N2/an R168. Tá deis ann ceannasacht an bhóthair phoiblí a laghdú agus tosaíocht do choisithe a fheabhsú ag an acomhal seo ag a mbíonn trácht trom. Sainaithníodh dhá áit eile le haghaidh feabhsú ríochta poiblí sa Phlean Lonnaíochta. Tiocfaidh feabhas ar shábháilteacht bóithre agus cuirfear le nascacht do choisithe mar gheall ar shráid-dreach feabhsaithe in éineacht le tosaíocht níos mó do choisithe.

## 8.10 Cuspóirí Beartais

Tá na Cuspóirí Beartais a leagtar amach thíos in éineacht leis na cinn a áirítear sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar 1 den Phlean Forbartha Contae.

Chun athrá a sheachaint, ní athluaitear Cuspóirí Beartais ach amháin má bhaineann siad go sonrach leis an lonnaíocht. Mar sin, ba chóir iad seo a léamh in éineacht leis na Cuspóirí Beartais agus leis na Caighdeáin agus an Treoir Forbartha a leagtar amach in Imleabhar 1 den Phlean Forbartha Contae.

### 8.10.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 1** | Tacú leis an ról atá ag Collann trí fhorbairt a éascú a chuirfidh le carachtar agus struchtúr an tsráidbhaile agus a chuirfidh le cáilíocht thimpeallacht thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 2** | Cur i bhfeidhm Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a dheimhniú, a mhéid is indéanta, trína chinntiú nach sárófar an leithdháileadh tithíochta do Chollann. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 3** | Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt cónaithe ar thailte tearcúsáidte agus/nó tailte neamhshealbhaithe, lena n-áirítear láithreáin "inlíonta" agus "athfhorbraíochta" faoi réir dearadh agus leagan amach ar ardchaighdeán. |

### 8.10.2 Geilleagar agus Fostaíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 4** | A chinntiú go dtabharfar tús áite do lár an tsráidbhaile d'fhorbairtí nua tráchtála, miondíola agus measctha, lena gcruthófar deiseanna do dhaoine a bheith ina gcónaí, ag obair agus ag siopadóireacht laistigh den sráidbhaile agus lena laghdófar an gá atá le taisteal i ngluaisteáin phríobháideacha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 5** | Spreagadh a thabhairt le go dtabharfar foirgnimh fholmha ar ais don sráidbhaile agus lena n-úsáid ar bhealaí a chuirfidh le scála agus le carachtar reatha na lonnaíochta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 6** | Cur chun cinn agus éascaíocht a dhéanamh le go gcuirfear réimse deiseanna fostaíochta ar fáil ar thailte arna gcriosú le haghaidh Fostaíocht Ghinearálta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 7** | Tacú le forbairt inbhuanaithe turasóireachta i gCollann agus í a chur chun cinn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 8** | Tacaíocht a thabhairt le go gcuirfear conairí oidhreachta ar fáil agus é seo a chur chun cinn. |

### 8.10.3 Bonneagar

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 9** | Idirchaidreamh a dhéanamh agus tacú le hUisce Éireann chun iarracht a dhéanamh seirbhísí leordhóthanacha uisce a sholáthar le freastal ar riachtanais forbartha Chollann laistigh de thréimhse an Phlean. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 10** | Tacú le saoráidí reatha poiblí, pobail agus spóirt agus le haon saoráidí breise a sholáthar. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 11** | Tacaíocht a thabhairt le tionscadail shóisialta agus phobail a fhorbairt agus a sholáthar, lena n-áirítear suíomh oiriúnach a aimsiú le haghaidh páirc spraoi, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 12** | Úsáid nó forbairt talún arna sainaithint mar 'fhorbairt ardleochaileachta" i dTábla 3.1 de *'An Corás Pleanála agus Treoirlínte maidir le Bainistiú Riosca i gCás Tuilte (2009)'* a sheachaint ar thailte atá i mbaol tuilte agus, nuair nach féidir forbairt ar thuilemhánna a sheachaint, cur chuige seicheamhach a ghlacadh maidir le baol tuilte a bhainistiú bunaithe ar sheachaint, ar laghdú agus ar oiriúnú ar an mbaol. |

## 8.10.4 Gluaiseacht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 13** | An fhéidearthacht a bhaineann le forbairt siúlbhealaí agus rotharbhealaí in áiteanna cuí ar fud Chollann, lena n-áirítear áiteanna in aice leis an Máiteog, a fhiosrú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 14** | Sláine agus cáilíocht scéimhe siúlbhealaí agus rotharbhealaí reatha agus sa todhchaí a chosaint, mar aon lena suíomh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 15** | A chinntiú nach dtarlóidh aon fhorbairt, lena n-áirítear ábhair a ghlanadh nó a stóráil, laistigh d'achar íosta 10m arna thomhas ó gach bruach d'aon abhainn, sruth nó cúrsa uisce. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 16** | Forbairt agus uasghrádú cosán a chur chun cinn agus a éascú, mar aon le bearta moillithe tráchta a chuirfidh le tosaíocht do choisithe agus le sábháilteacht ar bhóithre. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 18** | Soláthar bonneagair breise bus laistigh den sráidbhaile a éascú in éineacht le soláthraithe seirbhíse. |

### 8.10.5 Oidhreacht Thógtha agus Nádúrtha

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 19** | Saincharachtar agus suíomh Chollann a chosaint agus a fheabhsú, lena n-áirítear a Limistéar Ardscéimhe, Crios Acmhainneachta Seandálaíochta, gnéithe seandálaíochta, Limistéar Caomhantais Ailtireachta agus gnéithe oidhreachta tógtha agus nádúrtha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 20** | Caomhnú crann agus fálta sceach suntasacha a cur chun cinn, lena n-áirítear iad siúd a sainaithníodh sa Léarscáil Chumaisc agus na crainn seo a bhainistiú ar aon dul le dea-chleachtas crannadóireachta. |

### 8.10.6 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 21** | Tacaíocht a thabhairt le go n-úsáidfear maoiniú atá ar fáil agus le go gcuirfear i bhfeidhm aon tionscadail nó scéimeanna a bhfuarthas maoiniú ina leith agus a bhféadfaí Collann a fheabhsú agus a athnuachan dá bharr. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 22** | Carachtar agus suíomh an tsráidbhaile a chaomhnú trí éileamh go gcuirfí stair, oidhreacht agus tábhacht ailtireachta an tsráidbhaile san áireamh maidir le dearadh, scála agus cumraíocht aon fhorbartha arna moladh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **COL 23** | Iarracht a dhéanamh na sráideanna agus na spásanna laistigh de Chollann a fheabhsú trí fheabhsúcháin ríochta poiblí. |

PLEAN FORBARTHA CHONTAE LÚ 2021-2027

# Droim Ineasclainn

IMLEABHAR 2

BAILTE BEAGA AGUS SRÁIDBHAILTE

COMHDHLÚITE

# 9. Droim Ineasclainn

## 9.1 Comhthéacs/Carachtar

Tá Droim Ineasclainn suite thart ar 10km ó dheas ó Dhún Dealgan, idir an mótarbhealach M1 agus an R132, an t-iarbhóthar idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath. Láthair mhainistreach ab ea é ar dtús. Tá an cloigtheach ón 9ú hAois agus cuid den mhainistir fós ann, agus is sainchomhartha aitheanta iad seo don sráidbhaile.

Tá radhairc ar Chuan Dhún Dealgan agus ar an tuath máguaird ón túr. Agus í suite ag crosaire, shín an lonnaíocht amach feadh an bhóthair ar bhealach líneach agus tá forbairt cónaithe ar an taobh thuaidh agus an taobh thoir thuaidh. Bhí Church View ar cheann de na chéad fhorbairtí tithíochta a tógadh sa sráidbhaile.

**Tábla 9.1: Forléargas ar an Lonnaíocht**

| Forléargas ar an lonnaíocht - Droim Ineasclainn | |
|---|---|
| **Suíomh sa Chéimiúlacht Lonnaíochta** | **Sráidbhaile** |
| **Daonra in 2016** | 846 |
| **Daonra in 2011** | 814 |
| **Athrú Céatadáin 2011-2016** | 10.1% |
| **Soláthar Tithe 2016** | 354 |
| **Aonaid Chónaithe a ceadaíodh ó 2015** | 44 aonad (15 aonad críochnaithe agus é seo á scríobh) |
| **Saoráidí Oideachais** | Scoil Náisiúnta Naomh Peadar |
| **Saoráidí Pobail** | Club Peile Gaelaí, Crèche, eaglais, siopa, cógaslann, comhar creidmheasa, oifig poist, saoráidí athchúrsála. |
| **Limistéar Caomhantais Ailtireachta (nó ACA)** | Níl |
| **Struchtúir atá faoi chosaint** | 4 |
| **Crios Acmhainneachta Seandálaíochta (nó ZAP)** | Tá |
| **Radhairc** | Níl |
| **Cóngarach do Láithreán Eorpach** | Níl |
| **Measúnacht Straitéiseach Priacail ar Thuilte** | Is léir go mbíonn tuile bháistiúil ar thailte laistigh de theorainn na forbartha.<br><br>Baol tuilte agus forbairt a bhainistiú ar aon dul le Cuspóirí Beartais mar a leagtar amach in Iml. 1, Caibidil 10: Bonneagar agus Fóntais Phoiblí. |
| **Bonneagar Seirbhísí Uisce/Toilleadh** | Tá Droim Ineasclainn suite laistigh de Chrios Acmhainne Uisce Cavan Hill agus Lú Thuaidh, a raibh toilleadh ann agus é seo á scríobh.<br>Bhí toilleadh ar fáil i gCóras Cóireála Fuíolluisce Dhroim Ineasclainn agus é seo á scríobh. |

## 9.2 Deiseanna

- Sábháilteacht agus nascacht do choisithe a mhéadú laistigh den sráidbhaile.
- An sráid-dreach a shaibhriú trí fheabhsúcháin ríochta poiblí.

## 9.3 Lonnaíocht agus Tithíocht

Bhí an-bhrú forbartha ar Dhroim Ineasclainn sna 1990idí agus sna chéad chúig bliana de na 2000idí toisc, den chuid is mó, go bhfuil an sráidbhaile gar don mhótarbhealach M1 agus do Dhún Dealgan.

I bhforbairt i nDroim Ineasclainn sa todhchaí le linn tréimhse an Phlean seo, díreofar ar dhaingniú agus ar shíneadh starrach ceadanna atá ar marthain, agus beidh deiseanna ann le haghaidh forbairt inlíonta agus athfhorbraíochta gar do lár an tsráidbhaile.

## 9.4 Geilleagar agus Fostaíocht

Sainaithnítear Droim Ineasclainn mar ionad miondíola Leibhéal 4 sa Chéimiúlacht Miondíola Contae.

Is é an cóimheas Poist:Lucht Saothair ann ná 0.24 toisc go gcaithfidh formhór na n-áitritheoirí taisteal amach ón lonnaíocht le haghaidh fostaíochta. Tá deiseanna fostaíochta áitiúla ar fáil ag saoráid déantúsaíochta, scoil, crèche agus seirbhísí miondíola.

## 9.5 Bonneagar Seirbhísí Uisce

Cuirtear an bonneagar seirbhísí uisce seo a leanas ar fáil do Dhroim Ineasclainn:

Uisce: tá Droim Ineasclainn suite laistigh de Chrios Acmhainne Uisce Cavan Hill agus Lú Thuaidh, a raibh toilleadh ann agus é seo á scríobh.

Fuíolluisce: bhí toilleadh ar fáil i gCóras Cóireála Fuíolluisce Dhroim Ineasclainn agus é seo á scríobh.

## 9.6 Gluaiseacht

Tá Droim Ineasclainn suite ar bhóthar áitiúil Aicme 1 atá ina nasc le Baile an Ghearlánaigh ó dheas agus ar bhóithre áitiúla lastoir atá ina naisc leis an R132. Tá an sráidbhaile suite ar an mbealach de chuid Bhus Éireann idir Dún Dealgan agus Áth na gCasán agus bheadh bonneagar feabhsaithe bus, lena n-áirítear foscadáin agus suíocháin, ina bhuntáiste aige.

Is mar gheall ar a fhoirm fhadaithe atá patrún líneach forbartha i nDroim Ineasclainn.

Tá croílár an tsráidbhaile, an scoil agus an Eaglais suite ar an taobh theas de agus tá club peile Gaelaí Naomh Seosaimh agus forbairtí móra cónaithe suite achar fada ó thuaidh uaidh. Bheadh gréasán cosán ina bhuntáiste ag an sráidbhaile mar thiocfadh feabhas ar nascacht agus ar shábháilteacht bóithre agus bheifí ag brath níos lú ar ghluaisteáin phríobháideacha.

## 9.7 Oidhreacht Nádúrtha agus Thógtha

Tá Droim Ineasclainn suite i dtírdhreach réidh tuaithe sa Chontae. Ní mór idirdhealú soiléir a dhéanamh idir an sráidbhaile agus an tuath máguaird chun carachtar na tuaithe áitiúla máguaird a chaomhnú.

Ó thaobh na staire de, b'ionad mainistreach tábhachtach é Droim Ineasclainn. Is léir é seo ar an mbealach isteach anoir go dtí an sráidbhaile, áit a bhfuil radhairc shoiléire ar chloigtheach atá suite i gcill na láithreach mainistreach luaithe.

I dteannta na 13 láithreán seandálaíochta, tá cuid den taobh thuaidh den sráidbhaile suite laistigh de Chrios Acmhainneachta Seandálaíochta agus tá sí seo faoi chosaint faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta.

Ní mór a chinntiú nach mbeidh forbairt sa todhchaí díobhálach do charachtar an tsráidbhaile ná dá shuíomh agus go roghnófar láithreán agus dearadh go cúramach chun séadchomharthaí agus a suíomhanna a chosaint.

Tá ceithre Struchtúr faoi Chosaint laistigh de theorainn na lonnaíochta, mar a shonraítear i dTábla 9.2 thíos.

**Tábla 9.2: Struchtúir atá faoi chosaint i nDroim Ineasclainn**

| Uimhir Aitheantais | Ainm |
|---|---|
| LHS 012-030 | Eaglais Naomh Peadar 1926 |
| LHS 012-033 | Cloigtheach, Cros & Eaglais c. deireadh an 19ú haois |
| LHS 012-035 | Eaglais na hÉireann St. Margaret/St. Ronan (as úsáid) 1821 |
| LHS 012-037 | Scoil Náisiúnta Dhroim Ineasclainn 1927 |

## 9.8 Bonneagar Sóisialta

Cuirtear réimse leathan seirbhísí agus saoráidí pobail ar fáil i nDroim Ineasclainn, lena n-áirítear, inter alia: siopaí áitiúla agus ollmhargadh, ionaid mhearbhia agus teach tábhairne, mar aon le hEaglais, bunscoil, oifig poist agus páirceanna imeartha.

## 9.9 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

Meicníocht mhaoinithe is ea Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte a dearadh chun bailte agus sráidbhailte tuaithe ar fud na hÉireann a athnuachan. Áirítear leis na tionscadail incháilithe faoin scéim seo feabhsúcháin chomhshaoil agus tionscadail ríochta poiblí: spásanna cathartha a uasghrádú, infheistíocht i dtroscán sráide, cosáin agus bealaí rothaíochta, mar shampla.

Leis an bPlean seo tacófar le haon iarratais ar mhaoiniú faoin Scéim seo nó faoi scéimeanna cosúla a chuirfeadh le ríocht phoiblí, timpeallacht thógtha agus cáilíocht chomhshaoil Dhroim Ineasclainn.

Tá foirm Dhroim Ineasclainn fadaithe agus líneach. Tá deis ann ceannasacht an bhóthair phoiblí a laghdú agus tosaíocht do choisithe a fheabhsú trí chosáin a sholáthar in éineacht le feabhsúcháin ríochta poiblí.

## 9.10 Cuspóirí Beartais

Tá na Cuspóirí Beartais a leagtar amach thíos in éineacht leis na cinn a áirítear sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar 1 den Phlean Forbartha Contae. Chun athrá a sheachaint, ní athluaitear Cuspóirí Beartais ach amháin má bhaineann siad go sonrach leis an lonnaíocht. Mar sin, ba chóir iad seo a léamh in éineacht leis na Cuspóirí Beartais agus leis na Caighdeáin agus an Treoir Forbartha a leagtar amach in Imleabhar 1 den Phlean Forbartha Contae.

### 9.10.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **DROM 1** | Tacú leis an ról atá ag Droim Ineasclainn trí fhorbairt a éascú a chuirfidh le carachtar agus struchtúr an tsráidbhaile agus a chuirfidh le cáilíocht thimpeallacht thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **DROM 2** | Cur i bhfeidhm Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a dheimhniú, a mhéid is indéanta, trína chinntiú nach sárófar an leithdháileadh tithíochta do Dhroim Ineasclainn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **DROM 3** | Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt cónaithe ar thailte tearcúsáidte agus/nó tailte neamhshealbhaithe, lena n-áirítear láithreáin "inlíonta" agus "athfhorbraíochta" faoi réir dearadh agus leagan amach ar ardchaighdeán. |

### 9.10.2 Geilleagar agus Fostaíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **DROM 4** | A chinntiú go dtabharfar tús áite do lár an tsráidbhaile d'fhorbairtí nua tráchtála, miondíola agus measctha, lena gcruthófar deiseanna do dhaoine a bheith ina gcónaí, ag obair agus ag siopadóireacht laistigh den sráidbhaile agus lena laghdófar an gá atá le taisteal i ngluaisteáin phríobháideacha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **DROM 5** | Spreagadh a thabhairt le go dtabharfar foirgnimh fholmha ar ais don sráidbhaile agus lena n-úsáid ar bhealaí a chuirfidh le scála agus le carachtar reatha na lonnaíochta. |

### 9.10.3 Bonneagar

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **DROM 6** | Idirchaidreamh a dhéanamh agus tacú le hUisce Éireann chun iarracht a dhéanamh seirbhísí leordhóthanacha uisce a sholáthar le freastal ar riachtanais forbartha Dhroim Ineasclainn laistigh de thréimhse an Phlean. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **DROM 7** | Tacú le saoráidí reatha poiblí, pobail agus spóirt agus le haon saoráidí breise a sholáthar. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **DROM 8** | Tacaíocht a thabhairt le tionscadail shóisialta agus phobail a fhorbairt agus a sholáthar. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **DROM 9** | Úsáid nó forbairt talún arna sainaithint mar 'fhorbairt ardleochaileachta" i dTábla 3.1 de *'An Corás Pleanála agus Treoirlínte maidir le Bainistiú Riosca i gCás Tuilte (2009)'* a sheachaint ar thailte atá i mbaol tuilte agus, nuair nach féidir forbairt ar thuilemhánna a sheachaint, cur chuige seicheamhach a ghlacadh maidir le baol tuilte a bhainistiú bunaithe ar sheachaint, ar laghdú agus ar oiriúnú ar an mbaol. |

### 9.10.4 Gluaiseacht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **DROM 10** | Forbairt agus feabhsú cosán, trasrianta coisithe agus bearta moillithe tráchta a chuirfidh le tosaíocht do choisithe agus le sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn agus a éascú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **DROM 11** | Soláthar bonneagair bus laistigh den sráidbhaile a éascú in éineacht le soláthraithe seirbhíse. |

### 9.10.5 Oidhreacht Thógtha agus Nádúrtha

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **DROM 12** | Saincharachtar agus suíomh Dhroim Ineasclainn a chosaint agus a fheabhsú, lena n-áirítear a Chrios Acmhainneachta Seandálaíochta, gnéithe seandálaíochta agus gnéithe oidhreachta tógtha agus nádúrtha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **DROM 13** | Caomhnú crann agus fálta sceach suntasacha a cur chun cinn, lena n-áirítear iad siúd a sainaithníodh sa Léarscáil Chumaisc agus na crainn seo a bhainistiú ar aon dul le dea-chleachtas crannadóireachta. |

### 9.10.6 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **DROM 14** | Tacaíocht a thabhairt le go n-úsáidfear maoiniú atá ar fáil agus le go gcuirfear i bhfeidhm aon tionscadail nó scéimeanna a bhfuarthas maoiniú ina leith agus a bhféadfaí Droim Ineasclainn a fheabhsú agus a athnuachan dá bharr. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **DROM 15** | Carachtar agus suíomh an tsráidbhaile a chaomhnú trí éileamh go gcuirfí stair, oidhreacht agus tábhacht ailtireachta an tsráidbhaile san áireamh maidir le dearadh, scála agus cumraíocht aon fhorbartha arna moladh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **DROM 16** | Iarracht a dhéanamh na sráideanna agus na spásanna laistigh de Dhroim Ineasclainn a fheabhsú trí fheabhsúcháin ríochta poiblí. |

PLEAN FORBARTHA CHONTAE LÚ 2021-2027

# Droichead an Chnoic

IMLEABHAR 2

BAILTE BEAGA AGUS SRÁIDBHAILTE

COMHDHLÚITE

# 10. DROICHEAD AN CHNOIC

## 10.1 Comhthéacs/Carachtar

Lonnaíocht bheag chrosaire is ea Droichead an Chnoic, atá suite ar an R171, thart ar 6 km siar ó dheas ó Dhún Dealgan. Is amhlaidh gurb é an crosaire croílár an tsráidbhaile agus cuireann cumraíocht na bhfoirgneamh ina thimpeall leis an ómós áite.

Sa chuid eile den sráidbhaile tá meascán de theaghaisí scoite ag a bhfuil slánachair éagsúla agus forbairtí cónaithe a bhfuil rochtain orthu ó shlite isteach aonair. Ba chóir sráid-dreach an tsráidbhaile a chosaint agus a fheabhsú in aon fhorbairt sa todhchaí.

### Tábla 10.1: Forléargas ar an Lonnaíocht

| Forléargas ar an Lonnaíocht - Droichead an Chnoic | |
|---|---|
| **Suíomh sa Chéimiúlacht Lonnaíochta** | Sráidbhaile |
| **Daonra in 2016** | 667 |
| **Daonra in 2011** | 583 |
| **Athrú Céatadáin 2011-2016** | 14.4% |
| **Soláthar Tithe 2016** | 247 |
| **Aonaid Chónaithe a ceadaíodh ó 2015** | Gan aon fhorbairt cónaithe le gairid |
| **Saoráidí Oideachais** | Scoil Náisiúnta Naomh Muire |
| **Saoráidí Pobail** | Crèche Halla Paróiste Naomh Muire, naíonra, eaglais, saoráidí athchúrsála, siopa |
| **Limistéar Caomhantais Ailtireachta (nó ACA)** | Níl |
| **Struchtúir atá faoi chosaint** | 1 |
| **Crios Acmhainneachta Seandálaíochta (nó ZAP)** | Níl |
| **Radhairc** | Níl |
| **Cóngarach do Láithreán Eorpach** | Níl |
| **Measúnacht Straitéiseach Priacail ar Thuilte** | Sainaithníodh tuile bháistiúil ar thailte laistigh de theorainn na forbartha.<br>Baol tuilte agus forbairt a bhainistiú ar aon dul le Cuspóirí Beartais mar a leagtar amach in Iml. 1, Caibidil 10: Bonneagar agus Fóntais Phoiblí. |
| **Bonneagar Seirbhísí Uisce/Toilleadh** | Tá Droichead an Chnoic suite laistigh de Chrios Acmhainne Uisce Cavan Hill agus Lú Thuaidh, a raibh toilleadh ann agus é seo á scríobh.<br>Bhí toilleadh ar fáil i gCóras Cóireála Fuíolluisce Dhroichead an Chnoic agus é seo á scríobh. |

## 10.2 Deiseanna

- An sráid-dreach a shaibhriú trí fheabhsúcháin ríochta poiblí.
- Sábháilteacht agus nascacht do choisithe a fheabhsú laistigh den sráidbhaile agus nascacht níos fearr le saoráidí fóillíochta in aice láimhe a chur ar fáil.

## 10.3 Lonnaíocht agus Tithíocht

Tháinig fás seasta ar dhaonra Dhroichead an Chnoic ó 2002 go 2016. Le blianta beaga anuas, áfach, ní raibh ach gníomhaíocht forbartha theoranta ann, agus d'fhéadfadh laghdú teacht ar ráta fáis an daonra dá bharr.

Leis an bPlean seo, cuirfear beartas daingnithe chun cinn ina ndíreofar ar fhás áitiúil trí thailte inlíonta agus athfhorbraíochta a fhorbairt. Léireofar meas ar charachtar agus ar shuíomh an tsráidbhaile agus cuideofar ar bhealach dearfach lena thimpeallacht thógtha in aon fhorbairt a bheidh ann.

## 10.4 Geilleagar agus Fostaíocht

Sainaithnítear Droichead an Chnoic mar ionad miondíola Leibhéal 4 sa Chéimiúlacht Miondíola Contae.

Is é cóimheas Poist:Lucht Saothair an tsráidbhaile ná 0:26. Stóras gráin is ea an fostóir is mó sa sráidbhaile, agus fostaítear daoine sa scoil, sa crèche agus sa siopa freisin. Leis an bPlean seo, leanfar le tacaíocht a thabhairt don fhostaíocht reatha lena gcruthaítear forbairt sa sráidbhaile agus déanfar iarracht aon infheistíocht eacnamaíoch arna moladh lena gcuirfear deiseanna fostaíochta ar fáil sa cheantar a éascú.

Sainaithníodh limistéar siar ó dheas ón lonnaíocht, lena n-áirítear an stóras gráin, agus criosaíodh é chun críocha Fostaíocht Ghinearálta. D'fhéadfaí fiontraíocht áitiúil nó forbairt lena gcruthófar fostaíocht a éascú ar na tailte seo.

Leis an bPlean seo, leanfar le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt turasóireachta trí leas a bhaint as buntáistí reatha oidhreachta trí na conairí oidhreachta a chur chun cinn.

Eagraítear imeachtaí agus féilte éagsúla i nDroichead an Chnoic le linn na bliana. Aithnítear sa Phlean an tábhacht a bhaineann leo ó thaobh cuairteoirí a mhealladh agus an pobal a neartú de.

## 10.5 Bonneagar Seirbhísí Uisce

Cuirtear an bonneagar seirbhísí uisce seo a leanas ar fáil do Dhroichead an Chnoic:

Uisce: Tá Droichead an Chnoic suite laistigh de Chrios Acmhainne Uisce Cavan Hill agus Lú Thuaidh, a raibh toilleadh ann agus é seo á scríobh.

Fuíolluisce: Bhí toilleadh ar fáil i gCóras Cóireála Fuíolluisce Dhroichead an Chnoic agus é seo á scríobh.

## 10.6 Gluaiseacht

Tá Droichead an Chnoic suite ar an R171, atá ina nasc le Baile Átha Fhirdhia taobh theas de agus Dún Dealgan taobh thuaidh de.

Freastalaíonn an bealach bus poiblí idir Dún Dealgan agus Baile Átha Fhirdhia ar an sráidbhaile agus tá seacht seirbhís i bhfeidhm sa dá threo ón Luan go dtí an Satharn.

Bheadh bonneagar feabhsaithe bus, lena n-áirítear foscadán bus agus suíocháin, ina bhuntáiste ag an sráidbhaile. Bíonn a lán tréthráchta ann mar gheall ar shuíomh an tsráidbhaile ar an R171. Tá sé seo níos measa mar gheall ar a shuíomh ag crosaire agus is minic a bhíonn coimhlint idir gluaiseacht feithiclí agus gluaiseacht coisithe.

Áirítear leis seo pointí isteach agus amach sainmhínithe go soiléir ag carrchlós na heaglaise a shainaithint agus trasrian nua coisithe a chur ar fáil gar don eaglais agus don scoil.

Dá gcuirfí gréasán cuimsitheach cosán ar fáil, lena n-áirítear cosán comhthreomhar le carrchlós na heaglaise agus soir ón sráidbhaile chomh fada le Linn Bhaile Stiofáin (trí thailte an chlub peile Gaelaí), chuirfí le tosaíocht coisithe agus rothaithe. Dá bhforbrófaí an dara rud thuas, bheadh rochtain níos fearr ann ar shaoráidí fóillíochta.

## 10.7 Oidhreacht Nádúrtha agus Thógtha

Tá suíomh scéimhe tuaithe Dhroichead an Chnoic ar na buntáistí is mó dá bhfuil aige. Tá a shuíomh sa tírdhreach réchnocach seo cuibheasach ard agus tá radhairc, ar Eaglais Naomh Muire go háirithe, ar fáil ó achair fhada faoin tuath máguaird.

Chun suíomh an tsráidbhaile a choimeád agus a fheabhsú, ní mór go dtabharfar aird ar shuíomh an tsráidbhaile laistigh den tírdhreach.

Tá aon Struchtúr faoi Chosaint amháin laistigh de theorainn an tsráidbhaile, mar a shonraítear i dTábla 10.2, agus léirítear a shuíomh ar Léarscáil Chumaisc Dhroichead an Chnoic

**Tábla 10.2: Struchtúir faoi Chosaint inDroichead an Chnoic**

| Uimhir Aitheantais | Ainm |
|---|---|
| Lhs011-024 | Eaglais Chaitliceach Rómhánach Naomh Muire Droichead an Chnoic c. 1830 |

## 10.8 Bonneagar Sóisialta

Tá réimse saoráidí i nDroichead an Chnoic, lena n-áirítear ionad pobail, bunscoil, Eaglais agus crèche.

Tá tailte chlub peile Gaelaí Naomh Bríde agus Linn Bhaile Stiofáin suite soir ó theorainn an tsráidbhaile.

## 10.9 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

Meicníocht mhaoinithe is ea Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte a dearadh chun bailte agus sráidbhailte tuaithe ar fud na hÉireann a athnuachan. Áirítear leis na tionscadail incháilithe faoin scéim seo feabhsúcháin chomhshaoil agus tionscadail ríochta poiblí: spásanna cathartha a uasghrádú, infheistíocht i dtroscán sráide, cosáin agus bealaí rothaíochta, mar shampla.

Leis an bPlean seo tacófar le haon iarratais ar mhaoiniú faoin Scéim seo nó faoi scéimeanna cosúla a chuirfeadh le ríocht phoiblí, timpeallacht thógtha agus cáilíocht chomhshaoil Dhroichead an Chnoic.

Mar aon leis na pointí isteach agus amach ag carrchlós na heaglaise, tá deis ann an ríocht phoiblí a fheabhsú trí thírdhreachú crua agus bog a sholáthar, rud a d'fhágadh go dtiocfadh feabhas ar an sráid-dreach go ginearálta agus go gcuirfí le tarraingteacht an tsráidbhaile.

## 10.10 Cuspóir Beartais

Tá na Cuspóirí Beartais a leagtar amach thíos in éineacht leis na cinn a áirítear sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar 1 den Phlean Forbartha Contae. Chun athrá a sheachaint, ní athluaitear Cuspóirí Beartais ach amháin má bhaineann siad go sonrach leis an lonnaíocht.

Mar sin, ba chóir iad seo a léamh in éineacht leis na Cuspóirí Beartais agus leis na Caighdeáin agus an Treoir Forbartha a leagtar amach in Imleabhar 1 den PhleanForbartha Contae.

### 10.10.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 1** | Tacú leis an ról atá ag Droichead an Chnoic trí fhorbairt a éascú a chuirfidh le carachtar agus struchtúr an tsráidbhaile agus a chuirfidh le cáilíocht thimpeallacht thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 2** | Cur i bhfeidhm Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a dheimhniú, a mhéid is indéanta, trína chinntiú nach sárófar an leithdháileadh tithíochta do Dhroichead an Chnoic. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 3** | Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt cónaithe ar thailte tearcúsáidte agus/nó tailte neamhshealbhaithe, lena n-áirítear láithreáin "inlíonta" agus "athfhorbraíochta" faoi réir dearadh agus leagan amach ar ardchaighdeán. |

### 10.10.2 Geilleagar agus Fostaíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 4** | A chinntiú go dtabharfar tús áite do lár an tsráidbhaile d'fhorbairtí nua tráchtála, miondíola agus measctha, lena gcruthófar deiseanna do dhaoine a bheith ina gcónaí, ag obair agus ag siopadóireacht laistigh den sráidbhaile agus lena laghdófar an gá atá le taisteal i ngluaisteáin phríobháideacha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 5** | Cur chun cinn agus éascaíocht a dhéanamh le go gcuirfear réimse deiseanna fostaíochta agus aonaid fiontraíochta ar scála cuí ar fáil ar thailte arna gcriosú le haghaidh Fostaíocht Ghinearálta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 6** | Spreagadh a thabhairt le go dtabharfar foirgnimh fholmha sa sráidbhaile ar ais lena n-úsáid ar bhealaí a chuirfidh le scála agus le carachtar reatha na lonnaíochta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 7** | Tacú le forbairt inbhuanaithe turasóireachta i nDroichead an Chnoic agus í a chur chun cinn, lena n-áirítear conairí oidhreachta a chur ar fáil. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 8** | Tacú le féilte agus imeachtaí éagsúla agus iad a chur chun cinn. |

### 10.10.3 Bonneagar

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 9** | Idirchaidreamh a dhéanamh agus tacú le hUisce Éireann chun iarracht a dhéanamh seirbhísí leordhóthanacha uisce a sholáthar le freastal ar riachtanais forbartha Dhroichead an Chnoic laistigh de thréimhse an Phlean. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 10** | Tacú le saoráidí reatha poiblí, pobail agus spóirt agus le haon saoráidí breise a sholáthar. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 11** | Tacaíocht a thabhairt le tionscadail shóisialta agus phobail a fhorbairt agus a sholáthar. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 12** | Úsáid nó forbairt talún arna sainaithint mar 'fhorbairt ardleochaileachta" i dTábla 3.1 de *'An Corás Pleanála agus Treoirlínte maidir le Bainistiú Riosca i gCás Tuilte (2009)'* a sheachaint ar thailte atá i mbaol tuilte agus, nuair nach féidir forbairt ar thuilemhánna a sheachaint, cur chuige seicheamhach a ghlacadh maidir le baol tuilte a bhainistiú bunaithe ar sheachaint, ar laghdú agus ar oiriúnú ar an mbaol. |

### 10.10.4 Gluaiseacht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 13** | Forbairt agus feabhsú cosán, trasrianta coisithe agus bearta moillithe tráchta a chuirfidh le tosaíocht do choisithe agus le sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn agus a éascú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 14** | Soláthar bonneagair bus laistigh den sráidbhaile a éascú in éineacht le soláthraithe seirbhíse. |

### 10.10.5 Oidhreacht Nádúrtha agus Thógtha

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 15** | Saincharachtar agus suíomh Dhroichead an Chnoic a chosaint agus a fheabhsú, lena n-áirítear a oidhreacht thógtha agus nádúrtha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 16** | Caomhnú crann agus fálta sceach suntasacha a cur chun cinn, lena n-áirítear iad siúd a sainaithníodh sa Léarscáil Chumaisc agus na crainn seo a bhainistiú ar aon dul le dea-chleachtas crannadóireachta. |

## 10.10.6 Dearadh Uirbeach & Ríocht Phoiblí

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 17** | Tacaíocht a thabhairt le go n-úsáidfear maoiniú atá ar fáil agus le go gcuirfear i bhfeidhm aon tionscadail nó scéimeanna a bhfuarthas maoiniú ina leith agus a bhféadfaí Droichead an Chnoic a fheabhsú agus a athnuachan dá bharr. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 18** | Carachtar agus suíomh an tsráidbhaile a chaomhnú agus a fheabhsú trí éileamh go gcuirfí carachtar an tsráidbhaile san áireamh agus nach mbeadh sainiúlacht na háite thíos le hairde, scála, dearadh ná ábhair aon fhorbartha arna moladh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 19** | Iarracht a dhéanamh na sráideanna agus na spásanna laistigh de Dhroichead an Chnoic a fheabhsú trí fheabhsúcháin ríochta poiblí. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **KNOC 20** | Iarracht a dhéanamh pointí isteach agus amach sainithe ag carrchlós na heaglaise a chur ar fáil in éineacht le feabhsú ar an ríocht phoiblí lena n-áirítear tírdhreachú crua agus bog a sholáthar. |

PLEAN FORBARTHA CHONTAE LÚ 2021-2027

# Sráidbhaile Lú

IMLEABHAR 2

BAILTE BEAGA AGUS SRÁIDBHAILTE

COMHDHLÚITE

# 11. SRÁIDBHAILE LÚ

## 11.1 Comhthéasc/Charachtar

Tá Sráidbhaile Lú suite ar an R171, tuairim is 11 km siar ó dheas de Dhún Dealgan. Agus é ina láthair mhainistreach ar dtús, meastar gur bunaíodh Sráidbhaile Lú sa 6ú haois le bunú Séipéal Mochta. Sa dara haois déag tógadh Mainistir Mhuire tuairim is 50m lastoir de sin, atá ina bhfothracha inniu ag dul siar chuig díscaoileadh na mainistreacha i réimeas Rí Anraí VIII. Tá iarsmaí de chaisleán móta agus bábhúin i bpáirc óna bhfuil radharc ar chuid mhaith den sráidbhaile. Agus é 8 méadar ar airde tá an móta ar an bpointe is airde sa Sráidbhaile. Sa lá atá inniu ann tá lár an tsráidbhaile, áit a bhfuil áitribh agus ionaid díola, cruinnithe thart ar áit ina dtagann cúig bhóthar le chéile.

**Tábla 11.1: Forléargas ar Lonnaíocht**

| Forléargas ar Lonnaíocht – Sráidbhaile Lú | |
|---|---|
| **A Áit in Ordlathas na Lonnaíochta** | Sráidbhaile |
| **Daonra in 2016** | 735 |
| **Daonra in 2011** | 717 |
| **Athrú Céatadáin 2011-2016** | 2.5% |
| **Stoc Foirgneamh in 2016** | 290 |
| **Ionaid Chónaithe ceadaithe ó 2015** | 10 n-áitreabh (5 aonad a thógáil agus é seo á scríobh) |
| **Saoráidí Oideachais** | Scoil Náisiúnta Naomh Mochta |
| **Saoráidí Pobail** | Naíonra, halla pobail, páirc CLG, siopa poitigéara, oifig an phoist, gruagairí, clós súgartha, lialann dochtúra agus áiseanna athchúrsála. |
| **Ceantair Caomhnaithe Ailtireachta (CCA)** | Níl |
| **Strúchtúir atá faoi Chosaint** | 5 |
| **Crios de Sheandálaíocht Fhéideartha (CSF)** | Tá |
| **Radhairc agus Radhairc Áille** | Níl |
| **In aice le Suíomh Eorpach** | Ní |
| **Measúnú Straitéiseach ar Bhaol Tuiltí** | Tá tuile bháistiúil le sonrú ar thailte laistigh de theorainneacha na forbartha.<br>Riosca i gcás tuilte a bhainistiú agus forbairt de réir na gCuspóirí Beartais mar a leagtar amach iad in Iml. 1 Caibidil 10: Bonneagar agus Fóntais Phoiblí |

| | |
|---|---|
| **Bonneagar/ Toilleadh Seirbhísí Uisce** | Tá Sráidbhaile Lú suite laistigh de Chrios Acmhainn Uisce de chuid Chnoc an Chábháin agus Chontae Lú Thuaidh, áit a bhfuil toilleadh ann agus é seo á scríobh.<br><br>Bhí toilleadh ar fáil i gCóras Cóireála Fuíolluisce Shráidbhaile Lú agus é seo á scríobh. |

## 11.2 Deiseanna

- Sábháilteacht coisithe agus nascacht a mhéadú i lár an tsráidbhaile.
- An sráid-dreach a fheabhsú trí fheabhsúcháin a dhéanamh sa réimse poiblí.
- Éascaíocht a dhéanamh ar fhorbairt a chruthaíonn fostaíocht go háitiúil agus í a chur chun cinn trí Mhol Pobail Shráidbhaile Lú.

## 11.3 Lonnaíocht agus Tithíocht

Tháinig fás suntasach ar dhaonra Shráidbhaile Lú ó 2006 go 2011 agus patrún fáis níos seasmhaí i gceist le deich mbliana anuas. Tá sé seo le haithint san éileamh teoranta ar fhorbairt chónaithe nua le blianta beaga anuas. Leanfaidh an Plean seo le beartas de chomhdhlúthú sa sráidbhaile a chur chun cinn, dírithe ar fhás logánta, ar fhorbairt athfhorbraíochta agus inlíonta.

## 11.4 Geilleagar agus Fostaíocht

Aithnítear Sráidbhaile Lú mar lárionad miondíola ar Leibhéal 4 in Ordlathas Tráchtála an Chontae.
Tá cóimheas poist: lucht oibre de 0.21 aige rud a léiríonn bunús lag fostaíochta, agus áititheoirí ag brath ar fhostaíocht i lonnaíochtaí ardoirde.

Is iad na hearnálacha seirbhíse agus oideachais go príomha a bhfuil deiseanna fostaíochta ar fáil. Tá seirbhísí scoile, réamhscoile, agus miondíola mar chuid de seo. Leanfaidh an Plean seo ar aghaidh ag tacú le forbairt turasóireachta trí leas a bhaint as sócmhainní oidhreachta atá ann cheana trí chonairí oidhreachta a chur chun cinn.

Cé go bhfuil deiseanna fostaíochta sa sráidbhaile tearc go leor, aithnítear go bhfuil earnálacha fostaíochta ann ina bhféadfadh daoine obair ó chian a dhéanamh.
Mar aitheantas ar an acmhainneacht atá ann ó thaobh cianoibre de, tacóidh an Plean seo le soláthar leanúnach d'áiseanna comhoibrithe laistigh de Mhol Pobail Chontae Lú agus é ag freastal ar an gcaoi sin ar riachtanais gnólachtaí chomh maith lena bheith ag cur ar chumas fostaithe bonn áitiúil a bheith acu, rud a laghdaíonn an gá le turas chun na hoibre a dhéanamh.

## 11.5 Bonneagar Seirbhísí Uisce

Is é an bonneagar seirbhísí uisce seo a leanas a dhéanann freastal ar Sráidbhaile Lú:
Uisce: Tá Sráidbhaile Lú suite laistigh de Chrios Acmhainne Uisce de chuid Chnoc an Chabháin agus Chontae Lú Thuaidh, áit a bhfuil toilleadh agus é seo á scríobh.
Fuíolluisce: Tá toilleadh ar fáil sa Chóras Cóireála Fuíolluisce Shráidbhaile Lú agus é seo á scríobh.

## 11.6 Gluaiseacht

Tá Sráidbhaile Lú suite ar an R171, suíomh a nascann é le Baile Átha Fhirdhia ó dheas, agus Dún Dealgan ó thuaidh.

Tá an sráidbhaile suite ar bhealach na seirbhíse bus ó Dhún Dealgan go Baile Átha Fhirdhia, bealach a sholáthraíonn seacht seirbhís i ngach treo Luan go Satharn. Bhainfeadh an sráidbhaile tairbhe as bonneagar bus feabhsaithe bheith ann lena n-áirítear scáthlán agus áit suí. Tá leibhéal ard tráchta ag taisteal tríd an sráidbhaile feadh an R171, rud is cúis le coimhlint idir coisithe agus feithiclí go minic. Tá an coimhlint seo imithe in olcas toisc go bhfuil croílár an tsráidbhaile suite ar acomhal 5-bóthar.

D'fhonn luas a laghdú agus sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, ba cheart bearta moillithe tráchta a sholáthar ar na príomhbhealaí isteach ó Dhroichead an Chnoic, Baile an Tallúnaigh, Crosaire Charraig na gCanónach agus feadh Bhóthar Thulaigh Catháin.

Pointí isteach agus amach atá leagtha amach go soiléir a sholáthar go carrchlós an tseipéil agus chuirfeadh trasrian coisithe feadh an R171 in aice leis an gclós súgartha go mór le sábháilteacht coisithe.

B'fheabhsú mór ar nascacht ginearálta a bheadh i gceist agus laghdódh sé spleáchas ar an gcarr príobháideach dá gcuirfí ar bun gréasán cuimsitheach de chosáin ar fud an tsráidbhaile lena n-áirítear cosán a nascann ceantair chónaithe le hArd Pádraig agus saoráidí pobail leithéidí Páirc imeartha GFC Naomh Mochta, an Comhar Creidmheasa agus an lialann dochtúra.

## 11.7 Oidhreacht Nadúrtha agus Thógtha

Tá an sráidbhaile suite laistigh de shuíomh tírdhreacha tarraingteach. Tá sé tábhachtach go ndéanfar idirdhealú soiléir idir an sráidbhaile agus an tuath chun an suíomh seo a chosaint.

Tá cuid mhaith den sráidbhaile suite laistigh de Chrios de Sheandálaíocht Fhéideartha, limistéar a dtugtar cosaint dó faoi Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta. Laistigh den limistéar seo tá Séipéal Naomh Mochta (circa 500AD) agus fothracha Mhainistreach Mhuire, prióireacht de chuid an 12ú haois ar an taobh thuaidh de chroílár an tsráidbhaile. Tá sé tábhachtach nach ndéanfaidh forbairt amach anseo díobháil do charachtar na seandálaíochta laistigh den sráidbhaile nó a shuíomh.

Tá 5 struchtúir faoi chosaint laistigh de theorainneacha na lonnaíochta mar a leagtar amach i Tábla 11.2, agus tá a suíomhanna marcáilte ar an léarscáil Ilchodach de Shráidbhaile Lú.

**Tábla 11.2: Struchtúir atá faoi Chosaint i Sráidbhaile Lú**

| UIMHIR AITHEANTAIS | Ainm |
|---|---|
| LHS 011-001 | Eaglais Mhuire gan Smál 1890-1904 |
| LHS 011-019 | Séipéal Naomh Mochta & Prióireacht Mhuire circa 12ú haois |
| LHS 011-020 | Teachín c.1880 |
| LHS 011-021 | Teach c.1930 |
| LHS 011-030 | Droichead meáite/Caidéal uisce curtha suas c.1880 |

## 11.8 Bonneagar Sóisialta

Cuireann Sráidbhaile Lú raon leathan de sheirbhísí agus áiseanna pobail ar fáil dá dhaonra agus do na ceantair tuaithe mórthimpeall lena n-áirítear siopaí áitiúla, ionaid mearbhia, gruagaire, tithe tábhairne, chomh maith le séipéal, bunscoil, oifig an phoist, áis athchúrsála, comhar creidmheasa, páirceanna imeartha agus mol pobail le háiseanna cianoibre.

Ó cheann ceann na bliana, eagraítear imeachtaí in éineacht le Mol Pobail Shráidbhaile Lú.

Tá na himeachtaí seo tábhachtach ó thaobh an pobal áitiúil a thógáil agus a neartú.

## 11.9 Dearadh Uirbeach agus Réimse Poiblí

Corás maoinithe is ea Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte atá deartha chun beocht nua a chur i mbailte agus i sráidbhailte faoin tuath ar fud na hÉireann. I measc na dtionscadal atá incháilithe faoin scéim tá feabhsúcháin timpeallachta agus tionscadail sé réimse poiblí, amhail uasghrádú a dhéanamh ar spásanna cathartha, agus infheistiú i dtroscán sráide, i gcosáin, agus i rotharbhealaí.

Tacóidh an Plean seo le haon iarratas faoin Scéim seo nó scéimeanna cosúil léi a chuirfidh feabhas ar an réimse poiblí, an oidhreacht thógtha agus cáilíocht timpeallachta Shráidbhaile Lú.

Tá deiseanna ann chun an réimse poiblí a fheabhsú mar chuid d’aon obair fheabhsúcháin ar phointí rochtana chuig carrchlós an tSéipéil. Féadfaidh tírdhreachú crua agus bog chomh maith le saothar ealaíne poiblí a sholáthar a bheith mar chuid de seo.

Maidir le spásanna áineasa éighníomhacha sa bhreis a sholáthar ar fhaiche an bhaile, d’fhéadfadh sé seo deiseanna a chruthú chun taitneamh a bhaint as Mainistir Mhuire agus Séipéal Naomh Mochta.

Bhainfeadh an sráidbhaile tairbhe as bonneagar bus feabhsaithe bheith ann lena n-áirítear scáthlán agus áit suí.

## 11.10 Cuspóirí Beartais

Tá na Cuspóirí Beartais leagtha amach thíos mar bhreis ar iadsan atá sa Ráiteas Scríofa de Imleabhar 1 de Phlean Forbartha an Chontae. D’fhonn athrá a sheachaint ní dhearfar na Cuspóirí Beartais arís ach amháin nuair atá baint faoi leith acu leis an lonnaíocht.

Ba cheart iad seo a léamh in éineacht leis na Cuspóirí Beartais mar sin agus Caighdeáin Forbartha is Treoir atá leagtha amach in Imleabhar 1 de Phlean Forbartha an Chontae.

### 11.10.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 1** | Tacú le ról Shráidbhaile Lú trí fhorbairt a éascú a chuirfidh le carachtar an tsráidbhaile, agus a chuirfidh feabhas agus a bheidh ag teacht le cáilíocht thimpeallacht mhealltach thógtha agus nadúrtha an tsráidbhaile**.** |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 2** | Cur i bhfeidhm chroístraitéis Phlean Forbartha an Chontae a dhaingniú, chomh fada agus atá sé seo indéanta, trína chinntiú nach sárófar an leithdháileadh tithíochta i gcomhair Sráidbhaile Lú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 3** | Tacú le agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt chónaithe ar thailte tearcúsáidte agus/nó ar thailte folmha lena n-áirítear láithreacha 'inlíonta' agus 'athfhorbraíochta', ar an gcoinníoll go mbeidh an dearadh agus an leagan amach ar ardchaighdeán. |

### 11.10.2 Geilleagar agus Fostaíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 4** | A chinntiú go mbeidh tús áite ag lár an tsráidbhaile mar láthair ar a dtógtar forbairtí tráchtála, miondíola agus úsáide measctha agus ar an gcaoi seo deiseanna a chruthú chun maireachtáil, oibriú agus siopadóireacht a dhéanamh laistigh den sráidbhaile chomh maith le laghdú a dhéanamh ar an ngá le taisteal i gcarr príobháideach. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 5** | Tacú le soláthar áiseanna comhoibrithe ag Mol Pobail Shráidbhaile Lú. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 6** | Spreagadh a thabhairt maidir le foirgnimh fholmha sa lonnaíocht a chur in úsáid arís i slí a chuireann le scála agus carachtar an tsráidbhaile mar atá. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 7** | Tacú le forbairt turasóireachta inbhuanaithe i Sráidbhaile Lú agus í a chur chun cinn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 8** | Tacú le soláthar conair oidhreachta agus é seo a chur chun cinn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 9** | Tacú le himeachtaí agus féilte éagsúla agus iad a chur chun cinn. |

### 11.10.3 Bonneagar

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 10** | Bheith i gcomhairle le hUisce Éireann agus tacú leo a ndícheall a dhéanamh chun seirbhísí uisce a dhóthain a sholáthar le freastal ar riachtanais fhorbartha Shráidbhaile Lú laistigh de thréimhse an Phlean. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 11** | Tacú leis na saoráidí poiblí, pobail agus spóirt atá ann cheana agus le haon cheann sa bhreis a sholáthar. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 12** | Tacú le cur chun cinn agus seachadadh tograí pobail agu sóisialta |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 13** | A chinntiú go seachnófar úsáidí talún nó forbairt atá aitheanta mar 'fhorbairt fhíor-leochaileach' i dTábla 3.1 de *'An Córás Pleanála agus Treoirlínte maidir le Bainistiú Riosca i gCás Tuilte (2009)'* ar thailte atá i mbaol tuilte agus nuair nach bhféidir forbairt ar thuilemhánna a sheachaint, go dtógfar cur chuige seicheamhach maidir le bainistiú riosca i gcás tuilte bunaithe ar sheachaint, laghdú agus dul in oiriúint do riosca. |

## 11.10.4 Gluaiseacht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 14** | Cur chun cinn agus éascaíocht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheabhsú cosán, trasrianta coisithe agus bearta moillithe tráchta a thugann tús áite do choisithe agus a fheabhsaíonn sábháilteacht ar bhóithre. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 15** | Cabhrú le soláthraithe seirbhíse bonneagar bus sa bhreis a chur ar fáil sa sráidbhaile. |

## 11.10.5 Oidhreacht Thógtha agus Nadúrtha

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 16** | Saintréithe ar leith agus suíomh Sráidbhaile Lú a chosaint agus a fheabhsú, lena n-áirítear an Crios de Sheandálaíocht Féideartha atá ann, gnéithe seandálaíochta agus eilimintí dá oidhreacht thógtha agus nadúrtha. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 17** | Caomhnú crainn shuntasacha agus fálta sceach a chur chun cinn lena n-áirítear iadsan aitheanta ar an Leárscáil Ilchodach agus chun na crainn seo a bhainistiú de réir sárchleachtais crannadóireachta. |

## 11.10.6 Dearadh Uirbeach agus Réimse Poiblí

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 18** | Úsáid an mhaoinithe atá ar fáil a chur chun cinn agus tacú leis agus cur i bhfeidhm aon tionscadal nó scéimeanna a bhfuarthas maoiniú dóibh agus a d'fhéadfadh Sráidbhaile Lú a fheabhsú agus a athnuachan. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 19** | Cosaint a dhéanamh ar charachtar an tSráidbhaile agus é a fheabhsú trí choinníoll a leagadh síos go gcaithfidh airde, scála, dearadh, agus ábhair d'aon fhorbairt meas a léiriú ar thábhacht seandálaíochta an tSráidbhaile agus nach mbaineann sé de shuaithinseacht na háite. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 20** | Bheith ag iarraidh na sráideanna agus spásanna laistigh de Shráidbhaile Lú a fheabhsú trí fheabhsúcháin a dhéanamh sa réimse poiblí. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 21** | Féachaint chuige go soláthrófar pointí isteach agus amach ainmnithe chuig carrchlós an tSéipéil in éineacht le feabhsú a dhéanamh sa réimse phoiblí, lena n-áirítear tírdhreachú crua agus bog a sholáthar agus saothar ealaíne poiblí a sheachadadh. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **LOU 22** | Feabhsú sa réimse poiblí a dhéanamh ar Fhaiche an Bhaile d'fhonn deiseanna le haghaidh caitheamh aimsire éighníomhach a mhéadú agus le gur féidir taitneamh a bhaint as Mainistir Mhuire agus Séipéal Naomh Mochta. |

PLEAN FORBARTHA CHONTAE LÚ 2021-2027

# Ó Méith

## IMLEABHAR 2

## BAILTE BEAGA AGUS SRÁIDBHAILTE

## COMHDHLÚITE

# 12. Ó MÉITH

## 12.1 Comhthéacs/Carachtar

Is sráidbhaile tuaithe cois farraige é Ó Méith suite 6km ó thuaidh de Chairlinn, 10km ó dheas den Iúr agus 3km ón teorainn le Tuaisceart Éireann. Tá sé suite ar leithinis an Chuaille, ar bhruach dheas Loch Cairlinn. Tá an lonnaíocht timpeallaithe le tírdhreacha drámatúla le cósta an Loch Cairlinn agus le radhairc fhairsinge ar na Beanna Boirche ar a thaobh thoir agus Sléibhte an Chuaille agus Sliabh Féa ar a thaobh thiar. Tá an sráidbhaile suite laistigh de cheantar ainmnithe mar Cheantar ar Ardchaighdeán Scéimhe (CAS).

Is lonnaíocht fhada líneach é Ó Méith, a d'fhorbair go príomha ar bhóthar réigiúnach an Ghrianfoirt-an Iúir (R173). Tá an sráidbhaile ina dhá chuid: 'lárionad tráchtála' ag acomhal an R178/ Bóthar an Stáisiúin agus 'lárionad cathartha' i dtreo cheann deisceartach an tsráidbhaile. Tá roinnt foirgneamh atá ina séadchomharthaí suite laistigh den lonnaíocht, rud a chabhraíonn le carachtar an tsráidbhaile a shainmhíniú; ina measc tá teach tábhairne Howe, Teach Bhaile Átha Cliath, Teach an Radhairc Álainn agus Teach Geata Nucella.

**Tábla 12.1: Léargas Ginearálta ar an Lonnaíocht**

| Léargas Ginearálta ar an Lonnaíocht – Ó Méith | |
|---|---|
| **A Áit in Ordlathas na Lonnaíochta** | Sráidbhaile |
| **An Daonra i 2016** | 603 |
| **An Daonra i 2011** | 503 |
| **Athrú Céatadáin 2011-2016** | 19.9% |
| **Stoc Foirgneamh 2016** | 339 |
| **Aonaid Chónaithe ceadaithe ó 2015** | Gan aon ghníomhaíocht forbartha le tamall anuas |
| **Saoráidí Oideachais** | Scoil Naomh Lorcan (sráidbhaile) agus Scoil Naomh Bríd (Ardachadh) |
| **Saoráidí Pobail** | Lárionad na Croimleice, páirc aeraíochta Ó Méith, stáisiún na nGardaí, Gaeil Chúchulainn |
| **Ceantair Caomhnaithe Ailtireachta (CCA)** | Gan aon cheann ann |
| **Struchtúir faoi Chosaint** | 12 |
| **Crios de Sheandálaíocht Féideartha (ZAP)** | Níl |
| **Radhairc agus Radhairc Áille** | Níl |
| **In Aice le Suíomh Eorpach** | Bruach Loch Cairlinn SAC |

| Léargas Ginearálta ar an Lonnaíocht – Ó Méith | |
|---|---|
| **Measúnú Straitéiseach ar Bhaol Tuiltí** | Tá criosanna Tuilte A agus B suite ar thalamh atá suite feadh Abhann Réileán agus ar thailte cois cósta.<br>An riosca i gcás tuilte agus forbairt a bhainistiú de réir na gCuspóirí Beartais mar a leagtar amach iad in Iml. 1 Caibidil 10: Bonneagar agus Fóntais Phoiblí. |
| **Bonneagar/Toilleadh Seirbhísí Uisce** | Tá Ó Méith suite laistigh de Chrios Acmhainn Uisce de chuid Chnoc an Chabháin agus Chontae Lú Thuaidh, áit a bhfuil toilleadh ann agus é seo á scríobh.<br>Níl toilleadh ar bith i gCóras Cóireála Fuíolluisce Ó Méith agus é seo á scríobh. Sa bhliain 2019, tugadh cead le haghaidh ionad cóireála fuíolluisce nua, agus tógáil le tosú sa cheathrú ráithe de 2020, ag braith ar mhaoiniú. |

## 12.2 Deiseanna

- Leas a bhaint as suíomh straitéiseach Ó Méith ar Ghlasbhealach Mór an Oirthir.
- Mol dinimiciúil agus solúbtha a chruthú sa sráidbhaile.
- Sainmhíniú as an nua a dhéanamh ar chroílár an tsráidbhaile. Breithneofar é seo i dtaca leis an tosaíocht a thugtar do choisithe agus do rothaithe a mhéadú agus naisc le Glasbhealach Mór an Oirthir, laghdú ar cheannas an R173, agus feabhsúcháin a dhéanamh sa réimse poiblí.

## 12.3 Lonnaíocht agus Tithíocht

I é an aidhm atá ag an Straitéis úsáide talún d'Ó Méith ná a shuíomh sléibhtiúil cois cósta a chosaint trí fhorbairt a chomhdhlúthú laistigh den lorg atá ann cheana.

Ag deireadh na 1990idí agus go luath sna 2000idí bhí an-tóir ar fhorbairt chónaithe in Ó Méith, am ar tharla forbairt laistiar de lár an tsráidbhaile i dtreo na sléibhte.

Le blianta beaga anuas, tá srian curtha ar fhorbairt laistigh den lonnaíocht de dheasca fadhbanna toillte ag an gCóras Cóireála Fuíolluisce Ó Méith.

Ba léir ó dhaonáireamh 2016 go raibh 13.9% d'áitribh chónaithe folamh ar oíche an daonáirimh.

Ba é seo an dara ráta folúntais b'airde d'aon lonnaíocht sa Chontae agus is comhartha é de líon na n-áiteanna cónaithe tánaisteacha/ na dtithe saoire atá lonnaithe sa sráidbhaile agus cé chomh tarraingteach is atá Ó Méith mar áit saoire.

## 12.4 Geilleagar agus Fostaíocht

Aithnítear Ó Méith mar lárionad miondíola ar Leibhéal 4 in Ordlathas Tráchtála an Chontae. Tá aonaid tráchtála, mhiondíola, agus seirbhísí tráchtála suite go príomha i lár an tsráidbhaile agus ina measc tá stáisiúin pheitril, ollmhargadh, siopa poitigéara, oifig an phoist, gruagairí, óstáin, teach tábhairne agus bialanna.

Is é an cóimheas poist: lucht oibre in Ó Méith ná 0.38, rud a léiríonn bunús lag fostaíochta agus a chuireann iachall ar fhormhór na gcónaitheoirí taisteal lasmuigh den lonnaíocht i gcomhair fostaíochta.

Tá cáil ar Ó Méith le fada mar lárionad turasóireachta go háirithe do dhaoine ar thurais lae agus laethanta saoire carbhán.

Tá sé suite go straitéiseach ar Ghlasbhealach Mór an Oirthir.

Is áis thábhachtach é an Glasbhealach i bhforbairt an tsráidbhaile mar áit saoire.

Tá deis ann an nascacht idir an nGlasbhealach agus lár an sráidbhaile a fheabhsú trí tírdhreachú agus feabhsúcháin sa réimse poiblí.

Meastar go bhfuil ceantar na cé sa sráidbhaile mar áit oiriúnach do chorrthrádáil agus imeachtaí sóisialta agus pobail, agus d'fhéadfaí níos mó cuairteoirí a mhealladh dá bharr seo.

An líon teoranta de dheiseanna fostaíochta atá ann, tá siad le fáil sna hearnálacha scoile, tráchtála agus fáilteachais.

Glactar leis go bhfuil slite beatha áirithe ann atá níos oiriúnaí i dtaca le fostaithe a bheith ag obair ó chian. Thabharfadh saoráidí comhoibrithe agus mol digiteach ag Teach Bhaile Átha Cliath solúbthacht do ghnólachtaí, laghdódh sé astaíochtaí carbóin agus d'fheabhsódh sé caighdeán na beatha trí laghdú ar an ngá le turas chun na hoibre a dhéanamh. D'fhéadfadh soláthair saoráide mar seo a thuilleadh infheistíochta eacnamaíocha a spreagadh.

## 12.5 Bonneagar Seirbhísí Uisce

Is é an bonneagar seirbhísí uisce seo a leanas a dhéanann freastal ar Ó Méith:

Uisce: Tá Ó Méith suite laistigh de Chrios Acmhainne Uisce de chuid Chnoc an Chabháin agus Tuaisceart Lú, áit a bhfuil toilleadh agus é seo á scríobh.

Fuíolluisce: Níl toilleadh ar bith sa Chóras Cóireála Fuíolluisce Ó Méith agus é seo á scríobh. Sa bhliain 2019, tugadh cead i gcomhair ionad cóireála fuíolluisce nua, agus tógáil le tosú sa cheathrú ráithe de 2020, ag braith ar mhaoiniú.

## 12.6 Gluaiseacht

Tá Ó Méith suite ar an R173, suíomh a nascann an sráidbhaile leis an Iúr, Cairlinn, agus Dún Dealgan. Baineann an sráidbhaile leas as seirbhís bhus phoiblí go Dún Dealgan agus an Iúr, a ritheann 4 huaire sa lá.

Cuirfear le seo trí líon teoranta de sheirbhísí breise soláthraithe ag oibreoirí príobháideacha. Bheadh sé chun leasa an tsráidbhaile bonneagar bus feabhsaithe bheith ann lena n-áirítear scáthlán agus áit suí.

Tá forlámhas ag an mbóthar réigiúnach agus é ag dul trí chroílár na lonnaíochta líní agus bíonn coimhlint idir feithiclí bóthair agus coisithe dá bharr.

D'fhonn sláinte shóisialta agus eacnamaíoch a chur chun cinn tá gá le forlámhas an bhóthair réigiúnaigh a laghdú agus tosaíocht níos mó a thabhairt do choisithe agus do rothaithe.

Tá Ó Méith suite go straitéiseach ar Ghlasbhealach Mór an Oirthir, agus as céimeanna níos deireanaí den togra seo tiocfaidh nasc do choisithe agus do rothaithe le lár an Chairlinn, an teorainn agus faoi dheireadh le Loch Victoria i dTuaisceart na hÉireann.

Beidh nasc níos fearr ann le saoráidí pobail amhail na páirceanna imeartha agus laghdú an spleáchas ar an gcarr príobháideach a bhuí le soláthar cosáin sa bhreis agus soilsiú ar fud an tsráidbhaile. Taobh ó dheas den sráidbhaile, sruthaíonn an Abhainn Réileán isteach i Loch Cairlinn. Tá slí isteach ar Ghlasbhealach Mór an Oirthir ag an bpointe seo freisin.

Éascóidh stráice bruachánach 10m ar fhad ar an dá bhruach an abhainn a fhorbairt mar áis áineasa amach anseo.

Tá an fhéidearthacht ann naisc leis an abhainn a fhorbairt trí leas a bhaint as tailte neamhfhorbartha atá ann cheana. Glactar leis go bhfuil oibreacha athnuachana chuimsitheacha de dhíth in Ó Méith, lena n-áirítear uasghrádú a dhéanamh ar an mbóthar agus na cosáin a théann trí lár an tsráidbhaile chomh maith le bearta moillithe tráchta a chur isteach. Ní fhéadfaí na hoibreacha seo a dhéanamh gan oibreacha camrais a bheith curtha isteach roimh ré, rud a d'fhéadfaí tarlú feadh an bhealaigh seo.

## 12.7 Oidhreacht Nadúrtha agus Thógtha

Tá oidhreacht nadúrtha líne chladaigh an Ó Méith agus Sléibhte an Chuaille cosanta faoi reachtaíocht náisiúnta agus Eorpach. Tá cladach an Ó Méith suite laistigh de Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SfCS). Tá an sráidbhaile féin suite i gCeantar ar Ardchaigheán Scéimhe (CAS).

Tá 12 Struchtúir faoi Chosaint laistigh de theorainneacha an tsráidbhaile mar a leagtar amach i dTábla 12.2 agus tá suíomhanna na struchtúr seo léirithe ar an Leárscáil Ilchodach d'Ó Méith. Tá líonra de chlampa crann agus fálta sceach in Ó Méith a aithnítear go bhfuil luach taitneamhachta faoi leith acu, agus tá a suíomhanna marcáilte ar an Leárscáil Ilchodach den sráidbhaile.

**Tábla 12.2: Struchtúir faoi Chosaint in Ó Méith**

| Uimhir Aitheantais | Ainm |
|---|---|
| LHS 002-001 | (Iar-) Séipéal Naomh Aindriú 1838 |
| LHS 002-004 | (Iar-) Scoil Náisiúnta Naomh Aindriú c.1840 |
| LHS 002-005 | Páirc Omra Droim Mullaigh c.1800 |
| LHS 005-001 | Iar-theach garda cósta c.1800 |
| LHS 005-002 | Iar-theach garda cósta c.1800 |
| LHS 005-003 | Iar-theach garda cósta c.1800 |
| LHS 005-004 | Iar-theach garda cósta c.1800 |
| LHS 005-066 | Teach Radharc an Chuain c.1800 |
| LHS 005-067 | Teach an Radhairc Áille c.1740 |
| LHS 005-068 | Teach Geata Nucella c.1840 |
| LHS 005-069 | Villa Oberon c.1880 |
| LHS 005-072 | Halla Forrester |

## 12.8 Bonneagar Sóisialta

Tá réimse seirbhísí in Ó Méith, lena n-áirítear *inter alia*: siopaí, tithe tábhairne, bialanna agus caiféanna, Ionaid Mearbhia, óstán, stáisiún peitril mar aon le séipéal, bunscoileanna, ionad pobail, páirc carbhán, clós súgartha agus páirceanna imeartha, naíolann, oifig an phoist agus comhar creidmheasa. Tá páirceanna imeartha ann, agus iad ina fhód dúchais do Chlub Cumann Lúthchleas Gael darb ainm Na Gaeil Chúchulainn, atá suite ar an dtaobh ó dheas den sráidbhaile.

## 12.9 Dearadh Uirbeach agus an Réimse Poiblí

Is córas mhaoinithe é an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte a dearadh chun beocht nua a chur i mbailte faoin tuath agus i sráidbhailte ar fud na hÉireann. I measc na dtionscnamh atá incháilithe don scéim seo tá feabhsúcháin chomhshaoil agus tionscnaimh sa réimse poiblí, amhail uasghrádaithe ar spásanna cathartha, agus infheistiú i dtroscán sráide, i gcosáin, agus i rotharbhealaí. Tacóidh an Plean seo le haon iarratas maoinithe faoin scéim seo nó scéimeanna cosúil léi chuirfeadh feabhas ar an réimse poiblí, an timpeallacht thógtha, agus an cáilíocht timpeallachta in Ó Méith.

D'aithin Ráiteas Dearaidh maidir le Sráidbhaile Ó Méith 2013 roinnt áiteanna a bhainfeadh leas as feabhsúcháin sa réimse poiblí. Cuimsíonn sé seo oibreacha ar R173/acomhal Bhóthar an Stáisiúin, ar an gCé, Bhóthair an Chladaigh agus ar an gceantar timpeall Theach Bhaile Átha Cliath.

Bainfidh cónaitheoirí agus cuairteoirí tairbhe as na hoibreacha seo trí athnuachan a chur chun cinn, an timpeallacht agus cuma an tsráidbhaile a fheabhsú chomh maith le trácht a mhoilliú. Lena chois sin, táthar ag súil go spreagfadh nasc níos mó idir an nglasbhealach agus an sráidbhaile a thuilleadh daoine chun stopadh ann cuairt a thabhairt air le féachaint thart, rud a thabharfaidh buntáistí sóisialta agus eacnamaíocha chuig Ó Méith.

## 12.10 Cuspóirí Beartais

Tá na Cuspóirí Beartais leagtha amach thíos mar bhreis ar iadsan atá sa Ráiteas Scríofa de Imleabhar 1 de Phlean Forbartha an Chontae. D'fhonn athrá a sheachaint ní dhearfar na Cuspóirí Beartais arís ach amháin nuair atá baint faoi leith acu leis an lonnaíocht.

Ba cheart iad seo a léamh in éineacht leis na Cuspóirí Beartais mar sin agus Caighdeáin Forbartha is Treoir atá leagtha amach in Imleabhar 1 de Phlean Forbartha an Chontae.

### 12.10.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTH 1** | Tacú le ról Ó Méith trí fhorbairt a éascú a chuirfidh le carachtar an tsráidbhaile, agus a chuirfidh feabhas agus a bheidh ag teacht le cáilíocht thimpeallacht thógtha agus nadúrtha an tsráidbhaile**.** |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTH 2** | Cur i bhfeidhm chroístraitéis Phlean Forbartha an Chontae a dhaingniú, chomh fada agus atá sé seo indéanta, trína chinntiú nach sárófar an leithdháileadh tithíochta i gcomhair Ó Méith. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTH 3** | Tacú le agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt chónaithe ar thailte tearcúsáidte agus/nó ar thailte folmha lena n-áirítear láithreacha 'inlíonta' agus 'athfhorbraíochta', ar an gcoinníoll go mbeidh an dearadh agus an leagan amach ar ardchaighdeán. |

### 12.10.2 Geilleagar agus Fostaíocht

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTH 4** | Tacú le forbairt turasóireachta inbhuanaithe agus í a chur chun cinn in Ó Méith. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTH 5** | Obair i gcomhair leis na húdaráis atá taobh le Ó Méith lena n-áirítear an tlúr, Na Beanna Boirche agus Comhairle Ceantar an Dúin chun síntí a chur le bealaí spaisteoireachta agus rothaíochta agus cinn nua a dhearadh, leithéid Ghlasbhealach Mór an Oirthir agus a chinntiú go mbeidh breithmheas ar thionchair chomhshaoil mar chuid de gach togra agus go gcuirfear go hiomlán san áireamh an fhéidearacht maidir le drochthionchair ar Láithreacha Eorpacha trí phróiseas na Treorach maidir le Scagadh a dhéanamh ar Mheasúnú Gnáthóga. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTH 6** | Cur le soláthar áiseanna comhoibrithe agus mol digiteach ag Teach Bhaile Átha Cliath. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTH 7** | Tacú le himeachtaí agus féilte chomh le hiad a chur chun cinn. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTH 8** | Spreagadh a thabhairt maidir le foirgnimh fholmha sa lonnaíocht a chur in úsáid arís i slí a chuireann le scála agus carachtar an tsráidbhaile mar atá. |

### 12.10.3 Bonneagar

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTH 9** | Bheith i gcomhairle le hUisce Éireann agus tacú leo a ndícheall a dhéanamh chun seirbhísí uisce sásúla a sholáthar le freastal ar riachtanais fhorbartha Ó Méith laistigh de thréimhse an Phlean. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTH 10** | Tacú leis na saoráidí poiblí, pobail agus spóirt atá ann cheana agus le haon cheann sa bhreis a sholáthar. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
| **OTH 11** | Tacú le cur chun cinn agus seachadadh tograí pobail agus sóisialta. |

| Cuspóir Beartais | |
|---|---|
